AN GRÚPA AERFORT NA **Sionainne**

THE **Shannon** AIRPORT GROUP

DEISEANNA SAN EITLÍOCHT AGUS SA RÉADMHAOIN A MHÚNLÚ








# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS BHLIANTÚLA | 2024

www.snnairportgroup.ie

# ÁBHAIR


4 Ár Scéal
5 Ár bhFís, Misean agus Luachanna
6 Éachtaí agus Tionchar Ghrúpa Aerfort na Sionainne
8 Ráiteas an Chathaoirligh
12 Bheith faoi Bhláth i nDomhan atá ag Athrú: Plean Straitéiseach 2024-2028
14 Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin
20 Deich mBliana d'Fhás agus de Nuálaíocht á Cheiliúradh
26 Foireann Bainistíochta Ghrúpa Aerfort na Sionainne
27 Forléargas Airgeadais ar Ghrúpa Aerfort na Sionainne 2024
28 Bord Stiúrthóirí Ghrúpa Aerfort na Sionainne
30 Bliain d'Fháiltiú agus de Gharspriocanna
34 Leanúint lenár dTuras Inbhuanaitheachta

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITIS AIRGEADAIS**

42 Tuarascáil an Stiúrthóra
45 Tuarascáil Riosca agus Rialachais
57 Ráiteas Fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais
58 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ghrúpa Aerfort na Sionainne cpt
60 Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais
61 Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsithigh Eile
62 Ráiteas Comhdhlúite Staide Airgeadais
63 Ráiteas Cuideachta Staide Airgeadais
64 Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe sa Chothromas
65 Ráiteas Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas
66 Ráiteas Sreafa Airgid Comhdhlúite
67 Ráiteas Sreafa Airgid na Cuideachta
68 Nótaí don Ráiteas Airgeadais

**TUILLEADH EOLAIS**

116 Eolas Ginearálta Gnó
118 Bliain inar Buadh Duaiseanna
122 Léarscáil ar Bhealaí an Aerfoirt - Samhradh 2025




Grianghraf le caoinchead Martin Smith

# ÁR SCÉAL

Tá bród ar Ghrúpa Aerfort na Sionainne Aerfort na Sionainne a bheith faoina úinéireacht agus a bheith á oibriú aige agus tá punann shuntasach maoine tráchtála á bainistiú aige chomh maith. Mar phríomhspreagthóir eacnamaíoch, táimid tiomanta d'acmhainneacht ár n-aerfoirt agus na tailte agus na maoine máguaird a uasmhéadú, agus inbhuanaitheacht á leabú inár n-oibríochtaí gnó.

Soláthraímid seirbhísí aeir idirnáisiúnta riachtanacha don trádáil agus don turasóireacht agus táimid tiomanta do thimpeallacht tharraingteach inbhuanaithe a chruthú le go n-éireoidh le gnólachtaí. Freastalaíonn Aerfort na Sionainne, an t-aerfort is mó ar Chósta Thiar na hÉireann, ar chinn scríbe sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip, agus cuireann sé Réamh-Imréitigh SAM iomlán ar fáil do phaisinéirí trasatlantacha.

Tá an nuálaíocht i gcroílár ár straitéise gnó agus, lenár dtiomantas leanúnach do shármhaitheas, tá Grúpa Aerfort na Sionainne chun tosaigh i dtreo todhchaí níos gile dár bpaisinéirí, fostaithe agus pobail a bhaint amach. Cuireann ár bhfoirne tiomnaithe san Eitlíocht agus sa Mhaoin Tráchtála ár misean chun cinn ar bhonn leanúnach, ag seasamh lenár n-oidhreacht nuálaíochta agus lenár dtiomantas don inbhuanaitheacht ar fud Aerfort na Sionainne, Pháirc Ghnó Aerfort na Sionainne agus ár maoine eile.





## ÁR BHFÍS

Dul chun cinn a dhéanamh chun áit rathúil, chónasctha a fhorbairt.

## ÁR MISEAN

Táimid anseo chun slite beatha inbhuanaithe a fhorbairt chomh maith le geilleagar bríomhar dár ndaoine agus réigiún, ach deiseanna i gcúrsaí eitlíochta agus réadmhaoine a mhúnlú.

## ÁR LUACHANNA

**DAOINE**

Is gné ríthábhachtach dár rath mar Ghrúpa tacú lenár ndaoine agus iad a chumasú. Is dlúthchuid dínn ár saineolas, ár gcarachtar agus ár bpaisean, agus an bealach

Bun agus barr an scéil maidir le comhpháirtíocht ná bheith ag obair as lámha a chéile ar mhaithe le leas an phobail. Is é a ligeann dúinn barr feabhais a bhaint amach agus deiseanna

**BRÓD**

Spreagann ár n-éachtaí san am atá thart muid chomh maith leis na pobail a d'fhorbraíomar le chéile. Mar Ghrúpa, léirímid ár mbród trínár gcaidreamh le custaiméirí, agus straitéis inbhuanaithe á forbairt againn a chinntíonn go dtéann ár réigiún ó neart go neart.

Bogaimid ar aghaidh, agus muid ag teacht le chéile mar Ghrúpa amháin. Cinntíonn ár meon fíordhearfach agus ár bhfócas ar an todhchaí go mbeimid ar thús cadhnaíochta maidir le rath ár réigiúin.

AN GRÚPA AERFORT NA **Sionainne**
THE **Shannon** AIRPORT GROUP

# ÉACHTAÍ AGUS TIONCHAR GHRÚPA AERFORT NA SIONAINNE

**2.1m paisinéir in 2024**
+7% VS. 2023

**Os cionn 30,000 Gluaiseacht Eitilte in 2024**
+6.7% VS. 2023

**An tAerfort is Fearr in Éirinn.**

**21 Feithicil Leictreach**

**Os cionn 20,000 post**
tacaithe ag gníomhaíochtaí an Ghrúpa

**Iarratas pleanála** 105,000 troigh chearnach don chéad chéim eile den fhorbairt ag Páirc Ghnó Aerfort na Sionainne

**#1 sa taisteal** le haghaidh sármhaitheasa in eispéireas an chustaiméara



*Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla* | **2024**

REDC **Branda an aerfoirt is fearr**
in Innéacs Freagartha Branda RED C x (BRII) 2024

**Os cionn 16,500 tona lasta**

**Laghdú 15-20%**
ar riachtanais leictreachais an Aerfoirt nuair a críochnófar an fheirm Ghréine PV

**Bailíodh €100,000** do charthanacht in 2024

**100,000 troigh chearnach de**
maoine tráchtála nua ar léas in 2024

**Tionchar** eacnamaíoch €4 bhilliún an Ghrúpa

**Os cionn 300 Cuideachta**
ag fostú os coinn 10,000 duine ag Páirc Ghnó Aerfort na Sionainne

AN GRÚPA AERFORT NA **Sionainne**

THE **Shannon** AIRPORT GROUP

## RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Grianghraf le caoinchead Martin Smith



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

**CONAL HENRY**
**CATHAOIRLEACH**

Rinne Grúpa Aerfort na Sionainne dul chun cinn suntasach in 2024, faoi cheannaireacht eiseamláireach ár POF agus tiomantas gan staonadh na foirne, ach ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar chomhthéacs níos leithne thírdhreach eitlíochta na hÉireann. Cruthaíodh pointe aonair teipe mar gheall ar an bhfás tapa gan bhainistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus an t-aerfort ag feidhmiú go seasta ag nó thar acmhainn. Mar gheall ar an róspleáchas sin ar aerfort amháin nochtar an Stát do leochaileacht shuntasach eacnamaíoch agus cuirtear bac leis ar fhorbairt réigiúnach fhiúntach, ar iomaíocht, agus ar dháileadh cothrom tairbhí eacnamaíocha.

Tá an éagothroime follasach: Láimhseálann Aerfort Bhaile Átha Cliath 84% de thrácht aerfoirt na hÉireann, agus tá díreach os cionn 5% den trácht i gceist le hAerfort na Sionainne, a fhreastalaíonn ar dhobharcheantar ina bhfuil 38% den daonra náisiúnta. Úsáideann os cionn 5 mhilliún paisinéir Aerfort Bhaile Átha Cliath in aghaidh na bliana in ainneoin go bhfuil siad níos gaire don tSionainn, rud a chuireann le fadhbanna acmhainne i mBaile Átha Cliath.

Tá idirghabháil an Rialtais ríthábhachtach chun forbairt réigiúnach chothrom a chinntiú. Tá Aerfort na Sionainne ina phríomhghné den réiteach náisiúnta, trí athléimneacht agus teagmhasacht a chur ar fáil don chóras eitlíochta ar an iomlán. Le cumas mór neamhréadaithe, d'fhéadfadh Aerfort na Sionainne freastal go héasca ar 3 mhilliún paisinéir breise agus tá an acmhainneacht aige fás níos mó fós gan ach athruithe bonneagair íosta a bheith le déanamh. é ár saoráid uathúil le haghaidh Réamh-Imréiteach Custaim agus Cosanta Teorann SAM, rud a éascaíonn bealaí díreacha nua chuig breis agus 160 aerfort SAM.

Ní bhaineann sé sin le teorainn a chur ar Aerfort Baile Átha Cliath; baineann sé le leas a bhaint as ár ngréasán aerfort náisiúnta ar fad agus cuid den bhrú tráchta atá ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi láthair a mhaolú.

Fáiltím roimh ghealltanas an Rialtais i gClár an Rialtais maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Náisiúnta Eitlíochta. Theip ar an mbeartas reatha a bhí ann roimh Thionscadal Éire 2040 aghaidh a thabhairt ar an éagothroime shuntasach sa tírdhreach eitlíochta.

Léirítear le taighde nach dócha go mbainfear athchothromú spáis amach gan idirghabháil. Léirítear le staidéar Eorpach go bhfuil buntáistí eacnamaíocha níos fearr ag baint le trácht a scaipeadh chuig aerfoirt réigiúnacha. Ní foláir go dtacóidh beartas an Rialtais ar bhonn práinneach leis an aistriú sin go sochaí ísealcharbóin tríd an acmhainneacht atá ann cheana a bharrfheabhsú ag gach aerfort stáit.

I gcomhthráth leis sin, ní mór dúinn naisc iompair fheabhsaithe go dtí Aerfort na Sionainne a bheith againn agus ba chóir don Rialtas tús áite a thabhairt do leathnú suntasach a dhéanamh ar an mbonneagar iompair, lena n-áirítear amlíne a shocrú chun nasc díreach iarnróid go hAerfort na Sionainne a fhorbairt agus a sholáthar. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil láithreach do sheirbhís bus na Sionainne a sholáthraíonn seirbhísí rialta, díreacha iontaofa do chathracha móra agus do bhailte móra an réigiúin. Le naisc láidre iontaofa iompair, beidh an tSionainn níos inrochtana agus níos iomaíche, rud a thacóidh go hiomlán lena fás.

Mar fhocal scoir, tá Aerfort na Sionainne réidh le ról lárnach a bheith aige in athchothromú thírdhreach eitlíochta na hÉireann, an brú tráchta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mhaolú agus forbairt réigiúnach chothromaithe a sholáthar. Iarraimid ar an Rialtas nua gníomhú go cinntitheach chun todhchaí eitlíochta inbhuanaithe agus athléimneach a chinntiú d'Éirinn.

**Conal Henry**
**Cathaoirleach,**
**Grúpa Aerfort na Sionainne**



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla | 2024



# BHEITH FAOI BHLÁTH I NDOMHAN ATÁ AG ATHRÚ: PLEAN STRAITÉISEACH 2024-2028

Leagtar amach le Plean Straitéiseach Ghrúpa Aerfort na Sionainne 2024-2028 na boinn don Ghrúpa chun deiseanna a thapú, ag baint leas as ár mbonneagar agus ár láidreachtaí.

## IS É ÁR N-AIDHM:

- Bheith mar "Rogha Aerfort na hÉireann maidir le Nascacht agus Gnó"
- Páirc Ghnó Aerfort na Sionainne a shuíomh mar phríomhpháirc ghnó na hÉireann
- Ár spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach agus tacú le cur chun feidhme bheartas an Rialtais.

## ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

- Feidhmíocht Tráchtála a Chur Chun Cinn.
- Infheistíocht i gcúrsaí Réadmhaoine agus Bonneagair ar mhaithe le Fás
- Barrfheabhas a bhaint amach in Oibríochtaí
- Ár nDaoine a Chumasú
- Croíthe agus Aigní a Mhealladh



*Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla* | **2024**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Feidhmíocht Tráchtála a Chur Chun Cinn. | Nascacht a Choinneáil agus a Fhás | Brabús Leordhóthanach a Ghiniúint chun Infheistíocht a Chiste | Straitéis Maoiniúcháin Inbhuanaithe a Chur Chun Feidhme | Comhpháirtíochtaí Ionchasacha a Chothú |
| Infheistíocht i gcúrsaí Réadmhaoine agus Bonneagair ar mhaithe le Fás | Bonneagar Aerfoirt Oiriúnach don Fheidhm a Chinntiú | Maoin Tráchtála Inbhuanaithe a Thógáil | | |
| Barrfheabhas sna hOibríochtaí | Táirgiúlacht a Fheabhsú | Timpeallacht Oibre a bheidh Slán Sábháilte, Rialáilte agus Comhlíontach a Chinntiú | Ár nOibríochtaí a Ghlasú | |
| Ár nDaoine a Chumasú | Cultúir Úinéireachta agus Cuntasachta a Chothú | Tallann a Mhealladh, a Choinneáil agus a Fhorbairt | Fostaithe a Mhealladh agus a Spreagadh | |
| Croíthe agus Aigní a Mhealladh<br>*Meon láidir fostaithe, custaiméirí agus páirtithe leasmhara* | Á Dhéanamh Éasca dár gCustaiméirí | Comhoibriú le Príomhpháirtithe Leasmhara | | |

AN GRÚPA AERFORT NA **Sionainne**

THE **Shannon** AIRPORT GROUP

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN



Grianghraf le caoinchead Martin Smith



# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

**MARY CONSIDINE**
**PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN**

### SPRIOC FÁIS PAISINÉIRÍ A SHÁRÚ

Ba bhliain dhearfach eile í 2024 do Ghrúpa Aerfort na Sionainne. Táim sásta le feidhmíocht láidir an Ghrúpa. Le linn na bliana, mhéadaíomar ár dtairiscint seirbhíse, neartaíomar ár nascacht agus chuireamar feabhas ar an eispéireas taistil dár bpaisinéirí, agus cheiliúramar roinnt garspriocanna tábhachtacha ar an mbealach.

Sháraíomar ár sprioc fáis paisinéirí ag Aerfort na Sionainne, ag cur fáilte roimh os cionn 2.1 milliún paisinéir, an líon b'airde paisinéirí le cúig bliana déag agus méadú 7% ar 2023.

Léirítear leis an ngarsprioc fáis sin ról lárnach an aerfoirt in earnáil eitlíochta na hÉireann, agus bhí an rath in 2024 spreagtha ag feidhmíocht láidir ar fud ár 33 bealach chuig 11 tír le bealaí nua agus acmhainn mhéadaithe. Le breis agus 200,000 suíochán breise ar chinn scríbe Eorpacha, na Ríochta Aontaithe agus SAM le linn 2024, treisíodh nascacht, turasóireacht agus taisteal gnó. Chonaiceamar méaduithe ar thrácht paisinéirí sna príomh-mhargaí go léir. Tháinig méadú 16% go 870,000 ar thrácht Mhór-roinn na hEorpa; tháinig méadú 0.2% go 839,000 ar thrácht na Ríochta Aontaithe agus tháinig méadú 12% go 332,000 ar líon na bpaisinéirí trasatlantacha.

Tá seirbhísí trasatlantacha ag Aerfort na Sionainne fós ina gcloch choirnéil dár dtairiscint do chustaiméirí, agus bhí feidhmíocht láidir in 2024 arís nuair a cuireadh fáilte roimh sheirbhís Delta in JFK Nua-Eabhrac, rud a chuir le seoladh rathúil sheirbhís laethúil Chicago de chuid United in 2023. Agus cúig bhealach thrasatlantacha á n-oibriú ag ár gcomhpháirtithe aerlíne luachmhara — Aer Lingus, Delta Air Lines, agus United Airlines — tá Aerfort na Sionainne, lena shaoráid le haghaidh Réamh-Imréiteach éifeachtúil, comhchóras scagtha slándála AE/TSA agus Aip Pasanna Móibíleacha, bunaithe go daingean mar an calafort rochtana trasatlantach roghnach chun na tíre. Leanfaimid orainn ag obair chun an nascacht straitéiseach sin a mhéadú agus chun athléimneacht a sholáthar maidir leis an riosca sistéamach go mbeadh nascacht thrasatlantach ár dtíre comhchruinnithe in aon suíomh amháin.

Lean Ryanair le hacmhainn a mhéadú ag Aerfort na Sionainne agus in 2024 bhí an-áthas orainn cuidiú leis an aerlíne a 20 milliún paisinéir trínár n-aerfort a cheiliúradh. Leis an bhfógra ón Ryanair maidir le seirbhís nua dhá uair sa tseachtain go Maidéara sa Phortaingéil do shamhradh 2025 agus minicíochtaí méadaithe ar ocht mbealach eile ó Aerfort na Sionainne, léirítear méadú foriomlán 17% ar acmhainn na haerlíne don bhuaicshéasúr. Cuireann sé sin tuilleadh lenár ngréasán bealaí agus leanfaimid ag cur leis sin agus ag tairiscint rogha níos mó agus níos mó bealaí dár bpaisinéirí.

### FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS LÁIDIR

Táim sásta leis an bhfeidhmíocht airgeadais láidre a bhí againn in 2024. Tháinig méadú 7.6% ar láimhdeachas 2024 an Ghrúpa ó oibríochtaí leanúnacha i gcomparáid le figiúr 2023 go €73.1 milliún agus thuairiscigh an Grúpa TRÚCDA de €18.3 milliún. Thaifead an Grúpa brabús €25.7 milliún don bhliain (roimh cháin agus míreanna eisceachtúla). Tá an leibhéal brabúsachta sin ina ábhar misnigh, i gcomhar le clár comhardaithe atá ag méadú de €309 milliún ag deireadh na bliana, agus cruthaítear leis bonn láidir dár bpleananna amach anseo. Leis an bhfeidhmíocht sin, tá bonn láidir airgeadais againn chun tabhairt faoin gcéad chéim eile dár straitéis forbartha.

### FORBAIRT DON TODHCHAÍ

Tá ár dtiomantas d'infheistíocht ar fud an Ghrúpa fós daingean. In 2024 d'infheistíomar os cionn €8 milliún i réimse tionscadal, ina measc bhí críochnú ár gcláir suiteála aerdhroichid nua, feabhas ar ár ngeataí bordála aerfoirt, agus roinnt tionscadal um inbhuanaitheacht a dearadh chun ár lorg carbóin a laghdú.

Lean Páirc Ghnó Aerfort na Sionainne, ina bhfuil breis agus 300 cuideachta a fhostaíonn níos mó ná 10,000 duine, ag déanamh go maith mar mhol do FDI agus gnólachtaí dúchasacha in 2024. Bhí ríméad orainn fáilte a chur roimh Frontier Scientific Solutions le déanaí, cuideachta lóistíochta atá bunaithe sna Stáit Aontaithe, atá lonnaithe i mBloc S, ár saoráid ilfheidhmeach nuathógtha. Téann an chuideachta stórála rialaithe teochta agus dáilte cógaisíochta sin ó North Carolina i bpáirt lenár dteaghlach cuideachtaí atá ag fás sa Pháirc Ghnó.

In 2025, tá infheistíocht chaipitil de bhreis agus €30 milliún pleanáilte maidir le tionscadail ar fud an Ghrúpa. I measc na hinfheistíochta pleanáilte sin tá tús a chur le dhá aonad déantúsaíochta ilchuspóireacha nua de 103,000 troigh chearnach ar an iomlán agus saoráid nua T&F 40,000 troigh chearnach. Leis na forbairtí sin, treiseofar ár suíomh mar an príomhshuíomh don nuálaíocht agus d'fhás gnó. Chomh maith leis sin, leanfaimid leis an uasghrádú ar bhonneagar críochfort an aerfoirt, ag díriú ar oibríocht aerfoirt níos éifeachtaí a chruthú agus eispéireas taistil iomlán ár bpaisinéirí á fheabhsú.

### DEICH MBLIANA AG CRUTHÚ TIONCHAR EACNAMAÍOCH DEARFACH

Le linn 2024 rinneamar ar ár gcomóradh deich mbliana a cheiliúradh agus rinneamar machnamh ar dheich mbliana de ranníocaíochtaí suntasacha eacnamaíocha. Ina measc sin tá infheistíocht de €187 milliún ar fud an aerfoirt agus an ghnó maoine tráchtála mar chuid de straitéis forbartha an Ghrúpa. Gineann Grúpa Aerfort na Sionainne beagnach €4 billiún in aghaidh na bliana don gheilleagar náisiúnta agus tacaíonn sé le breis agus 20,000 post. Téann ár dtionchar níos faide ná an eitlíocht, agus spreagann sé turasóireacht, trádáil agus fás eacnamaíoch ar fud an réigiúin. Leis an ngarsprioc sin, athdhearbhaítear ár dtiomantas do bheith inar gcatalaíoch d'athrú agus d'fhorbairt dhearfach.

### TIOMANTAS DON INBHUANAITHEACHT

Táimid tiomanta do thodhchaí níos gile, níos glaise a chruthú do dhaoine agus don phláinéad araon, agus tá inbhuanaitheacht i gcroílár ár n-oibríochtaí. Chuireamar tús le hobair ar fheirm ghréine PV 1.2 meigeavata dar luach €3 mhilliún, an chéad cheann dá leithéid ar aerpháirc in Éirinn, agus táthar ag súil go mbeidh sí ag feidhmiú faoi shamhradh 2025. Soláthrófar leis an tionscadal sin 15-20% de riachtanais leictreachais ár n-aerfoirt, rud a laghdóidh ár lorg carbóin go mór. Táimid buíoch as an tacaíocht deontais €1.9 milliún ón Rialtas i gcomhair tionscadail inbhuanaitheachta a d'fhógair an tAire Lawless, iar-Aire Stáit sa Roinn Iompair i mí Dheireadh Fómhair 2024.

I mí Mheán Fómhair, i gcomhar leis an BSL, chuireamar i láthair an chéad Aonad Cumhachta Hidrigine ar Chósta Thiar na hÉireann. Tá an tionscnamh sin ag teacht le trí cinn dár dtosaíochtaí straitéiseacha: croíthe agus aigní a mhealladh, infheistíocht a dhéanamh i maoin agus i mbonneagar le haghaidh fáis, agus feidhmíocht tráchtála a spreagadh.

Táimid tiomanta fós do laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 agus Glan-Nialasacht a bhaint amach faoi 2050. Leanamar lenár bpleananna maidir le leictriú ár bhflít agus d'aistríomar os cionn 50% dár bhfeithiclí atá oiriúnach lena leictriú.

In 2024, dhíríomar freisin ar bhainistiú dramhaíola, rud a d'fheabhsaigh ár ráta athchúrsála go 44% ar fud ár n-oibríochtaí.

Tá ár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta comhtháite go domhain inár bpunann fhairsing maoine tráchtála, agus táimid chun tosaigh ar fhorbairt forbairtí nua maoine tráchtála agus ar uasghrádú na saoráidí atá ann cheana chun caighdeáin NZEB agus LEED a chomhlíonadh. Tá pleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta ríthábhachtach chun éiceachórais a chaomhnú agus táimid ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir lenár bPlean Gníomhaíochta don Bhithéagsúlacht a chur chun feidhme. I measc cuid dár n-éachtaí suntasacha tá: Tá 12 acra dár gcampas tiomnaithe do bhainistiú bithéagsúlachta, cuairteanna scoile a óstáil ar ár ngairdín bithéagsúlachta pobail agus leanúint le córas gearrtha agus tírdhreachtaithe atá fabhrach do phailneoirí.

### SÁRMHAITHEAS SA TSEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Is ábhar sásaimh é go bhfuil níos mó agus níos mó daoine ag fáil amach cé chomh héasca agus chomh taitneamhach agus atá sé eitilt ó Aerfort na Sionainne, rud a dhearbhaítear le haitheantas suntasach as ár n-éacht



maidir le heispéireas agus seirbhís an chustaiméara. Táimid bródúil gur rangaíodh Aerfort na Sionainne sa chéad áit sa chatagóir taistil agus sa cheathrú háit ar an iomlán maidir le sármhaitheas maidir le heispéireas an chustaiméara i dTuarascáil um Léargas ar Eispéireas Custaiméirí na hÉireann (CXi) mar thoradh ar ár gcur chuige 'tús áite don chustaiméir'. Fuaireamar an gradam freisin don Fhoireann CX is Fearr sa chatagóir iompair ag na Gradaim náisiúnta um Eispéireas an Chustaiméara don dara bliain as a chéile. Choinnigh an t-aerfort a stádas mar an branda aerfoirt is fearr sa tír de réir Innéacs Freagartha Branda RED C (BRII) Éire 2024.

Tharraing an t-aerfort cáil air féin freisin nuair a bhuaigh sé an Gradam Gnóthachtála um Fhócas ar Chustaiméirí Eitlíochta ag Gradaim iomráiteacha an Tionscail Eitlíochta. Anuas sin, bhuaigh an Grúpa gradam do Thionscnamh um Chomhfhorbairt Áite na Bliana ag na Gradaim Náisiúnta Maoine do thionscnaimh ar fud Champas na Sionainne. Is fianaise iad na gradaim sin ar ár dtiomantas do shármhaitheas agus do shástacht custaiméirí.

## NÓTA BUÍOCHAIS

Táim bródúil as na cláir agus na tionscnaimh atá á soláthar againn i gcónaí ar bhonn bliantúil. Is fianaise é ar obair chrua agus ar dhíograis ár gcomhghleacaithe ar fud ár nGrúpa go bhfuilimid ábalta seirbhís a thacaíonn le custaiméir a chur ar fáil a thacaíonn lenár gcáil atá ag méadú mar an t-aerfort is fearr in Éirinn

Leis an bhfás láidir agus na héachtaí suntasacha a rinneamar in 2024, léirítear díograis ár bhfoirne; tá a bpaisean agus a ndíograis ríthábhachtach dár n-oibriú rathúil. Is amhlaidh atá an tacaíocht ónár gcustaiméirí, páirtithe leasmhara, comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus an tacaíocht ón rialtas freisin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár Scairshealbhóir, leis an Roinn Iompair agus leis an Aire Ryan agus leis an Aire Lawless as a dtacaíocht agus a spreagadh le linn a dtionachta sa Roinn Iompair. Táimid ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leis an Aire O'Brien agus leis an Aire Canney agus muid ag cruthú todhchaí níos gile agus ag imirt ár bpáirt chun tacú leis an ngeilleagar náisiúnta.

## AG ULLMHÚ D'FHÁS AMACH ANSEO

Cé go bhfuil luaineacht agus éiginnteacht shuntasach dhomhanda ann le linn 2025 agus go mbeidh ina dhiaidh sin, táimid tiomanta do nuálaíocht agus d'athléimneacht a chur chun cinn chun déileáil leis na dúshláin sin le chéile.

Mar Ghrúpa táimid sásta leis an méid atá bainte amach againn in 2024, ach leis na beartais agus an tacaíocht cheart creidimid gur féidir linn i bhfad níos mó a bhaint amach.

Is e sin an fáth a bhfuil áthas orainn an gealltanas i Chlár Náisiúnta an Rialtais a fheiceáil maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Náisiúnta Eitlíochta chun an úsáid as aerfoirt réigiúnacha a uasmhéadú.

Iarraimid ar an Rialtas cuidiú linn leanúint ar aghaidh ag fás tríd an scóip do Chlár Aerfoirt Réigiúnacha 2026-2030 a leathnú. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí gréasán aerfoirt an Stáit a bharrfheabhsú chun an fhís agus na huaillmhianta atá i dTionscadal Éire 2040 agus sa Chreat Náisiúnta Pleanála a bhaint amach, rud a chinnteoidh dáileadh cothrom fáis eacnamaíoch in Éirinn.

Cuirimid fáilte freisin roimh an dtacaíocht ón Clár d'Aerfort na Sionainne mar mhol chun teicneolaíochtaí nua eitlíochta a thástáil faoi Threoir Náisiúnta maidir le Beartas Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe agus roimh an aitheantas d'acmhainneacht ár réigiúin maidir le pleanáil fuinnimh in-athnuaite, agus a thiomantas do chur chun feidhme mholtaí Thascfhórsa Eacnamaíochta Inbhear na Sionainne a chur chun cinn.

Tá sé geallta go mbeidh an bhliain atá romhainn dearfach agus lán le deiseanna agus muid tiomanta i gcónaí d'eispéireas na bpaisinéirí a fheabhsú, ár ngréasán bealaí a leathnú, agus leanúint lenár n-infheistíochtaí i dtionscnaimh bhunathraithe agus inbhuanaitheachta an aerfoirt. Beidh cúram custaiméirí fós i gcroílár gach a ndéanaimid ar fud an Ghrúpa in 2025. Gabhaimid buíochas ó chroí lenár bpaisinéirí, lenár gcomhpháirtithe, agus lenár ndaoine as a dtacaíocht agus a dtiomantas gan staonadh.

**Mary Considine,**
**POF,**
**Grúpa Aerfort na Sionainne**







AN GRÚPA AERFORT NA
Sionainne
THE
Shannon
AIRPORT GROUP

## DEICH MBLIANA D'FHÁS AGUS DE NUÁLAÍOCHT Á CHEILIÚRADH



## DEICH MBLIANA D'FHÁS AGUS DE NUÁLAÍOCHT Á CHEILIÚRADH

# SÚIL SIAR AR GHRÚPA AERFORT NA SIONAINNE

Le deich mbliana anuas, rinne Grúpa Aerfort na Sionainne fás eacnamaíoch in Éirinn a spreagadh, leathnaigh sé seirbhísí le bealaí nua, agus chuir sé feabhas ar an nascacht do phaisinéirí, agus eispéireas an chustaiméara á fheabhsú i gcónaí. Tá Aerfort na Sionainne anois ina phríomhshócmhainn anois don trádáil agus don turasóireacht, agus thacaigh maoine tráchtála an Ghrúpa le gnólachtaí áitiúla agus eachtrannacha. Tá an Grúpa tiomanta don inbhuanaitheacht agus don nuálaíocht, tá a chomóradh 10 mbliana á cheiliúradh go bródúil aige as a bhfuil bainte amach aige. Is é seo a leanas blaiseadh de gharspriocanna agus rath an Ghrúpa le deich mbliana anuas:

## 2024

### Sháraigh Aerfort na Sionainne 2 Mhilliún Paisinéir

Sháraigh Aerfort na Sionainne 2 mhilliún paisinéir i mí na Nollag 2024 den chéad uair ó bhí 2009 ann, ag tógáil ar a cháil a bhuaigh duaiseanna, ar na rátálacha is airde i dTuarascáil CXi na hÉireann, agus ar a aitheantas atá ag méadú mar an t-aerfort is fearr in Éirinn.

Sa phictiúr le Daidí na Nollag ag Aerfort na Sionainne tá (C-D) Mary Considine, POF, Grúpa Aerfort na Sionainne, Aung Marma, Aonad Scagtha an Aerfoirt, Katie Black, Bainisteoir Cúnta Branda, Aerfort na Sionainne, Julia Shortt, Aonad Scagtha an Aerfoirt, agus Niall Kearns, Stiúrthóir an Aerfoirt.






## 2023

### Tionchar Eacnamaíoch Ghrúpa Aerfort na Sionainne

In 2023, cuireadh in iúl i dtuarascáil neamhspleách Oxford Economics an tionchar suntasach eacnamaíoch a bhí ag Grúpa Aerfort na Sionainne - chuir sé beagnach €4 bhilliún le OTI na hÉireann agus thacaigh sé le breis agus 20,300 post. Tugadh chun suntais sa tuarascáil ról tábhachtach an Ghrúpa maidir le nascacht, turasóireacht agus trádáil a fheabhsú. Sa phictiúr (C-D): Mary Considine, POF, Grúpa Aerfort na Sionainne, Neil McCullough ó Oxford Economics agus an tAire Stáit ag an Roinn Iompair an tráth sin, Jack Chambers TD.





## 2022

### Infheistíocht Mhór arna déanamh ag Ryanair ag Aerfort na Sionainne

D'infheistigh Ryanair €10 milliún lena chéad saoráid chothabhála d'aerárthaí troma in Éirinn a oscailt, rud a chruthaigh 200 post agus iad lonnaithe go nua i Hangar 5 ag Aerfort na Sionainne in 2022. Thug Ryanair an tríú haerárthach bunaithe isteach agus cheiliúir sé 35 bliain de sheirbhís ag Aerfort na Sionainne. Sa phictiúr (C-D): Mary Considine, POF, Grúpa Aerfort na Sionainne, Neal McMahon, Ryanair agus Ray O' Driscoll, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Grúpa Aerfort na Sionainne.






## 2021

### Gairdín Bithéagsúlachta a Chruthú dár bPobal

Tá meangadh mór gáire ar Molly McPhillips, naoi mbliana d'aois, le bród as a gairdín buaiteach atá ag bláthú i ngairdín bithéagsúlachta pobail nua Ghrúpa Aerfort na Sionainne, a osclaíodh go hoifigiúil in 2021. Sa phictiúr taobh thiar de Molly tá (C-D); Gearóid O'Leary agus Ken Power, Grúpa Aerfort na Sionainne agus Brian O'Leary, Oidhreacht na Sionainne le scoláirí Scoil Náisiúnta Seanáin Naofa na Sionainne (C-D): Bridget Duggan, Emily Guerin, Mark Hodges, Molly McPhillips, Aoife Earls agus Jack McCarthy.

## 2020

### Réitigh Mhaoine a Chruthú

Le linn phaindéim Covid in 2020, chuir Grúpa Aerfort na Sionainne a straitéis forbartha maoine chun cinn, agus bhain sé aon mhilliún troigh chearnach de réitigh maoine tráchtála amach ó 2015 i leith. Bhain an Grúpa leas an am sinn le linn srianta taistil chun an t-aerfort a chosaint don todhchaí trí thús a chur le saoráid nua scagtha bagáiste boilg agus trí shaoráidí scagtha paisinéirí a uasghrádú.



# 2019

## An Chéad Hangar Aerárthaí Nua in Éirinn le 20 bliain a fhorbairt



In 2019, chuir Aerfort na Sionainne i gcrích hangar péintéireachta aerárthaí dar luach €18 milliún, 92,000 troigh chearnach ar leithead, inar féidir cuid de na haerárthaí is mó ar domhan a choinneáil. Leis an tionscadal sin, an tionscadal aonair is mó ar tugadh faoi ó bunaíodh Grúpa Aerfort na Sionainne, cruthaíodh os cionn 150 post le linn na tréimhse 14 mhí nuair a bhíothas á thógáil agus ba é an chéad hangar aerárthaí nua in Éirinn le beagnach 20 bliain. Tá an hangar ar léas anois leis an IAC – International Aerospace Coating. Sa phictiúr (C-D): Ray O'Driscoll, Deirdre Whitney, Mary Considine (POF), Rose Hynes (Iar-Chathaoirleach), Gerry Dillon, agus Grainne McInerney.



# 2018

## Tiomantas don Phobal

Le linn ghéarchéim an fhódair in 2018, chuidigh hAerfort na Sionainne le feirmeoirí áitiúla a raibh dúshláin mhóra rompu de bharr na drochaimsire a bhí ann le fada. Sholáthair an t-aerfort rochtain ar a 400 acra d'fheirmeoirí chun sadhlas a ghearradh, rud a chuidigh leis an ngéarchéim a mhaolú. Ba léiriú é an gníomh tacaíochta pobail sin ar idirghabháil den chineál céanna a rinne an t-aerfort in 2013.

# 2017

## Tiomnaithe do Chúram den Scoth do Chustaiméirí



Is é gealltanas bhranda Aerfort na Sionainne "á dhéanamh éasca," rud a léiríonn a thiomantas do chúram den scoth do chustaiméirí. In 2017, ba é an t-aerfort an chéad aerfort san Eoraip a shuiteáil seomra na gcéadfaí do phaisinéirí a bhfuil riachtanais chéadfacha acu. Faoi 2022, bhí Aerfort na Sionainne aitheanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte mar cheann de na chéad Aerfoirt Aoisbhháúla ar domhan, mar aon le hAerfort Iarthar Éireann. I mí Dheireadh Fómhair 2024, thug Aerfort na Sionainne clár 'Hidden Disabilities Sunflower' isteach, clár a thacaíonn le breis agus leathmhilliún duine in Éirinn atá faoi míchumas dofheicthe. Léirítear leis na tionscnaimh sin díograis an aerfoirt chun go mbeidh turas gach paisinéara chomh saor ó bhuairt agus chomh compordach agus is féidir.







# 2016

## Imeachtaí Gnó, Pobail agus Oideachais a Óstáil

Mar chuid dá fhócas pobail le deich mbliana anuas, d'óstáil an Grúpa go leor imeachtaí gnó, pobail agus oideachais ag Aerfort na Sionainne. Ina measc bhí imeacht Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann (ITLG), lena tugadh na céadta scoláire ó gach cearn d'Éirinn le chéile le haghaidh meantóireacht ghnó. Le déanaí, tá d'óstáil an t-aerfort an t-imeacht 'Explore Engineering'. Leis an imeacht bliantúil sin, tugtar le chéile scoláirí, oideoirí, agus gairmithe tionscail chun nuálaíocht, cruthaitheacht agus réiteach fadhbanna san innealtóireacht a cheiliúradh. Tionscnamh faoi stiúir an tionscail is ea 'Explore Engineering' a fhaigheann tacaíocht ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna, agus atá tiomanta d'fheabhas a chur ar thallann na hinnealtóireachta i Réigiún an Iarthair Láir Éirinn.




# 2015

## Ag Ceiliúradh 70 Bliain d'Eitilte Trasatlantacha ag Aerfort na Sionainne

In 2015, chun 70 bliain den chéad eitilt tráchtála thrasatlantach a cheiliúradh, chuir Aerfort na Sionainne taispeántas aeir iontach ar taispeáint. Tháinig os cionn 40,000 duine amach chun an seó iontach agus na gníomhaíochtaí ar thailte an aerfoirt a fheiceáil. Cuimsíodh san imeacht sé huaire an chloig nithe pléisiúrtha don tsúil ó chuid de na taibheoirí aeróbaice, na paraisiútaithe agus na heitleoirí éachtaí is mó le rá in Éirinn agus san Eoraip. Sa phictiúr tá eitleáin Raven in aicsean os cionn an tslua ag Aerfort na Sionainne.

# 2014

## An Chéad Eitilt Oíche Riamh in Éirinn agus Athsheoladh an Limistéir Saor ó Dhleacht



Ar an 4 Iúil, 2014, rinne Aerfort na Sionainne gaisce, i gcomhpháirtíocht le Banc na hÉireann, tríd an gcéad eitilt oíche riamh d'Éirinn ar rúidbhealach aerfoirt a óstáil. Ghlac os cionn 1,000 reathaí páirt san imeacht 5km feadh ceann de na rúidbhealaí is faide san Eoraip, chun tacú leis na Samáraigh. Le deich mbliana anuas, tá os cionn leathmhilliún Euro bailithe ag an nGrúpa do charthanais éagsúla. Samhlaítear Aerfort na Sionainne le go leor rudaí a bhí ina gcéad rudaí ar domhan, go suntasach, bheith ar an gcéad limistéar Saor ó Dhleacht ar domhan in 1947. In 2014, chuaigh Limistéar Saor ó Dhleacht Aerfort na Sionainne ar ais go dtí a fhréamhacha agus d'eagraigh sé imeacht a bhí spreagtha ag na 1940í ag an aerfort chun athbhrandáil ar an limistéar saor ó dhleacht a sheoladh. Tháinig tionscal domhanda il-billiún dollar as an tionscnamh ceannródaíoch sin a cumadh in Aerfort na Sionainne ó shin.

# FOIREANN BAINISTÍOCHTA GHRÚPA AERFORT NA SIONAINNE



Mary Considine
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**



Paul MacNamara
**Príomhoifigeach Airgeadais**



Ray O'Driscoll
**Príomhoifigeach Oibriúcháin**



Rachael Leahy
**Rúnaí Cuideachta agus Ceann Dlí**



Niall Kearns
**Stiúrthóir Aerfoirt**



Gerry Dillon
**Stiúrthóir Grúpa Réadmhaoine**



Chris O'Donovan
**Stiúrthóir AD**





# FORLÉARGAS AIRGEADAIS AR GHRÚPA AERFORT NA SIONAINNE 2024

| | **2024 €'000** | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam ó oibríochtaí leanúnacha** | **73,050** | 67,872 |
| **Brabús Oibriúcháin an Ghrúpa (i ndiaidh míreanna eisceachtúla)^** | **47,486** | 30,774 |
| (Gnóthachain)/caillteanais athluachála maoine infheistíochta | **(14,509)** | 2,526 |
| Ioncam/costas eile ((gnóthachain/caillteanais ar shócmhainní a chur de láimh) | **8** | (7,313) |
| Maoiniú deontais | **-** | (7,172) |
| Míreanna eisceachtúla~ | **(22,748)** | (1,736) |
| **Brabús oibriúcháin coigeartaithe** | **10,237** | 17,079 |
| Dímheas agus amúchadh | **8,052** | 3,950 |
| **EBITDA an Ghrúpa** | **18,289** | 21,029 |

*^Brabús oibriúcháin ó oibríochtaí leanúnacha agus scortha*

*~Féach leathanach 78 le haghaidh sonraí maidir le míreanna eisceachtúla*

# BORD STIÚRTHÓIRÍ GHRÚPA AERFORT NA SIONAINNE



### CONAL HENRY, CATHAOIRLEACH

Ceapadh Conal Henry mar Chathaoirleach i mí Márta 2022 Is é Conal bunaitheoir agus Cathaoirleach Fibrus. Sular chomhbhunaigh sé Fibrus, bhí Conal ina POF ar Enet, agus d'fhorbair sé ó ghnólacht nuathionscanta suas go dtí gur íoc Ciste Bonneagair na hÉireann £200m as sa bhliain 2017. Mar POF ar Enet, bhí Conal ina cheannaire freisin ar NBI, mar a thugtar anois air, chun go mbeadh sé mar an tairgeoir buaiteach i leith Plean Náisiúnta Leathanbhanda na hÉireann, ar fiú €2bn é. Roimh Enet, bhí Conal ina Stiúrthóir Tráchtála le Ryanair agus roimhe sin bhí sé ina Cheannaire Airgeadais ar earraí Neamhbhia agus le George Clothing le Asda sa RA. Bhain Conal céim amach sa Dlí ó Ollscoil na Banríona sa bhliain 1991 agus is Cuntasóir Bainistíochta Cairte é.



### MARY CONSIDINE, PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Is í Mary an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ghrúpa Aerfort na Sionainne. Le linn a gairme, bhí roinnt róil shinsearacha ag Mary, lena n-áirítear, Stiúrthóir an Aerfoirt, Leas-POF agus Príomhoifigeach Airgeadais/Rúnaí Cuideachta an Ghrúpa. Bhí páirt an-tábhachtach ag Mary i mbunú Ghrúpa na Sionainne in 2014. Tá taithí fhairsing aici i róil amhail eitlíocht, forbairt tráchtála agus cúrsaí airgeadais. Tá Mary i gceannas ar an nGrúpa maidir le féidearthacht a aerfort agus a thailte agus réadmhaoin mórthimpeall a uasmhéadú agus inbhuanaitheacht ar fud na cuideachta a leabú ag an am céanna. Tá na nithe seo go léir ríthábhachtach maidir le dul chun cinn eacnamaíoch a fhorbairt.

Is Comhalta Boird de Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann í Mary agus tá sí ar Bhord na nIontaobhaithe agus ar Údarás Rialaithe Choláiste Mhuire gan Smál. Tá sí ina Stiúrthóir freisin ar Chumann Tráchtála Luimnigh, ina ball de Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne agus de Bhord Comhairleach Bainistíochta Óstáin Choláiste na Sionainne.



### AUDREY COSTELLOE

Ceapadh Audrey Costello ar an mBord i mí Eanáir 2023 mar Ionadaí Fostaithe.

Tá Audrey ag obair in Aerfort na Sionainne le 39 bliain anuas agus faoi láthair tá sí ag obair sa rannóg miondíola. Tá sí ina hiontaobhaí ar scéim pinsin na cuideachta freisin agus bhí sí ina ball den fhoireann a bhunaigh an t-aonad Saor ó Dhleacht i Moscó.



### AISLING CURTIS

Ceapadh Aisling Curtis ar an mBord i mí Márta 2023. Is ceannaire eagraíochtúil í Aisling le taithí breis agus 20 bliain aici in earnálacha na teileachumarsáide agus na teicneolaíochta, lena n-áirítear róil dhomhanda, réigiúnacha agus i margadh na hÉireann. Bhí róil ag Aisling roimhe seo mar Stiúrthóir Tráchtála, Stiúrthóir Réiteach Global Partner agus bhí sí ina stiúrthóir Straitéise agus Inbhuanaitheachta le Microsoft. Tá sí ina Ceannaire Margaidh le PwC faoi láthair.

Bhí róil neamhfheidhmiúcháin ag Aisling sa RA, san Ísiltír agus san Afraic Theas. Tá sí ar Bhord BSL faoi láthair agus bhí sí ar Bhord an Ospidéil Náisiúnta Máithreachais agus bhí ról comhairleach aici ar Chomhairle IMI. Tá céim mháistreachta aici san Eacnamaíocht Ghnó ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), rinne sí staidéar in Insead Data and Artificial Intelligence School agus rinne sí an clár Ceannaireachta Inbhuanaitheacht in Cambridge University sa bhliain 2022.  Is comhalta gníomhach í Aisling i nGrúpa Stiúrtha Teicneolaíochta Chlub 30%. Bhí sí ina Meantóir IMI agus Meantóir Gnó le Fiontraíocht Éireann.







### ALAN DONOHOE

Ceapadh Alan Donohoe ar an mBord i mí Eanáir 2023 mar Ionadaí Fostaithe.

Tá breis agus 28 bliain taithí ag Alan i Seirbhís Póilíní agus Dóiteáin an Aerfoirt. Thosaigh sé le hAerfort Bhaile Átha Cliath in 1996 agus bhog sé go hAerfort na Sionainne in 2004, mar a bhfuil post aige anois mar Sháirsint/Oifigeach Stáisiúin.



### TOM KELLY

Ceapadh Tom Kelly ar an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2017. Tá sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá cúlra suntasach ag Tom i seirbhísí léasaithe aerárthaí agus i seirbhísí airgeadais. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar AerCap Ireland ó 2010 go dtí 2021, agus roimhe sin bhí ról mar an Príomhoifigeach Airgeadais aige ann.

Roimhe sin, chaith Tom deich mbliana le GECAS agus róil aige mar an Príomhoifigeach Airgeadais agus mar Stiúrthóir ar GECAS Limited, oibríocht GECAS in Éirinn. D'oibrigh sé freisin mar rialtóir domhanda le haghaidh GECAS ina ról mar Leas-Uachtarán Sinsearach & Rialtóir. Roimh dó dul i mbun oibre le GECAS, chaith sé breis agus ocht mbliana le KPMG i Londain, agus is é an ról is déanaí a bhí aige ann ná Bainisteoir Sinsearach ina gcleachtas seirbhísí airgeadais.

Is Cuntasóir Cairte é Tom agus tá céim Baitsiléara Tráchtála aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



### AMBROSE LOUGHLIN

Ceapadh Ambrose Loughlin chun an Bhoird i mí na Bealtaine 2019 ar feadh téarma tosaigh agus athcheapadh é in 2022.  Bhí Ambrose ina chomhpháirtí ar feadh breis agus 22 bliain le McCann FitzGerald LLP. Mar aon le hobair chomhairleach cliaint ar sheirbhísí airgeadais, bhí roinnt róil bainistíochta sinsearaí aige a raibh baint acu le hairgeadas agus riosca. Tá sé fós ina stiúrthóir ar bhord iontaobhaithe pinsin an ghnólachta. Tá saineolas ar leith ag Ambrose ar na réimsí a bhaineann le bainistíocht riosca, rialachas corparáideach agus bainistíocht airgeadais.



### STEPHEN RAE

Ceapadh Stephen Rae ar an mBord i mí Bealtaine 2019. Is ceannaire é Stephen sna hearnálacha um chomhlíonadh, cumarsáid agus cibearshlándáil mar Phríomhaí ag Ceannairí Eorpacha Kobn. Tá sé ina Chathaoirleach agus ina Chomhbhunaitheoir ag AML Intelligence, ardán domhanda faisnéise rialála AFC agus FCC. Tá Stephen ina chomhalta de chuid Bhord Maoirseachta Chumann Domhanda na bhFoilsitheoirí Nuachta (WAN-IFRA). Bhí sé ina chomhalta de chuid Ghrúpa Saineolaithe Ardleibhéil an Choimisiúin Eorpaigh ar an mBréagaisnéis ar Líne agus ar Bhord an Fhóraim Dhomhanda d'Eagarthóirí.

Is Iar-Phríomheagarthóir Grúpa é ag Independent News & Media, an grúpa meán is mó in Éirinn. Is abhcóide cáilithe é Stephen agus tá an Gradam i nGnó agus Ceannasaíocht do Stiúrthóirí ag Ollscoil Cranfield aige.

AN GRÚPA AERFORT NA
Sionainne
THE
Shannon
AIRPORT GROUP

## BLIAIN D'FHÁILTIÚ AGUS DE GHARSPRIOCANNA



# BLIAIN D'FHÁILTIÚ AGUS DE GHARSPRIOCANNA

Bhí bliain eachtrach ag Grúpa Aerfort na Sionainne in 2024, le cuairteanna suntasacha, seoltaí nuálacha agus comhpháirtíochtaí fiúntacha. Idir fáilte a chur roimh phiardaí idirnáisiúnta agus réaltaí spóirt agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh phobail agus dul chun cinn teicneolaíochta, leanann Aerfort na Sionainne le bheith ina mhol gníomhaíochta agus ina thairseach go hÉirinn. Is é seo a leanas cuid de bhuaicphointí in 2024 lena cuirtear ár dtiomantas d'fheabhas agus rannpháirtíocht an phobail in iúl.



I mí Eanáir, chuir Aerfort na Sionainne fáilte roimh Andy Nolan, díograiseoir inspioráideach sléibhteoireachta, agus é ag tabhairt faoi thuras ar deis é nach bhfaigheann duine ach uair amháin ina shaol chun Sliabh Kosciuszko, an sliabh is airde ar mhórthír na hAstráile, a dhreapadh. Bhí Andy ag iarraidh a bheith ina bhall de chlub domhanda scothaicme a rinne 'Na Seacht Mullach', a bhfuil i gceist leis na beanna is airde ar na seacht mór-roinn a dhreapadh go rathúil.

Pictiúir (C-D) tá Andy Nolan le Niall Kearns, Stiúrthóir an Aerfoirt, Aerfort na Sionainne.



I mí Feabhra, chuir Aerfort na Sionainne fáilte roimh 25 scoláire meánscoile agus a gcuid múinteoirí ó Chontae an Chláir, agus iad ag tabhairt faoi thuras go Port Elizabeth san Afraic Theas ar feadh seachtaine d'iarracht dheonach leis an gCarthanas Missionvale Ireland. Ba é Aerfort na Sionainne an chéad stad dá dturas áit ar aistrigh siad go Port Elizabeth trí Londain Heathrow agus Johannesburg.



I mí an Mhárta, ba í Lynne Embleton, POF Aer Lingus an príomhchainteoir inspioráideach ag imeacht a bhí urraithe ag Grúpa Aerfort na Sionainne agus a bhí ar siúl ag Aerfort na Sionainne chun comóradh céad bliain bhunú ghrúpa líonraithe 'Mná san Eitlíocht' Réigiún an Iarthair Láir agus Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh.

Sa phictiúr (C-D) tá Rita Meehan, Coiste Eagraithe 'Mná san Eitlíocht' Réigiún an Iarthair Láir , Donna Marie O'Neill, Airborne Capital, Lynne Embleton, POF Aer Lingus, Mary Considine, POF Ghrúpa Aerfort na Sionainne agus Caroline Moore, Speisialtóir Eitlíochta Éireann.



I mí Aibreáin, tháinig Aerfort na Sionainne le chéile don dara bliain as a chéile le criú RTÉ 2FM Breakfast le haghaidh craoladh beo ón aerfort. Tá foireann ó Ghrúpa Aerfort na Sionainne sa phictiúr anseo in éineacht le foireann 2FM.

Sa phictiúr (C-D) Aoife McLoughlin, Dan Irvine, Chris O'Donovan, Pamela Brooks, Doireann Garrihy, RTÉ 2FM, Carl Mullan, RTÉ 2FM, Donncha O'Callaghan, RTÉ 2FM, Niall Kearns, Alan Reynolds, Adrian Glynn agus Sinéad Murphy.



Thuirling Uachtarán Phoblacht na hIodáile, an tUasal Sergio Mattarella ag Aerfort na Sionainne i mí na Bealtaine. Tháinig an tUachtarán, in éineacht lena iníon, Laura Mattarella Uasal, go hAerfort na Sionainne roimh chuairt ghairid ar Éirinn.

Sa ghrianghraf tá Mary Considine, POF Ghrúpa Aerfort na Sionainne ag cur fáil roimh an Uachtarán Mattarella.







Bhí ceiliúradh ann i mí na Bealtaine nuair a athsheoladh seirbhís laethúil Delta Air Lines ó Aerfort na Sionainne go New York JFK ar aerárthach Boeing 767-300 níos mó, rud a chuir acmhainn bhreise le seirbhís thrasatlantach an aerfoirt.

Sa phictiúr le foireann agus criú Delta Air Lines ag an seoladh tá Declan Power de chuid Ghrúpa Aerfort na Sionainne, an Ceann Forbartha Eitlíochta (ar chlé), Isabel Harrison, Forbairt Eitlíochta (lár) agus Mary Considine, POF (an tríú duine ó dheis).



Bhí Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelenskyy agus an Taoiseach, Simon Harris TD ag Aerfort na Sionainne i mí Iúil dá gcéad chruinniú déthaobhach in Éirinn.

Sa phictiúr (ó chlé) Mary Considine, POF Ghrúpa Aerfort na Sionainne, an Taoiseach Simon Harris TD agus Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelenskyy.



I mí Iúil, thug imreoirí Rugbaí na Mumhan (C-D) Ethan Coughlan, Fineen Wycherley, agus Oli Jager a gcuid tacaíochta do sheoladh aip mhóibíleach nua Aerfort na Sionainne, lenar bhain comhtháthú uaireadóra chliste agus réaltachta breisithe do sheiceálaithe méide málaí. Tá sé sin ar fáil ar an Apple App Store agus Google Play Store.



Rinneadh comhpháirtí oifigiúil aerfoirt bródúil de chuid fhoireann Rugbaí Ban na Mumhan d'Aerfort na Sionainne. I mí Lúnasa, d'fhógair an t-aerfort agus scuad ban na cúige comhaontú comhpháirtíochta nua.

Sa phictiúr (C-D) tá Jane Clohessy; Ray O'Driscoll, Príomhoifigeach Oibriúcháin ag Grúpa Aerfort na Sionainne; Aoife Corey; Hillary Cleary, Oifigeach Sábháilteachta agus Comhlíonta ag Grúpa Aerfort na Sionainne agus Brianna Heylmann.



I mí Lúnasa, cheiliúir Aerfort na Sionainne 15 bliana de sheirbhísí Réamh-Imréitigh SAM agus tabhairt isteach aipe nua Rialaithe Pasanna Móibíleacha (MPC) chun iontráil isteach sna Stáit Aontaithe a chuíchóiriú trí amanna cigireachta ag saoráid Réamh-Imréitigh an aerfoirt a laghdú.



I mí Dheireadh Fómhair, fuair OCC Construction an gradam measúil do Thionscadal Tionsclaíoch na Bliana ag Gradaim Thionscal Foirgníochta na hÉireann (ICIA) as a gcuid oibre ar Bhloc R, saoráid nua teicneolaíochta T&F ag Páirc Ghnó Aerfort na Sionainne.



I mí na Samhna, d'óstáil Grúpa Aerfort na Sionainne, urraitheoir ar Ghradaim Ghnó Chumann Tráchtála na Gaillimhe, 30 iomaitheoirí deiridh i nGradaim Ghnó an Chumainn d'imeacht turais agus líonraithe ag Aerfort na Sionainne agus ag Páirc Ghnó Aerfort na Sionainne. Sa phictiúr, tá gnólachtaí na Gaillimhe agus baill foirne ó Ghrúpa Aerfort na Sionainne a chuir fáilte rompu chuig an aerfort.

AN GRÚPA AERFORT NA **Sionainne**

THE **Shannon** AIRPORT GROUP

# LEANÚINT LENÁR DTURAS INBHUANAITHEACHTA



# LEANÚINT LENÁR DTURAS INBHUANAITHEACHTA

Le linn 2024, leanamar lenár dtiomantas gan staonadh don inbhuanaitheacht a léiriú trínár straitéis "Reaching More for Good". Tá an straitéis chuimsitheach sin bunaithe ar cheithre phríomhcholún:

**TIONCHAR POBAIL A CHRUTHÚ**

**INBHUANAITHEACHT A LEABÚ INÁR DNA**

**ÁR NOIBRÍOCHTAÍ A GHLASÚ**

**CAMPAS INBHUANAITHE A THÓGÁIL D'AERFORT NA SIONAINNE**

## TIONCHAR POBAIL A CHRUTHÚ

Agus muid ag léiriú ár dtiomantas gan staonadh dár bpobal, thacaigh Grúpa Aerfort na Sionainne le carthanais a d'ainmnigh an fhoireann le linn 2024, agus bailíodh méid iontach de €100,000 d'Ionad Cúraim Bhaile na nGallóglach agus do Chumann Alzheimer na hÉireann trí chlár tionscnamh tiomsaithe airgid faoi stiúir na foirne.




I mí Feabhra, rinneamar urraíocht ar thaispeántas mór i Músaem Hunt, Luimneach, dar teideal 'Night's Candles are Burnt Out. Climate, Culture, Change & Community.' Rinneadh iniúchadh sa taispeántas ar conas is féidir acmhainní nua fuinnimh a sholáthar trí leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite ó na hacmhainní nádúrtha flúirseacha gaoithe agus uisce amach ó chósta thiar na hÉireann, agus conas is féidir le hathrú ar ár n-iompar aonair tionchar tairbhiúil a bheith aige ar an mbithéagsúlacht agus ar an téamh domhanda.

Ag Grúpa Aerfort na Sionainne, táimid díograiseach faoi cheannaireacht na mban a chur chun cinn sa tionscal eitlíochta. Tá ról ríthábhachtach ag mná san eitlíocht ó thosaigh sé, agus ní mór dúinn leanúint le níos mó ban a spreagadh agus a mhealladh chuig an earnáil. In 2023, thacaíomar le bunú na heagraíochta 'Mná san Eitlíocht' Réigiún an Iarthair (WIA MWR), agus i mí an Mhárta 2024 d'óstálamar imeacht rathúil líonraithe WIA MWR ag Aerfort na Sionainne chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh. Ba í Lynne Embleton ó Aer Lingus an príomhchainteoir don imeacht. Leis an imeacht sin, soláthraíodh ardán do bhreis agus 150 bean ón earnáil eitlíochta agus ón earnáil aeraspáis chun foghlaim, comhoibriú agus naisc bhuan a chruthú.

Creidimid gur gá cothromaíocht idir na hinscní agus luachanna éagsúlachta a chothú i leanaí ó aois óg. I mí an Mhárta 2024, thugamar cuairt ar leanaí bunscoile áitiúla sa tSionainn chun teachtaireacht thábhachtach faoin éagsúlacht inscní a thabhairt. Nuair a iarradh orthu róil phoist a tharraingt ag Aerfort na Sionainne, léirigh os cionn 70% de na leanaí pictiúir d'fhir. Chun é sin a cheistiú, thug triúr banfhostaithe ó Aerfort na Sionainne a bhí ag obair sna róil sin cuairt ar an seomra ranga, ag spreagadh banchomhraiceoirí dóiteáin, ban-oifigigh póilíní agus ban-innealtóirí amach anseo.



I mí an Mheithimh, bhíomar bródúil as urraíocht a dhéanamh ar Ghradaim Rannán Óige Gharda Síochána an Chláir don seachtú bliain as a chéile, nuair a cheiliúradh ceannairí óga spreagthacha Chontae an Chláir. Tugadh ómós ag an imeacht sin do na laochra is misniúla agus neamhaitheanta sa chontae, idir 16 agus 21 bliain d'aois, agus tugadh aitheantas dá gceannaireacht, teacht aniar agus spiorad pobail as cuimse.







Tugann Grúpa Aerfort na Sionainne tús áite do chuimsitheacht, agus i mí Dheireadh Fómhair, bhí bród ar Aerfort na Sionainne páirt a ghlacadh sa tionscnamh domhanda ' Hidden Disabilities Sunflower' chun tacú le daoine atá faoi mhíchumas dofheicthe. Is féidir le paisinéirí láinnéar Lus na Gréine saor in aisce a úsáid anois lena chur in iúl go bhfuil cúnamh de dhíth orthu, agus cuireadh oiliúint ar fhoireann an aerfoirt chun daoine a chaitheann é a aithint agus tacú leo.



Is tiomantas leanúnach é ár dtiomantas maidir le hinrochtaineacht agus cuimsitheacht. Ba é Aerfort na Sionainne an chéad aerfort san Eoraip a d'oscail seomra na gcéadfaí in 2017, agus in 2022, fuaireamar stádas Aoisbháúil ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Leanaimid lenár saoráidí a fheabhsú le páirceáil aoisbháúil, comharthaí breise agus aimsiú treo níos fearr.

Le linn 2024, rinneamar de réir ár mbriathair go comhsheasmhach maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Bhithéagsúlacht trínár gcóras gearrtha atá fabhrach do phailneoirí a leathnú i bPáirc Ghnó Aerfort na Sionainne agus i mbóithre isteach an aerfoirt. Bhíomar rannpháirteach leis an bpobal maidir le tábhacht na bithéagsúlachta trí chainteanna inár nGairdín Bithéagsúlachta Pobail le fostaithe ó chuideachtaí áitiúla, agus thugamar tacaíocht do ghrúpaí pobail áitiúla, lena n-áirítear Cumann Bogach na Sionainne. Cuimsítear ár bpobal gnó inár dtiomantas don inbhuanaitheacht freisin. In 2024, ghlacamar páirt ghníomhach i Líonra Inbhuanaitheachta an Iarthair Láir de chuid Chumann na Sionainne agus bhí ról lárnach againn maidir le tacú leis an dara Seachtain Inbhuanaitheachta rathúil a sholáthar do réigiún an Iarthair Láir i mí Mheán Fómhair.

## INBHUANAITHEACHT A LEABÚ INÁR DNA

Agus ár bhfostaithe á n-aithint mar an tsócmhainn is mó atá againn, sheolamar go leor tionscnamh in 2024 lena bhforbairt a chothú. Idir oiliúint ceannaireachta agus scileanna teicniúla agus clár folláine cuimsitheach, cinnteoimid go ndéanann ár bhfoireann go maith ón taobh gairmiúil agus ón taobh pearsanta. Go suntasach, tá oiliúint ar Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú déanta ag 100% dár bhfostaithe, rud a chothaíonn ionad oibre ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas orthu.

Tá soláthar deiseanna inbhuanaitheachta dár bhfostaithe chun cultúr inbhuanaitheachta a chruthú ina phríomhsprioc inár straitéis. Leanamar lenár gclár de sheimineáir mhíosúla, ag a n-óstálamar saineolaithe ar réimse leathan ábhar inbhuanaitheachta agus sláinte agus folláine, mar shampla folláine airgeadais, bunriachtanais fuinnimh tí, sláinte an chórais díleá i measc samplaí eile. Chomh maith lenár sraith seimineáir ghréasáin, thionólamar feachtais agus cumarsáid ar leith ar ábhair lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, cupáin caife aon-úsáide, feasacht ar bhithéagsúlacht agus taisteal gníomhach.

Tá an t-ádh orainn go bhfuil lucht saothair fostaithe againn a thugann a gcuid ama ar bhonn deonach ar Fhoireann Ghlas ár gcuideachta agus ar Choiste Carthanachta na foirne. I mí Dheireadh Fómhair, d'eagraigh ár bhFoireann Ghlas imeacht idirghníomhach um ghníomhú ar son na haeráide dár bhfoireann agus don phobal aerfoirt i gcoitinne inar clúdaíodh ábhair lena n-áirítear Feasacht ar Fhuinneamh, Feithiclí Leictreacha, Fótavoltachas Gréine, Airgeadas Glas, agus maireachtáil inbhuanaithe.

## ÁR NOIBRÍOCHTAÍ A GHLASÚ

Aithnímid an tábhacht ríthábhachtach a bhaineann le tionchar comhshaoil ár ngnó a íoslaghdú. Mar chuid dár dtiomantas dár n-oibríochtaí a ghlasú, tá bearta suntasacha á ndéanamh againn chun an sprioc sin a bhaint amach. Tá sé mar aidhm againn ár spriocanna aeráide maidir le feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a bhaint amach faoi 2030. In 2024 rinneamar laghdú 40% ar ár lorg astaíochtaí GCT iomlán i gcomparáid lenár mbonnlíne in 2018 agus chuireamar feabhas 46% ar an éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid le bonnlíne 2009.

Chun tacú lenár spriocanna uaillmhianacha, in 2024 bhunaíomar córas bainistíochta fuinnimh dár n-oibríochtaí lena n-áirítear foireann tiomnaithe bainistíochta fuinnimh agus táimid ag obair faoi láthair i dtreo deimhniúcháin de réir ISO 50001. Chuireamar tús lenár gclár ilbhliantúil d'oibreacha uasghrádaithe fuinnimh foirgneamh atá ríthábhachtach chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Ina measc sin tá comhdhlúthú ár loirg coise, insliú ár bhfoirgneamh agus an t-aistriú go córais téimh in-athnuaite níos éifeachtaí.

Chomh maith leis sin, in 2024, chuireamar tús le forbairt feirme gréine PV 1.2 meigeavata dar luach €3 mhilliún, an chéad cheann dá leithéid ar aerpháirc in Éirinn, agus táthar ag súil go mbeidh sí ag feidhmiú níos déanaí in 2025. Soláthrófar leis an tionscadal sin, atá á pháirtmhaoiniú ag an Rialtas, 15-20% de riachtanais leictreachais ár n-aerfoirt, rud laghdóidh ár lorg carbóin go mór.

Leanamar lenár bpleananna maidir le leictriú ár bhflít agus d'aistríomar os cionn 50% dár bhfeithiclí atá oiriúnach lena leictriú.

Mar chuid dár n-uaillmhianta maidir le geilleagar ciorclach, rinneadh laghdú 10% ar dhramhaíl in 2024 i gcomparáid le 2023, agus cuireadh 44% dár dramhaíl de réir toirte (gan sloda séarachais san áireamh) lena hathchúrsáil, rud a léiríonn feabhas 34% ó 2023. Áirítear leis na tionscnaimh braiteoirí cliste acmhainne a shuiteáil in araidí dlúthóra grianchumhachtaithe déshrutha i gcarrchlóis an aerfoirt agus i limistéir taobh amuigh de na críochfoirt, uasghrádú ar an gcomharthaíocht i ngach compún dramhaíola, agus oiliúint leanúnach don fhoireann agus do chonraitheoirí glantacháin.

Chomh maith leis na tionscnaimh sin, rinneamar athchóiriú ar threalamh TF agus ar throscán oifige, agus tugadh do mheánscoil áitiúil iad. Bhaineamar athearraíocht freisin as na céadta seantráidire slándála aerfoirt freisin, agus tugadh dár n-ionad garraíodóireachta áitiúil agus do chuibhrinn in aice láimhe iad, rud a threisíonn ár dtiomantas don gheilleagar ciorclach.

Lenár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta a fheabhsú tuilleadh, leanamar lenár gclár um chaomhnú uisce, agus thacaigh an Rialtas linn oibreacha uasghrádaithe an ghréasáin soláthair a dhéanamh ag an aerfort.



## CAMPAS INBHUANAITHE A THÓGÁIL D'AERFORT

In 2024, leanamar lenár misean chun Campas inbhuanaithe a thógáil ag Aerfort na Sionainne trínár maoine tráchtála i bPáirc Ghnó Aerfort na Sionainne a athrú ó bhonn. Dhíríomar ar réitigh mhaoine ardcháilíochta, atá tíosach ar fhuinneamh a thabhairt dár gcliaint. Mar chuid de sin, tá tús curtha againn le pleanáil agus dearadh dhá fhoirgneamh tionsclaíochta nua den scoth chun cur lenár bpunann maoine tráchtála. Comhlíonfaidh na foirgnimh sin na caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh is airde agus tógfar iad ag baint úsáid as ábhair ina bhfuil níos lú carbón corpraithe.

Chun tacú leis an aistriú go hísealcharbón, chomhoibríomar le BSL chun an chéad ghineadóir cúltaca cumhachta breosla-cheall hidrigine in Éirinn ag ár bPáirc Ghnó Aerfort na Sionainne a chur i láthair. Thug os cionn 80 duine ón tionscal, ón saol acadúil agus ón rialtas cuairt ar an mbreosla-cheall, arna óstáil ag GeoPura (Soláthraí Teicneolaíochta) agus BSL.




Chuireamar fáil roimh thiomantas an rialtais i gClár an Rialtais chun moltaí Thascfhórsa Eacnamaíochta Inbhear na Sionainne a chur chun cinn, moltaí atá ríthábhachtach do phleanáil fuinnimh in-athnuaite. Tacaíonn ár POF, ball den Tascfhórsa, go gníomhach le cur chun feidhme na mbeart sin.

Iarrtar i gClár an Rialtais freisin go bhforbrófar Treochlár Beartais Náisiúnta um Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe agus tacú le hAerfort na Sionainne mar mhol chun teicneolaíocht eitlíochta nua a thástáil. Mar bhall den tascfhórsa Náisiúnta um Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF), táimid gníomhach ag cuidiú le Treochlár Beartais Náisiúnta a fhorbairt maidir leis an SAF. Tá stair shaibhir nuálaíochta againn ag Aerfort na Sionainne agus tá ceann de na braislí eitlíochta is mó in Éirinn sa réigiún. Cuirimid fáilte roimh an deis go dtacófar le hAerfort na Sionainne mar mhol chun teicneolaíochtaí nua eitlíochta a thástáil.












# ÁBHAIR


42 Tuarascáil an Stiúrthóra

45 Tuarascáil Riosca agus Rialachais

57 Ráiteas Fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais

58 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ghrúpa Aerfort na Sionainne cpt

60 Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais

61 Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsithigh Eile

62 Ráiteas Comhdhlúite Staide Airgeadais

63 Ráiteas Cuideachta Staide Airgeadais

64 Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe sa Chothromas

65 Ráiteas Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas

66 Ráiteas Sreafa Airgid Comhdhlúite

67 Ráiteas Sreafa Airgid na Cuideachta

68 Nótaí don Ráiteas Airgeadais

# TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais chomhdhlúite iniúchta Ghrúpa na Sionainne cpt (ag trádáil mar "Grúpa Aerfort na Sionainne") agus na bhfochuideachtaí ("an Grúpa") i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Corpraíodh Grúpa na Sionainne cpt ("an Chuideachta") an 29 Lúnasa 2014 agus, i ndiaidh achtú an Achta um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014 ("An tAcht um Ghrúpa na Sionainne") an 5 Meán Fómhair 2014, bunaíodh an Grúpa.

Tá CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("Aerfort na Sionainne") agus Fiontair Tráchtála na Sionainne ("Fiontair Tráchtála na Sionainne") ina bhfochuideachtaí de chuid na Cuideachta. Tá CGA SAA Pension Corporate Trustee, CGA Seirbhísí Airgeadais Údarás Aerfort na Sionainne ina bhfochuideachtaí de CGA Údarás Aerfort na Sionainne.

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa Aerfort na Sionainne ("an tAerfort") a oibriú, a bhainistiú agus a fhorbairt agus an phunann fhairsing maoine tráchtála atá ag Fiontair Tráchtála na Sionainne, lena n-áirítear Fiontair Thráchtála na Sionainne a bhainistiú agus a fhorbairt.

Níor tháinig athrú suntasach ar bith ar phríomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa le linn na bliana.

## ATHBHREITHNIÚ AR AN NGNÓ AGUS FHORBAIRTÍ AMACH ANSEO

Cuideachta stáit is ea Grúpa na Sionainne cpt a bhfuil sainordú tráchtála soiléir aige. Is é cuspóir an Ghrúpa seirbhísí aeriompair agus eitlíochta in Aerfort na Sionainne agus timpeall air a chur chun cinn agus a éascú, agus an toradh ar a shócmhainní talún agus maoine a bharrfheabhsú.

Chomh maith leis an bhfaisnéis a chuimsítear go díreach sa tuarascáil seo, cuimsítear in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin barúlacha mionsonraithe maidir leis an bhfeidhmíocht i gcomhair na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024 lena n-áirítear faisnéis ar imeachtaí le déanaí, ar fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith roimh an ngnólacht amach anseo agus ar phríomhtháscairí feidhmíochta, a cheanglaítear de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

## TORTHAÍ DON BHLIAIN

Tá na stiúrthóirí sásta le feidhmíocht an Ghrúpa don bhliain. Tá torthaí an Ghrúpa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 leagtha amach sa Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais ar leathanach 60 agus sna nótaí gaolmhara.

Agus monatóireacht á déanamh acu ar fheidhmíocht an Ghrúpa, tugann na stiúrthóirí agus an lucht bainistíochta aird ar réimse príomhtháscairí feidhmíochta lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

Iomlán na sócmhainní
An líon paisinéirí aerfoirt
Ioncam
TRÚCDA (tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh)
Brabús/(caillteanas) roimh cháin
Brabús/(caillteanas) iarchánach
Staid an airgid thirim ghlan
Caiteachas caipitil
Fáltais ó dhíolacháin chaipitil

Ba é an líon paisinéirí aerfoirt don bhliain 2,104,361 (2023: 1,958,731). Ba é €73.1 milliún (2023: €71.3 milliún) an t-ioncam comhdhlúite ó gach oibríocht don bhliain, lena n-áirítear ioncam €3.4 milliún ó oibríochtaí scortha. Is é TRÚCDA an ghrúpa[1] don bhliain €18.3 milliún (2023: €21.0 milliún). Meastar go bhfuil an toradh sin sásúil agus léirítear leis fócas leanúnach ar ghiniúint ioncaim agus ar rialú costas ar fud chuideachtaí uile an Ghrúpa.

Le linn na bliana thaifead an Grúpa gnóthachan eisceachtúil de €22.7 milliún i leith chealú chaillteanais bearnaithe a bhí fágtha a taifeadadh in 2020, mar a thuairiscítear i Nóta 3 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Le linn 2023 thaifead an Grúpa gnóthachan eisceachtúil de €1.7 milliún maidir le cealú páirteach an chaillteanais bearnaithe sin.

Thaifead an Grúpa brabús comhdhlúite de €44.3 milliún (míreanna iarchánach agus eisceachtúla) (2023: €26.0 milliún), i ndiaidh caillteanas €0.1 milliún ar oibríochtaí scortha a thaifeadadh (Nóta 9)).

Tá cúlchistí airgid agus infheistíochtaí ag an nGrúpa chun freastal ar a riachtanais ghearrthéarmacha maidir le caiteachas caipitiúil oibriúcháin agus athfhillteacha. Tá straitéis cistíochta i bhfeidhm chun an toradh gearrthéarmach ar chúlchistí airgid an Ghrúpa a uasmhéadú agus le linn 2024 d'infheistigh an Grúpa i gciste margaidh airgid agus cheannaigh sé roinnt bannaí rialtais lena raibh aibíochtaí céimnithe. Bhí glantaiscí airgid thirim de €14.4 milliún ag an nGrúpa ag dáta dheireadh na bliana (2023: €77.4 milliún) agus infheistíochtaí de €59.1 milliún (2023: Nialas), a bhfuil €7.2 milliún de ina infheistíocht fhadtéarmach. B'ionann iomlán na n-iasachtaí bainc seachtracha agus €10.5 milliún ag deireadh na bliana (2023: €24.2 milliún) (Nóta 23). Níor tarraingíodh anuas aon iasachtaí bainc seachtracha in 2024, agus aisíocadh iasacht amháin go hiomlán le linn na bliana. B'ionann aisíocaíochtaí iomlána na hiasachta sa bhliain agus €13.8 milliún (2023: €2.7 milliún).

Tá sócmhainní iomlána dar luach €308.6 milliún (2023: €278.5 milliún) ag an nGrúpa. Meastar go bhfuil infheistíocht i dtionscadail caiteachais chaipitil ríthábhachtach chun inbhuanaitheacht an Ghrúpa amach anseo a chinntiú. Mar a léirítear sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Comhdhlúite bhí eis-sreafaí airgid thirim dar luach €7.4 milliún ag an nGrúpa do thionscadail chaipitil ar fud an Ghrúpa le linn na bliana (2023: €15.5 milliún). Ina theannta sin, réadaigh an Grúpa fáltais dar luach €1.2 milliún ar dhiúscairtí caipitil sa bhliain (2023: €11.8 milliún).

[1] Ríomhtar TRÚCDA an Ghrúpa mar a leanas (roimh mhíreanna eisceachtúla 2023 agus lena n-áirítear oibríochtaí scortha) - €'000

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin roimh ioncam/(costais) eile | 10,237 | 17,079 |
| Dímheas agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 10,146 | 5,648 |
| Amúchadh deontas caipitil | (2,094) | (1,698) |
| **TRÚCDA** | **18,289** | **21,029** |

## PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS PRÍOMHÉIGINNTEACHTAÍ

Sa tuarascáil Riosca agus Rialachais, leagtar amach ar leathanach 45 na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta a d'fhéadfadh tionchar ábhartha agus diúltach a imirt ar bhrabúis oibriúcháin nó ar staid airgeadais an Ghrúpa amach anseo, mar aon leis na straitéisí chun iad sin a mhaolú.

## STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÚNAÍ AGUS A LEASANNA

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí le linn na bliana leagtha amach ar leathanach 50. Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí in oifig an 31 Nollaig 2024 i scaireanna Ghrúpa na Sionainne cpt nó a fhochuideachtaí ag tús na bliana nó ag dáta a gceapacháin, má bhí sé níos déanaí, ná ag deireadh na bliana.

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Creideann na stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil trí phearsanra cuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí acu a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear taifid chuntasaíochta na Cuideachta ag Aerfort na Sionainne, an tSionainn, Co. an Chláir.

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tá coiste um iniúchóireacht agus riosca bunaithe ag an nGrúpa. Nochtar sonraí an choiste sin sa Tuarascáil Riosca agus Rialachais.

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Ní thugann an Grúpa faoi ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha.

## GNÓTHAS LEANTACH

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ar fáil chun go mbeidh an Grúpa agus an Chuideachta ábalta a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh nuair a bheidh siad dlite, ag cumhdach tréimhse suas go dtí an 31 Márta 2026. Agus a dtuairim á chruthú acu tá athbhreithniú déanta ag na stiúrthóirí ar réamh-mheastacháin an Ghrúpa, agus déantar tagairt ar leith do leachtacht an Ghrúpa, sreafaí airgid oibriúcháin, an líon ionchasach paisinéirí agus saoráidí bainc atá ann cheana féin. Ar an gcúis sin, leanann na stiúrthóirí leis an ngnóthas leantach a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

## OIBLEAGÁIDÍ BREISE UM CHOMHLÍONADH

Comhlíonann an Grúpa an Rialachas Corparáideach agus oibleagáidí eile a fhorchuirtear leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Comhlíonann an Grúpa a chuid oibleagáidí faoi reachtaíocht eile lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, an tAcht um Míchumas 2005, an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 agus an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa de réir cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 ("An tAcht um Nochtadh Cosanta"). Tá an sásra trína bhféadfaidh fostaithe an Ghrúpa ábhair imní a ardú nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go cuí trí ghnáthbhealaí ná nochtadh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, leagtha amach sa Bheartas um Nochtadh Cosanta. Is féidir gach nochtadh ó fhostaithe a chur in iúl do bhainisteoir líne an fhostaí, d'Acmhainní Daonna nó do Rúnaí Cuideachta agus Ceannaire an Ghrúpa Dlí de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa bheartas.

Tá an Grúpa tiomanta freisin do chearta agus do phríobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus na reachtaíochta gaolmhara ar fad.

## AN TACHT UM CHOIMISIÚN NA HÉIREANN UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS 2014

Thug an Grúpa faoi mheasúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann lena fheidhm maidir le saincheisteanna féideartha chearta an duine, rioscaí agus bearta coisctheacha a shainaithint laistigh den Ghrúpa agus na beartais, nósanna imeachta, pleananna agus gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin de réir Alt 42(s) d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tá sonraí an mheasúnaithe agus na mbeart foilsithe ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa.

## SÁBHÁILTEACHT, SLÁNDÁIL AGUS INBHUANAITHEACHT

Cosnaítear leas fhostaithe an Ghrúpa trí chloí go docht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Forchuirtear leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 ceanglais áirithe ar fhostóirí agus ar gach cuideachta ábhartha laistigh den Ghrúpa na bearta riachtanacha a dhéanamh chun comhlíonadh an achta sin a chinntiú.



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla | 2024

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Tá saincheisteanna, sábháilteachta, slándála agus inbhuanaitheachta ríthábhachtach laistigh den Ghrúpa. Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir réimse dlíthe, rialacháin agus caighdeáin chomhshaoil agus sláinte agus sábháilteachta atá ag éirí níos doichte i gcónaí. Má dhéantar aon dlí nó rialachán den sórt sin a shárú, d'fhéadfaí smachtbhannaí ábhartha a fhorchur ar an nGrúpa agus d'fhéadfadh drochthionchar ábhartha a bheith aige sin ar ghnó an Ghrúpa.

### AN TACHT UM ÍOC PRAS

Is é beartas an Ghrúpa cloí le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012. Is é 30 lá tréimhse na dtéarmaí caighdeánacha creidmheasa a ghlactar, mura sonraítear a mhalairt i socruithe conartha ar leith. Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí i bhfeidhm, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí a shainítear go soiléir agus athbhreithniú rialta ar chleachtais íocaíochta. Leis na nósanna imeachta sin, soláthraítear dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na rialachán.

### RANNÍOCAÍOCHTAÍ POLAITIÚLA

Ní dhearna an Grúpa ná an Chuideachta aon tabhartais pholaitiúla ná ní thabhaigh siad aon chaiteachas polaitiúla le linn na bliana.

### FAISNÉIS ÁBHARTHA INIÚCHÓIREACHTA

Tá an méid seo a leanas deimhnithe ag gach stiúrthóir a bhí in oifig ar dháta na tuarascála seo:

- Chomh fada agus is eol do gach stiúrthóir, níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta nach bhfuil iniúchóir reachtúil an Ghrúpa ar an eolas faoi, agus
- Ghlac gach stiúrthóir gach beart is gá a ghlacadh mar stiúrthóir chun eolas a chur orthu féin faoi aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus chun a shuíomh go bhfuil iniúchóir reachtúil an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

### RÁITEAS UM CHOMHLÍONADH NA STIÚRTHÓIRÍ

Admhaíonn na stiúrthóirí, de réir Alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Chuideachta oibleagáidí áirithe a shonraítear san alt sin a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí 2014, agus le dlíthe Cánach ('oibleagáidí iomchuí'). Deimhníonn na stiúrthóirí:

- gur dréachtaíodh ráiteas beartais um chomhlíonadh an Ghrúpa ina leagtar amach na beartais maidir le comhlíonadh den sórt sin;
- go bhfuil socruithe agus struchtúir chuí, atá deartha chun comhlíonadh ábhartha oibleagáidí na Cuideachta a chinntiú dar leo, curtha i bhfeidhm; agus
- go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe agus na struchtúir atá curtha i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta a cuid oibleagáidí ábhartha.

### IMEACHTAÍ INA DHIAIDH SIN

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha a raibh tionchar acu ar an nGrúpa i ndiaidh dheireadh na bliana.

### INIÚCHÓIR

De bhun Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, leanfaidh an t-iniúchóir, Ernst & Young, Cuntasóirí Cairte, in oifig.

Thar ceann an Bhoird

| | |
|---|---|
| **Conal Henry**<br>*Stiúrthóir* | **Mary Considine**<br>*Stiúrthóir* |

20 Márta 2025





# TUARASCÁIL RIOSCA AGUS RIALACHAIS

### BAINISTÍOCHT RIOSCA

Admhaíonn an Bord a fhreagracht as bainistíocht riosca, lena n-áirítear cineál agus méid na rioscaí suntasacha a bhfuil an Grúpa sásta glacadh leo a chinneadh chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin a bhaint amach, agus lena chinntiú go bhfuil an tuairisciú iontaofa agus go bhfuiltear ag cloí le dlíthe agus rialacháin is infheidhme. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá córas bainistíochta riosca bunaithe ag an mBord lena ndéantar soláthar do shainaithint, measúnú, cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus rialuithe maolaithe go leanúnach, agus monatóireacht agus tuairisciú rioscaí suntasacha laistigh den Ghrúpa. Tá an Bord tiomanta do bhainistiú réamhghníomhach riosca agus tá próisis i bhfeidhm aige atá deartha chun athruithe ar thimpeallacht ghnó agus riosca an Ghrúpa a réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu a mhéid is féidir. Leis an bpróiseas bainistíochta riosca, cinntítear go sainaithneoidh an Grúpa rioscaí criticiúla nó suntasacha a bhfuil sé neamhchosanta orthu agus cinntíonn sé go ndéanfar bearta braite riosca agus maolaithe riosca cuí. Tá éifeachtacht na bainistíochta riosca faoi réir athbhreithniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a shainaithint agus a mheas mar aon le dearadh agus feidhmiú rialuithe inmheánacha oiriúnacha. Úsáidtear cláir rioscaí lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a thaifeadadh agus a thuairisciú go comhsheasmhach sna feidhmeanna gnó go léir. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca maoirsiú ar an bpróiseas maidir le rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus comhlíonta agus déanann an Coiste Sábháilteachta, Slándála agus Inbhuanaitheachta maoirseacht air maidir le rioscaí oibriúcháin agus comhlíonta sna réimsí sábháilteachta, slándála agus inbhuanaitheachta.

Tá athbhreithniú agus feabhsú leanúnach á ndéanamh ar chóras bainistíochta riosca an Ghrúpa chun go mbeidh sé éifeachtach i gcónaí i dtimpeallachtaí gnó atá ag athrú.

### PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS PRÍOMHÉIGINNTEACHTAÍ

Mar chuid den phróiseas sainaitheanta riosca, sainaithníodh na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta a d'fhéadfadh drochthionchar ábhartha diúltach a imirt ar oibríochtaí nó ar staid airgeadais an Ghrúpa. Tá achoimre ar na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí mar aon leis na straitéisí atá á nglacadh chun na rioscaí a mhaolú leagtha amach thíos. Níl na rioscaí agus na éiginnteachtaí liostaithe in ord ar leith agus níl sé beartaithe go mbeidh an liosta ina anailís uileghabhálach ar na rioscaí agus na héiginnteachtaí go léir a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ngnáthchúrsa an ghnó. Déantar na rioscaí agus héiginnteachtaí sin a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus tuairiscíonn an lucht bainistíochta aon athruithe suntasacha ar an timpeallacht ghnó agus ar an timpeallacht sheachtrach, a théann i bhfeidhm ar na rioscaí suntasacha agus na héiginnteachtaí arna sainaithint don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, don Choiste Sábháilteachta, Slándála agus Inbhuanaitheachta agus don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus don Bhord.

#### Iomaíocht

Feidhmíonn an Grúpa i dtimpeallacht an-iomaíoch, go háirithe i bhfeidhmiú aerfoirt.

*Tosaíocht Straitéiseach*

Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh

*Tionchar*

D'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar chumas an Ghrúpa an líon paisinéirí agus a sciar den mhargadh a mhéadú, i gcás go ndéanfadh ár n-iomaitheoirí infheistíocht in acmhainn bhonneagair bhreise, nuálaíocht agus beartas praghsála.

*Maolú*

- Tuigeann lucht bainistíochta an ghrúpa an iomaíocht a fhorchuireann aerfoirt, réigiúin agus tíortha eile ar fheidhmíocht Aerfort na Sionainne.
- Coinníonn an lucht bainistíochta an tairiscint luacha a chuireann an Grúpa ar fáil faoi athbhreithniú agus tairgeann siad scéimeanna tarraingteacha dreasachta d'aerlínte chun nascacht a mhéadú.
- Cuirtear béim fós ar bhonn costais an Aerfoirt, lena chinntiú go mbeidh sé éifeachtúil, éifeachtach agus inoiriúnaithe d'éilimh an ghnó.
- Tiomantas an Rialtais d'fhorbairt réigiúnach chothromaithe mar atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta, tá an Grúpa ag obair lena scairshealbhóir agus le páirtithe leasmhara éagsúla lena chinntiú go mbeidh an Beartas Eitlíochta Náisiúnta ag teacht leis sin.
- Rannpháirtíocht leanúnach le scairshealbhóir an Ghrúpa chun athrú buan ar na critéir incháilitheachta do Chlár an Aerfoirt Réigiúnaigh a chinntiú.
- Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara ábhartha le haghaidh rochtain iompair phoiblí níos fearr ar Aerfort na Sionainne.

# TUARASCÁIL RIOSCA AGUS RIALACHAIS (AR LEAN)

## PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS PRÍOMH-ÉIGINNTEACHTAÍ *(ar lean)*

### Feidhmíocht ghnó

Tá ioncam an Ghrúpa íogair i leith dálaí iomaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla sna margaí agus sna hearnálacha ina bhfeidhmíonn sé. Príomhthoisc a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa is ea an líon paisinéirí agus an líon gluaiseachtaí aerárthaí ag Aerfort na Sionainne agus cumas an Ghrúpa a ioncam neamh-aerloingseoireachta a choinneáil ar bun agus a mhéadú.

Tá an Grúpa neamhchosanta freisin ar mhéaduithe costais a eascraíonn as cineál a bhoinn costais oibriúcháin, lena n-áirítear méaduithe ar chostais fuinnimh, agus neamhchosaint ar chostais bhreise maidir le freagairt d'athruithe rialála.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh
Infheistíocht i gcúrsaí Réadmhaoine agus Bonneagair ar mhaithe le Fás
Barrfheabhas sna hOibríochtaí

*Tionchar*
D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag iomaíocht mhéadaithe, éileamh laghdaithe tomhaltóirí agus tionchar teagmhas eacnamaíoch/geopholaitiúil domhanda (lena n-áirítear taraifí féideartha) ar an leibhéal foriomlán ioncaim a ghineann an Grúpa. Ina theannta sin, beidh impleachtaí diúltacha ar shreabhadh airgid mar thoradh ar bhoilsciú costais.

*Maolú*
- Feidhmíonn an Grúpa córais láidre ghnó agus rialaithe airgeadais (lena n-áirítear breithmheas caipitil) le tuairisciú rialta ar fheidhmíocht airgeadais, comharthaíocht luath ar imeacht ábhartha ón bplean agus cuntasacht na bainistíochta aonad gnó don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.
- Díríonn an Grúpa ar phróisis a fheabhsú go leanúnach chun éifeachtúlacht a spreagadh, solúbthacht a fheabhsú agus a bhonn costais a bhainistiú go réamhghníomhach.
- Díríonn an Grúpa ar ghníomhaíocht bhainistíochta réamhghníomhach a ghlacadh agus straitéisí tráchtála fónta a chur chun feidhme chun leanúint leis an bhfás ar an líon paisinéirí trí Aerfort na Sionainne a mbeidh ioncam méadaithe mar thoradh air, agus lena ioncam nach mbaineann le paisinéirí a choinneáil ar bun agus a mhéadú.
- Tá próisis i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go mbeidh sé cothrom le dáta i gcónaí maidir le treochtaí sa mhargadh maoine agus díríonn sé ar a mhaoin a chothabháil agus a uasghrádú trí chlár infheistíochta chun freastal ar ionchais na gcustaiméirí.
- Déanann an Grúpa athbhreithniú leanúnach ar a chuid táirgí custaiméara a thairiscint lena chinntiú go mbeidh siad ábhartha, tarraingteach agus go mbeidh luach ar airgead orthu i gcónaí.

### Infheistíochtaí agus acmhainn

De réir a gcineáil, tá bainistíocht agus oibriú aerfoirt agus punainne maoine dian ar chaipiteal.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh
Infheistíocht i gcúrsaí Réadmhaoine agus Bonneagair ar mhaithe le Fás

*Tionchar*
Agus ár n-oibleagáid do pháirtithe leasmhara á n-aithint againn, tá an baol ann maidir le hinfheistíochtaí a dhéantar maidir le gníomhaíochtaí aerloingseoireachta agus gníomhaíochtaí rialaithe eile agus uasghráduithe agus forbairt maoine infheistíochta, nach mbainfear amach na rátaí riachtanacha toraidh nó sreafaí airgid nó go bhféadfadh sé go ndéanfaí bearnú orthu.

*Maolú*
- Tá a inghlacthacht riosca maidir le hinfheistíochtaí tráchtála socraithe ag an nGrúpa agus tá leibhéil lamháltais airgeadais socraithe dá réir sin.
- Bunaítear cinntí maidir le hinfheistíochtaí i ngníomhaíochtaí aerloingseoireachta agus uasghráduithe maoine infheistíochta ar ionchuir fhianaisebhunaithe agus tá siad faoi réir próisis cheadaithe iomchuí.
- Tá clár cothabhála agus athshlánaithe beartaithe i bhfeidhm do phríomhshócmhainní, lena n-áirítear struchtúr cosán aerpháirce, réadmhaoine tráchtála agus sócmhainní eile atá ríthábhachtach ó thaobh oibríochta de.

### Tionscadail chaipitil

Tá pleananna ag an nGrúpa tuilleadh infheistíocht chaipitil shuntasach a dhéanamh de réir a Phlean Straitéisigh.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh
Infheistíocht i gcúrsaí Réadmhaoine agus Bonneagair ar mhaithe le Fás
Barrfheabhas sna hOibríochtaí
Dul i bhfeidhm ar chroí agus intinn daoine

*Tionchar*
Tá rioscaí ag baint le tionscadail shuntasacha chaipitil a sholáthar lena n-áirítear uainiú, costas (lena n-áirítear boilsciú ar phraghsanna tógála), sláinte agus sábháilteacht agus gan na cuspóirí inmhianaithe a bhaint amach.

*Maolú*
- Tá nósanna imeachta sainithe i bhfeidhm do bhainistíocht clár infheistíochta caipitil, bainistíocht tionscadail agus bainistíocht conarthaí agus soláthraithe.
- Déantar monatóireacht dhaingean ar gach tionscadal caipitil lena chinntiú go soláthrófar iad sin laistigh den bhuiséad, de réir éilimh an mhargaidh agus i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha go léir e.g. rialacháin sláinte agus sábháilteachta.

### Spleáchas ar chustaiméirí lárnacha

Tá na hionchais maidir le gluaiseachtaí aerthráchta amach anseo ag Aerfort na Sionainne ag brath go mór ar straitéisí agus láidreachtaí airgeadais na bpríomhchustaiméirí aerlíne agus ar infhaighteacht aerárthaí amach anseo.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh
Barrfheabhas sna hOibríochtaí

*Tionchar*
Cailliúint custaiméara amháin nó níos mó díobh siúd, meath suntasach ó thaobh tráchtála de, laghdú ar phleananna fáis aerlíne nó athruithe ar threo straitéiseach na bpríomhchustaiméirí amhail athstruchtúrú na ngréasán bealaí, tionscal aerlíne a chomhdhlúthú tuilleadh nó athrú ar úinéireacht nó ar rialú custaiméirí aerlínte móra, d'fhéadfadh siad sin tionchar ábhartha a imirt ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa.

*Maolú*
- Tá caidreamh láidir cothaithe ag an nGrúpa le mórchustaiméirí trí dhíriú ar sheirbhís do chustaiméirí agus iomaíochas costais.
- Cinntíonn an Grúpa go gcoinníonn siad suas le forbairtí sa tionscal aerlíne agus ar iomaíochas a thairisceana agus ar oiriúnacht na saoráidí do riachtanais a chustaiméirí reatha agus ionchasacha.
- Tá éagsúlú ar thairiscint táirgí an Ghrúpa, dírithe ar chustaiméirí nua agus sruthanna nua ioncaim a fhorbairt ina bpríomhchuspóirí straitéiseacha don Ghrúpa chun spleáchas ar phríomhchustaiméirí a theorannú.

### Leachtacht agus ciste

Tá an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí áirithe airgeadais agus ciste, lena n-áirítear rátaí úis luaineacha, rioscaí creidmheasa agus rioscaí leachtachta. Tá tuilleadh faisnéise faoi rioscaí airgeadais agus ciste le fáil i Nóta 25.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh
Infheistíocht i gcúrsaí Réadmhaoine agus Bonneagair ar mhaithe le Fás

*Tionchar*
Luaineachtaí suntasacha ar rátaí úis nó ar mhacasamhlacha a dteipeann orthu nó a loiceann ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí, d'fhéadfadh siad tionchar diúltach airgeadais a imirt ar an nGrúpa.

*Maolú*
- Feidhmíonn an Grúpa córais láidre rialaithe gnó agus airgeadais le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid oibriúcháin agus ar staid an airgid ar láimh, comharthaíocht luath maidir le himeacht ábhartha ón bplean agus déanann sé athbhreithnithe lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht ar bun sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.
- Glactar cur chuige stuama maidir le leachtacht a bhainistiú lena n-áirítear riachtanais infheistíochta shuntasacha a mhaoiniú.
- Tá riosca íseal maidir le caillteanas caipitil ina phríomhchuspóir le haon réiteach ciste a ghlactar.

### Maoiniú

Tá pleananna ag an nGrúpa tuilleadh infheistíocht chaipitil shuntasach de chineál straitéiseach a dhéanamh. Braitheann an cumas leanúint leis an bplean infheistíochta sin a sholáthar ar mhaoiniú ó roinnt foinsí, mar atá, acmhainní airgid atá ag an nGrúpa, brabúis oibriúcháin athfhillteacha, fiacha bainc breise agus diúscairt maoine nach príomh-mhaoine iad. Ní féidir a bheith cinnte go mbeidh gach ceann de na foinsí maoinithe sin ar fáil chun freastal ar na riachtanais infheistíochta atá beartaithe.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh
Infheistíocht i gcúrsaí Réadmhaoine agus Bonneagair ar mhaithe le Fás
Barrfheabhas sna hOibríochtaí

*Tionchar*
Mura ndéanfaí na foinsí maoinithe atá beartaithe a sholáthar, bheadh tionchar diúltach suntasach airgeadais aige sin ar sholáthar phleananna infheistíochta caipitil an Ghrúpa.

# TUARASCÁIL RIOSCA AGUS RIALACHAIS (AR LEAN)

## PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS PRÍOMH-ÉIGINNTEACHTAÍ *(ar lean)*

### Maoiniú *(ar lean)*

*Maolú*

- Tá caidreamh éifeachtach ag an nGrúpa le hinstitiúidí airgeadais.
- Coinníonn an Grúpa rótharraingt bhainc d'fhonn riachtanais caipitil oibre Aerfoirt a mhaoiniú agus coinníonn sé íos-suimeanna airgid thirim ar fud an Ghrúpa lena chinntiú go mbeidh sé ábalta a chuid oibríochtaí agus a riachtanas caipitil a mhaoiniú.
- Rianaíonn agus tuairiscíonn an Grúpa maidir le príomhthionscnaimh i ndáil le cistí a ghiniúint e.g. diúscairt mhaoine, pleananna tiomsaithe fiach agus sreafaí airgid saor in aisce.
- Feidhmíonn an Grúpa córais láidre rialaithe gnó agus airgeadais le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid oibriúcháin agus ar staid an airgid ar láimh, comharthaíocht luath maidir le himeacht ábhartha ón bplean agus déanann sé athbhreithnithe lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht ar bun.
- Oibríonn an Grúpa go rialta lena chuid maoinitheoirí maidir lena oibleagáidí maoinithe reatha agus aon fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith os comhair an ghnólachta maidir lena chumas aisíocaíochta agus cúnaint airgeadais.

### Leanúnachas gnó

Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir rioscaí oibriúcháin agus teagmhais eile gan choinne amhail teagmhais aimsire, dóiteáin, tuilte, teip ar chórais mheicniúla, teipeanna teicniúla, sceimhlitheoireacht, teagmhais gheopholaitiúla, cibirionsaithe agus galair thógálacha. D'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar oibríochtaí freisin de dheasca gníomhaíocht thionsclaíoch inmheánach nó tríú páirtí.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Barrfheabhas sna hOibríochtaí
Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh

*Tionchar*
D'fhéadfadh tionchar suntasach airgeadais agus/nó clú ar an nGrúpa a bheith mar thoradh ar chur isteach ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus tráchtála agus d'fhéadfadh dliteanais dhlíthiúla ionchasacha teacht chun cinn don Ghrúpa.

*Maolú*

- Féachann an Grúpa le deireadh a chur leis an riosca maidir le neamhleanúnachas seirbhísí trí chórais láidre agus pleananna leanúnachais gnó a bheith acu. Nuair a bhíonn cur isteach suntasach ar sheirbhísí mar thoradh ar theagmhais, cuireann an Grúpa a phleananna leanúnachais gnó i ngníomh chun tionchar an chur isteach a íoslaghdú.
- Tá árachas i bhfeidhm maidir le teagmhais áirithe gan choinne.
- Tá caidreamh oibre agus prótacal láidir le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit éagsúla i bhfeidhm chun déileáil le galair thógálacha agus bagairtí sláinte poiblí lena chinntiú go bhfuil bearta cosanta sábháilteachta cuí i bhfeidhm chun riachtanais ghnó an Ghrúpa a chomhlíonadh.

### Riosca bainistíochta tallainne

Braitheann an Grúpa ar infhaighteacht, cáilíocht, cumas agus tiomantas pearsanra chun an gnólacht a chothú, a fhorbairt agus a fhás de réir a phríomhchuspóirí. D'fhéadfadh go gcuirfí bac ar earcú/coinneáil pearsanra shinsearaigh de bharr riachtanas an Ghrúpa leibhéil tuarastail a shocrú faoi threoir thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Ár nDaoine a Chumasú
Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh

*Tionchar*
D'fhéadfadh spriocanna a bheith i mbaol mura ndéantar príomhphearsanra a bhfuil taithí agus scileanna cuí acu a mhealladh, a earcú, a choinneáil agus a bhainistiú.

*Maolú*

- Tá próisis láidre earcaíochta agus beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha um bainistíocht acmhainní daonna curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa mar aon le pleanáil straitéiseach lucht oibre lena chinntiú go mbeidh acmhainní cuí i bhfeidhm chun riachtanais ghnó an Ghrúpa a chomhlíonadh.
- Rannpháirtíocht le Coiste Luach Saothair na bPost Sinsearach maidir le socruithe luach saothair do Phríomhfheidhmeannaigh comhlachtaí stáit tráchtála.





### Caighdeáin oibríochtúla

Tá sé d'oibleagáid ar an nGrúpa caighdeáin oibríochtúla agus cháilíochta éagsúla a chomhlíonadh lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, na caighdeáin sin atá leagtha síos ag Údarás Eitlíochta na hÉireann, AirNav Ireland agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa mar chuid dá riachtanais cheadúnaithe aeradróim.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Barrfheabhas sna hOibríochtaí

*Tionchar*
Mura gcomhlíontar aon cheann de na caighdeáin sin, d'fhéadfaí smachtbhannaí a ghearradh, suas go dtí agus lena n-áirítear ceadúnas oibriúcháin an Aerfoirt a tharraingt siar nó pionóis airgeadais a ghearradh ar an nGrúpa.

*Maolú*

- Tá córais i bhfeidhm ag an nGrúpa chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta arna mbunú go seachtrach. Áirítear ar na córais sin gabháil sonraí, monatóireacht leanúnach agus próisis iomchuí um ghéarú.

### Inbhuanaitheacht

Cloíonn an Grúpa le ceanglais Phlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tá sé tiomanta dá ghnó a dhéanamh gan ach an tionchar is lú agus is féidir a imirt ar an gcomhshaol.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Barrfheabhas sna hOibríochtaí
Infheistíocht i gcúrsaí Réadmhaoine agus Bonneagair ar mhaithe le Fás
Dul i bhfeidhm ar Chroí agus Intinn Daoine
Ár nDaoine a Chumasú

*Tionchar*
D'fhéadfadh caillteanas tromchúiseach airgeadais nó dochar do chlú an Ghrúpa a bheith mar thoradh ar shárú ar na ceanglas sin nó ar thionchar an athraithe aeráide.

*Maolú*

- Rinne an Grúpa infheistíocht i struchtúir, próisis agus acmhainní chun na ceanglais tuairiscithe, an tionchar agus na spriocanna a chomhlíonadh agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin.
- Tá tionscadail ar siúl chun lorg carbóin an Ghrúpa a laghdú.
- Oibríonn an Grúpa go gníomhach le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla de chuid an Stáit agus le páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil a bhaineann le gnó a dhéanamh sna hearnálacha eitlíochta agus maoine.

### Sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht

Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir réimse dlíthe, rialacháin agus caighdeáin sábháilteachta, slándála agus inbhuanaitheachta atá ag éirí níos doichte i gcónaí.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Barrfheabhas sna hOibríochtaí
Dul i bhfeidhm ar Chroí agus Intinn Daoine

*Tionchar*
Má dhéantar aon dlí nó rialachán den sórt sin a shárú, d'fhéadfaí smachtbhannaí ábhartha a fhorchur ar an nGrúpa agus drochthionchar ábhartha a bheith aige sin ar ghnó an Ghrúpa.

*Maolú*

- Tá oiliúint foirne sna réimsí sábháilteachta, slándála agus inbhuanaitheachta, chomh maith le béim láidir ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, ina gcuid lárnach de straitéisí um maolú an Ghrúpa. Ceapadh iad sin chun sárú tromchúiseach ar oibleagáidí reachtúla nó rialála eile a chosc.
- Leanann an Grúpa le hinfheistíocht a dhéanamh i suiteálacha, i gcórais agus in acmhainní sábháilteachta agus slándála chun ceanglais dlí agus rialála a chomhlíonadh chun na caighdeáin tionscail is fearr a bhaint amach ar fud a aonad gnó go léir.
- Oibríonn an Grúpa go gníomhach le comhlachtaí éagsúla agus gníomhaireachtaí éagsúla de chuid an Stáit agus le páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna, sábháilteachta, slándála agus inbhuanaitheachta a bhaineann le haerfort a oibriú.

### Córais teicneolaíochta faisnéise

Tá córais teicneolaíochta faisnéise atá éifeachtach agus slán ríthábhachtach chun an gnólacht a bhainistiú go héifeachtach agus chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Barrfheabhas sna hOibríochtaí
Feidhmíocht Tráchtála a Spreagadh

*Tionchar*
D'fhéadfadh cur isteach suntasach ar oibríochtaí, caillteanas airgeadais nó damáiste clú don Ghrúpa tarlú i gcás ina dteipfeadh go mór ar chórais teicneolaíochta faisnéise an Ghrúpa. D'fhéadfadh cibirionsaithe, sáruithe sonraí nó teagmhais chomhchosúla lena mbaineann neamhchosaint shuntasach, caillteanas nó goid sonraí pearsanta tionchar diúltach a imirt ar an nGrúpa freisin.

# TUARASCÁIL RIOSCA AGUS RIALACHAIS (AR LEAN)

## PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS PRÍOMH-ÉIGINNTEACHTAÍ *(ar lean)*

### Córais teicneolaíochta faisnéise *(ar lean)*

*Maolú*

- Feidhmíonn an Grúpa feidhm chóras teicneolaíochta faisnéise láraithe ag a bhfuil sainchúram leathan. Feidhmíonn feidhm na teicneolaíochta faisnéise le leibhéal ard athléimneachta i gcórais agus i bpróisis.
- Tá pleananna leanúnachais gnó ann chun an riosca a bhainfidh le haon chur isteach suntasach mar gheall ar chliseach an chórais teicneolaíochta faisnéise a bhainistiú.
- Fostaíonn an Grúpa gairmithe atá cáilithe agus oilte go cuí chun an fheidhm sin a bhainistiú.
- Tá clár um feabhsú leanúnach agus ath-infheistíocht i gcórais teicneolaíochta faisnéise i bhfeidhm.

### Rialachas agus comhlíonadh

Tá an Grúpa faoi réir réimse leathan ceanglais reachtaíochta agus rialachais, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, na cinn atá leagtha amach i ndlí cuideachtaí na hÉireann agus na hEorpa.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Barrfheabhas sna hOibríochtaí

*Tionchar*
D'fhéadfadh caillteanas tromchúiseach airgeadais nó dochar do chlú an Ghrúpa a bheith mar thoradh ar aon sárú ar na ceanglais sin.

*Maolú*

- Tá struchtúir agus próisis i bhfeidhm ag an nGrúpa chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas rialála, reachtaíochta agus rialachais.
- Tá cur chuige réamhghníomhach, réamhbhreathnaitheach glactha ag an nGrúpa maidir le monatóireacht a dhéanamh ar athruithe ar rialáil agus ar reachtaíocht agus bíonn sé rannpháirteach go gníomhach lena scairshealbhóir, an Roinn Iompair, maidir leis an ábhar sin.
- Oibríonn an Grúpa le heagraíochtaí seachtracha eile freisin a sholáthraíonn comhairle agus oiliúint ar na cúrsaí sin don lucht bainistíochta.

## TUARASCÁIL RIOSCA AGUS RIALACHAIS

Tá an Bord tiomanta d'ardchaighdeáin Rialachais Chorparáidigh a choinneáil. Tá próisis agus nósanna imeachta cuí curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go gcomhlíonfar an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCód Cleachtais maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus Leasuithe ar an Iarscríbhinn ar Luach Saothair agus Aoisliúntas a eisíodh in 2016, 2020 agus 2021 (an "Cód") ina leagtar amach prionsabail an rialachais chorparáidigh a bhfuil sé de cheangal ar bhoird comhlachtaí stáit cloí leo. Cloíonn an Grúpa leis an gCód Cleachtais ar gach slí ábhartha. Bhunaigh an Grúpa Cóid Iompair Ghnó do stiúrthóirí, don lucht ardbhainistíochta agus d'fhostaithe ina leagtar amach prionsabail an iompair eiticiúil agus fhreagraigh a mbítear ag súil leo uathu. Déanann an Grúpa athbhreithniú agus nuashonrú ar bhonn leanúnach ar a chuid beartas agus nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíonfar an Cód agus an dea-chleachtas maidir le Rialachas Corparáideach.

## BORD NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na hocht stiúrthóir atá ag fónamh ar an mBord ó dháta faofa na ráiteas airgeadais liostaithe sa tábla thíos. Mura sonraítear a mhalairt thíos d'fhóin siad mar stiúrthóirí don bhliain iomlán dar críoch an 31 Nollaig 2024.

*Stiúrthóir*
Conal Henry (Cathaoirleach)
Mary Considine (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)
Audrey Costelloe
Aisling Curtis
Alan Donohue
Tom Kelly
Ambrose Loughlin
Stephen Rae

*Rúnaí na Cuideachta*
Rachael Leahy

D'éirigh John Moran as an mBord le héifeacht ón 21 Márta 2024.

Tá an Bord freagrach as bainistíocht chuí agus rath fadtéarmach an Ghrúpa. Tá an Bord freagrach freisin as cultúr, luachanna agus eitic an Ghrúpa a shuí. Déanann sé na cinntí straitéiseacha suntasacha ar fad agus coinníonn sé rialú iomlán agus éifeachtach dóthain solúbthachta á tabhairt aige don lucht bainistíochta chun an gnó a reáchtáil ar bhealach éifeachtach éifeachtúil laistigh d'údarás tarmligthe cuí arna fhaomhadh ag an mBord. Tá struchtúr rialachais chorparáidigh curtha i bhfeidhm ag an mBord lena ndéantar soláthar do mhaoirseacht chuí ar leibhéal an Bhoird agus do tharmligean chuig an mbainistíocht.

Tá sceideal foirmiúil ábhar forchoimeádta ag an mBord lena gcinneadh agus lena bhfaomhadh. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, glacadh le pleananna straitéiseacha agus gnó, faomhadh na ráiteas airgeadais bliantúil agus an bhuiséid bhliantúil, sábháilteacht, iasachtaí, éadálacha, diúscairtí, caiteachas caipitiúil agus idirbhearta maoine (os cionn tairseacha áirithe) agus conarthaí ábhartha. I measc na n-ábhar eile a fhorchoimeádtar don Bhord tá maoirseacht ar an gcóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh, tarmligean údaráis agus ceapadh an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

Treoraíonn an Cathaoirleach an Bord maidir le cinneadh a straitéise agus baint amach a chuspóirí agus tá sé freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, a éifeachtúlacht a chinntiú agus a chlár oibre a shocrú. Tá an Cathaoirleach freagrach as caighdeáin arda ionracais agus mhacántachta a léiriú agus tá sé freagrach as ionchais a leagan síos maidir le cultúr, luachanna agus iompair agus atmaisféar an phlé ar leibhéal an Bhoird. Éascaíonn an Cathaoirleach rannchuidiú éifeachtach na stiúrthóirí, cinntíonn sé go bhfaighidh na stiúrthóirí faisnéis chruinn, thráthúil agus shoiléir agus bainistíonn sé cumarsáid éifeachtach leis an Aire Iompair ("an tAire").

Cuirtear faisnéis rialta ar fáil don Bhord, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta do gach gné de ghnóthaí an Ghrúpa. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir rialta ar na stiúrthóirí in am agus i dtráth, chun ullmhú do chruinnithe an Boird agus na gcoistí Boird. Forlíontar na páipéir sin le faisnéis a iarrann na stiúrthóirí go sonrach ó am go chéile. Soláthraítear tuarascálacha agus faisnéis um bainistíocht airgeadais go rialta do na stiúrthóirí go léir, rud a chuireann ar a gcumas feidhmíocht an Ghrúpa agus an lucht bainistíochta a scrúdú i gcoinne cuspóirí comhaontaithe.

Tá struchtúr an Bhoird leagtha síos le reacht trína leagtar amach líon na stiúrthóirí ar an mBord, agus an dóigh a gceaptar (agus a mbristear) na stiúrthóirí sin, lena n-áirítear an Cathaoirleach, san Acht um Ghrúpa na Sionainne. Foráiltear an méid seo a leanas leis an reachtaíocht:

- Ní bheidh níos mó ná deich stiúrthóir ar Bhord na Cuideachta.
- Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i ndiaidh dó dul i gcomhairle le cibé ionadaithe ceardchumainn is iomchuí leo, dhá dhuine a cheapadh a dhéanfaidh ionadaíocht d'fhostaithe an Ghrúpa, amhail stiúrthóirí na Cuideachta.
- Is é an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, a cheapfaidh stiúrthóirí na Cuideachta (seachas an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin).
- Beidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar feadh thréimhse a gceapacháin, ina stiúrthóir *ex officio* ar an gCuideachta.
- Beidh gach stiúrthóir de chuid na Cuideachta ar pé téarmaí (seachas íocaíocht luach saothair agus liúntais i leith speansas) a chinnfidh an tAire tráth a gceapacháin. Socróidh an tAire, le linn dó stiúrthóir de chuid na Cuideachta a cheapadh, tréimhse oifige an stiúrthóra sin, tréimhse nach faide ná 5 bliana.
- Ní fhónfaidh stiúrthóir de chuid na Cuideachta (seachas an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) ar feadh tréimhse níos faide ná 10 mbliana ar an iomlán.

Tá an Bord sásta go bhfuil a mhéid agus a struchtúr, arna leagan síos sa reachtaíocht, oiriúnach do riachtanais na Cuideachta agus go mbaintear cothromaíocht ionadaíochta ar an mBord amach.

Tá próiseas foirmiúil ionduchtaithe déanta ag stiúrthóirí agus cuirtear doiciméid mhionsonraithe faisnéise, rialachais, faisnéise airgeadais agus oibriúcháin ar fáil dóibh agus bhí deis acu faisnéis a fháil ó na feidhmeannaigh maidir le gnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa. Soláthraítear turais eagraithe taithíochta ar shaoráidí an Ghrúpa lena n-áirítear ar champas an Aerfoirt agus ar mhaoine tráchtála an Ghrúpa. Déantar athbhreithniú leanúnach ar riachtanais forbartha leanúnacha na stiúrthóirí. Aithníonn an Bord an gá lena chinntiú go mbeidh na comhaltaí Boird ar an eolas faoina bhfreagrachtaí reachtúla agus muiníneacha agus go gcoinneofar cothrom le dáta agus ar an eolas iad faoi fhorbairtí tionscail, eacnamaíocha agus Rialachais Chorparáidigh agus athruithe ar an dea-chleachtas. Déantar riachtanais oiliúna agus forbartha a athbhreithniú agus déantar iad chomhaontú leis an gCathaoirleach.

Tá rochtain ag na comhaltaí Boird ar Rúnaí na Cuideachta atá freagrach as a chinntiú go gcloífear le nósanna imeachta an Bhoird agus go gcloífear leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme.

Féachann an Bord lena fheidhmíocht agus lena éifeachtúlacht a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus déanann sé measúnú ar a fheidhmíocht gach bliain. Tugtar dearbhú leis an measúnú go bhfuil an Bord tiomanta do na caighdeáin rialachais is airde. Stiúrann an Cathaoirleach an measúnú agus tugann Rúnaí na Cuideachta tacaíocht dó. Chomh maith leis sin, déantar measúnú neamhspleách ar éifeachtúlacht an Bhoird gach trí bliana, agus cuireadh an cleachtadh deireanach den sórt sin i gcrích in 2023. Ba é ba chuspóir don mheasúnú neamhspleách athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird ina iomláine agus aon réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú a shainaithint. Deimhníodh leis an measúnú neamhspleách go bhfuil an Bord ag feidhmiú go héifeachtach. Toisc gur faoin Aire atá ceapacháin Bhoird, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (lena n-áirítear ceapadh stiúrthóirí ionadaíocha fostaithe), ní dhéantar meastóireacht ar stiúrthóirí aonair.

# TUARASCÁIL RIOSCA AGUS RIALACHAIS (AR LEAN)

### BORD NA S TIÚRTHÓIRÍ*(ar lean)*

Tá na coistí seo a leanas ag an mBord:

- Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca
- Coiste Luach Saothair
- An Coiste Sábháilteachta, Slándála agus Inbhuanaitheachta

### NEAMHSPLEÁCHAS NA STIÚRTHÓIRÍ

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí in oifig an 31 Nollaig 2024 i scaireanna na Cuideachta nó a fochuideachtaí ag tús na bliana nó ag dáta a gceapacháin, má bhí sé níos déanaí, ná ag deireadh na bliana.

Tá stiúrthóireachtaí nó poist feidhmiúcháin ag comhaltaí áirithe Boird, mar atá léirithe thíos, in eagraíochtaí faoi rialú Rialtas na hÉireann. Is comhalta í Mary Considine d'Údarás Ceannais Choláiste Mhuire gan Smál. Tá Audrey Costelloe agus Alan Donohue ina bhfostaithe ag Aerfort na Sionainne. Tá Ambrose Loughlin ina chomhlachta de Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Tá an Bord sásta go bhfuil a stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar an mbainistíocht, neamhspleách ar charachtar agus breithiúnas agus saor ó chaidreamh nó cúinsí ar dóigh go rachaidh siad i bhfeidhm, nó ar cosúil go bhfuil siad ag dul i bhfeidhm, ar bhreithiúnas an chomhalta Boird. Soláthraíonn gach comhalta Boird breithiúnas neamhspleách. Ceanglaítear ar chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin aon leasanna nó caidreamh a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleách a fhógairt.

Nochtann na comhaltaí Boird aon choinbhleachtaí leasa féideartha nó iarbhír faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 (arna leasú). Anuas air sin, tá na comhaltaí Boird freagrach as fógra a thabhairt don Rúnaí Cuideachta ar bhonn leanúnach má thagann sé/sí ar an eolas faoi aon athrú ar a gcúinsí maidir le coinbhleachtaí leasa, mar atá sonraithe sa Chód Iompair Gnó do Stiúrthóirí agus don Lucht Ardbhainistíochta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mBord chun déileáil le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann. De réir fhorálacha an Chóid agus an Achta um Ghrúpa na Sionainne, ní mór do gach stiúrthóir aon leasanna a nochtadh agus fanacht ar shiúl ó phlé an Bhoird i gcás ina bhfuil leas díreach nó indíreach acu. I gcúinsí den sórt sin cloíonn an Chuideachta agus gach stiúrthóir leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh agus iompair gnó is airde i gcónaí. Áirítear idirbhearta páirtithe gaolmhara a dteastaíonn faisnéis a nochtadh ina leith i Nóta 27 leis na ráitis airgeadais.

### COTHROMAÍOCHT INSCNE I MBALLRAÍOCHT AN BHOIRD

San Iarscríbhinn ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht, agus Cuimsiú lena bhforlíontar an Cód, leagtar amach bearta atá deartha chun feabhas a chur ar an éagsúlacht ar an mBord, ar an gceanglas cuntas a sholáthar ar an gcur chuige atá á ghlacadh maidir le cur chun cinn na héagsúlachta agus an chuimsithe, lena n-áirítear maidir le cothromaíocht inscne, i gcomhthéacs sonrach na heagraíochta, agus ar an dul chun cinn agus an méid atá baint amach ina leith sin.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí trí bhean (37.5%) agus cúig fhear (62.5%) ar an mBord. Mar sin ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit. Déanann an Bord a dhícheall cothromaíocht inscne agus éagsúlacht a choinneáil ar bun. D'iarr an Bord go dtabharfadh an tAire, agus an tsonraíocht do cheapacháin an Boird á dréachtú aige, aird chuí ar éagsúlacht ar an mBord lena n-áirítear inscne chun ballraíocht uilechuimsitheach éagsúil a chinntiú.

### AN RÚNAÍ CUIDEACHTA AGUS ROCHTAIN AR CHOMHAIRLE GHAIRMIÚIL

Is é an Bord a cheapann an Rúnaí Cuideachta.

Tá fáil ag na stiúrthóirí ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí Cuideachta, atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcomhlíonfar nósanna imeachta an Bhoird. Tá comhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag an mBord de réir mar is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, i gcomhréir le nósanna imeachta an Ghrúpa, ar chostas an Ghrúpa.

### CRUINNITHE

Tionóltar cruinnithe rialta an Bhoird le linn na bliana. Tháinig an Bord le chéile ar bhonn foirmiúil ocht n-uaire le linn na bliana. Chomh maith sin, tionóladh cruinnithe coiste sceidealaithe.

Tá tinreamh ag cruinnithe Boird sceidealaithe leagtha amach thíos:

| Stiúrthóir | Cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu | An líon uasta cruinnithe |
|---|---|---|
| Conal Henry | 8 | 8 |
| Mary Considine (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) | 8 | 8 |
| Tom Kelly | 7 | 8 |
| Ambrose Loughlin | 8 | 8 |
| Stephen Rae | 8 | 8 |
| Audrey Costelloe | 8 | 8 |
| Alan Donohoe | 8 | 8 |
| Aisling Curtis | 6 | 8 |
| John Moran | 3 | 3 |





### COISTÍ BOIRD

Tá struchtúr éifeachtach coistí ag an mBord chun cuidiú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Tá sonraí faoi obair an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, an Choiste Luach Saothair, agus an Choiste Sábháilteachta, Slándála agus Inbhuanaitheachta, lena n-áirítear a mballraíocht reatha, leagtha amach thíos.

### COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS RIOSCA

Ceanglaítear ar an gCuideachta faoi Alt 167 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, coiste iniúchóireachta a bhunú. Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca faoina dtarmligeann an Bord údarás chuige Fónann Tom Kelly mar Chathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn na bliana agus tá tinreamh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach sa tábla thíos:

| Ball | Cruinnithe Coiste ar freastalaíodh orthu | An líon uasta cruinnithe |
|---|---|---|
| Tom Kelly | 4 | 4 |
| Conal Henry | 4 | 4 |
| Ambrose Loughlin | 4 | 4 |

I measc an lucht freastal rialta ar chruinnithe an Choiste um Iniúchóireachta agus Riosca bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Príomhoifigeach Oibríochtaí, an Príomhoifigeach Airgeadais, an tIniúchóir Inmheánach seachfhoinsithe - Deloitte, an ardbhainistíocht ó roinn airgeadais an Ghrúpa agus Ernst & Young, an t-iniúchóir neamhspleách reachtúil ( "EY").

Is iad seo a leanas príomhréimsí freagrachta an Choiste:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus moladh a chur isteach chuig an mBord, díriú go sonrach ar athruithe ar bheartais agus ar chleachtais chuntasaíochta, mór-réimsí breithiúnais, difríochtaí suntasacha iniúchóireachta coigeartaithe nó neamhchoigeartaithe, bonn tuisceana an ghnóthais leantaigh, comhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta, comhlíonadh na gceanglas dlí a chinntiú agus comhsheasmhacht na faisnéise eile a chuirtear i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais;
- ceapachán, athcheapadh agus briseadh an iniúchóra reachtúil agus an táille iniúchóireachta a bhreithniú agus a mholadh;
- beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le rannpháirtíocht nó dámhachtain conarthaí don iniúchóir reachtúil nó don chleamhnaí le haghaidh obair neamh-iniúchóireachta, agus dea-chleachtais ábhartha agus treoirlínte eiticiúla á gcur san áireamh;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar a laghad ar fheidhmíocht, cáilíochtaí, saineolas, acmhainní agus neamhspleáchas an iniúchóra reachtúil agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an phróisis iniúchóireachta seachtraí;
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha airgeadais, rialuithe inmheánacha agus córais bainistíochta riosca an Ghrúpa;
- cuidiú leis an mBord lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le hoiriúnacht agus iomláine an chórais rialaithe inmheánaigh a chinntiú, athbhreithniú a dhéanamh ar an modh agus ar an gcreat trína gcinntíonn an lucht bainistíochta leordhóthanacht chineál, mhéid agus éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh agus trína ndéanann sé monatóireacht orthu, lena n-áirítear córais rialaithe cuntasaíochta agus ar an dóigh sin córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun;
- athbhreithniú agus moladh a dhéanamh ar Ráiteas an Ghrúpa ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca sula bhformhuineoidh an Bord é;
- maoirseacht a dhéanamh ar neamhchosaintí reatha an Ghrúpa ar riosca agus straitéis riosca don todhchaí agus comhairle a thabhairt ina leith don Bhord;
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí ar bhonn bliantúil;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chláir Iniúchóireachta Inmheánaí, agus comhordú a chinntiú idir na hiniúchóirí inmheánacha agus reachtúla agus a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, agus go dtugtar aird imleor ar iniúchóireacht ar luach ar airgead; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas trína bhféadfaidh baill foirne, faoi rún, ábhair imní a ardú faoi mhímhacántacht ghnó, airgeadais nó eile a d'fhéadfadh a bheith ann agus a chinntiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun cúrsaí den sórt sin a fhiosrú.

D'athbhreithnigh an Coiste na ráitis airgeadais bhliantúla sular mhol sé don Bhord iad a fhaomhadh. Bhreithnigh an Coiste oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta, na meastachán agus na mbreithiúnas suntasach a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, mar aon le cúrsaí cur i láthair agus nochta faisnéise, agus phléigh sé é sin leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis an bPríomhoifigeach Oibríochtaí, leis an bPríomhoifigeach Airgeadais, leis an ardbhainistíocht ón roinn airgeadais agus leis an iniúchóir neamhspleách reachtúil.

# TUARASCÁIL RIOSCA AGUS RIALACHAIS (AR LEAN)

### AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS RIOSCA (ar lean)

Tá creat bainistíochta riosca bunaithe ag an gCoiste agus bhreithnigh sé na próisis chun rioscaí reatha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint, a thuairisciú agus a bhainistiú. Fuair an Coiste tuarascálacha bainistíochta tréimhsiúla maidir leis an gcreat bainistíochta riosca a cuireadh i bhfeidhm, lena n-áirítear gníomhaíochtaí bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí, iad a mhaolú agus a bhainistiú ar bhonn leanúnach. Chuir sé sin le fáil rialta tuarascálacha bainistíochta an Bhoird ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar athruithe suntasacha ar an timpeallacht ghnó agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i gcion ar na cláir rioscaí.

Rinne an Coiste athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar éifeachtúlacht chóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa. Clúdaíodh leis an monatóireacht na rialuithe ar fad, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus próisis bainistíochta riosca.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar phlean bliantúil iniúchóireachta inmheánaí riosca-bunaithe, lena n-áirítear na hacmhainní a theastaíonn, agus bhreithnigh sé fócas an iniúchóireachta inmheánaí a ailíniú leis na réimsí is mó riosca atá os comhair an Ghrúpa. Le linn na bliana, bhreithnigh an Coiste tuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach ina ndearnadh achoimre ar an obair a bhí beartaithe agus an obair a rinneadh, agus inar moladh feabhsuithe agus ina ndearnadh cur síos ar bhearta arna ndéanamh ag an lucht ardbhainistíochta. Thug an tIniúchóir Inmheánach breithmheas don Choiste maidir le torthaí athbhreithnithe na hiniúchóireachta inmheánaí. Bhreithnigh an Coiste dul chun cinn an lucht bainistíochta freisin maidir le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna ábhartha, lena n-áirítear cineál, méid agus luas na freagartha.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar luach saothair agus téarmaí fostaíochta EY, an t-iniúchóir neamhspleách reachtúil. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchóireachta seachtraí agus ar thorthaí EY óna iniúchadh ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Ghlac an Coiste na bearta cuí lena chinntiú go raibh caidreamh oibiachtúil gairmiúil á chothú le EY.

Bhreithnigh an Coiste neamhspleáchas agus oibiachtúlacht EY. Áiríodh leis sin breithniú a dhéanamh ar a) cineál agus méid na seirbhísí a chuirtear ar fáil, agus na táillí a thuilltear, as iniúchóireacht sheachtrach agus obair neamh-iniúchóireachta a rinne EY agus b) a chinntiú nach mbeidh leas coinbhleachta ag baint le soláthar seirbhísí neamh-iniúchóireachta don Ghrúpa.

Tá na táillí a íoctar le EY as seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí a bhaineann le hiniúchóireacht agus seirbhísí eile neamh- iniúchóireachta leagtha amach i Nóta 5 de na ráitis airgeadais. Ní raibh cásanna ar bith ann inar fostaíodh EY chun seirbhísí a sholáthar a measadh go n-eascródh coinbhleacht leasa astu.

Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh EY maidir le treoir ábhartha rialála, eiticiúil agus ghairmiúil maidir le huainíocht na gcomhpháirtithe, chomh maith le measúnú bliantúil a dhéanamh ar a cháilíochtaí, a shaineolas, a acmhainní agus éifeachtúlacht an phróisis iniúchóireachta.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste ar bhonn tréimhsiúil don Bhord maidir le ceisteanna suntasacha a bhreithníonn an Coiste agus a bhreithníonn an Bord ansin.

### COISTE LUACH SAOTHAIR

Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste Luach Saothair faoina dtarmligeann an Bord údarás chuige. Fónann Tom Kelly mar Chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair.

Tháinig an Coiste le chéile dhá uair le linn na bliana agus tá tinreamh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach sa tábla thíos:

| Ball | Cruinnithe Coiste ar freastalaíodh orthu | An líon uasta cruinnithe |
|---|---|---|
| Tom Kelly | 2 | 2 |
| Conal Henry | 2 | 2 |
| Stephen Rae | 2 | 2 |

Is iad príomhfhreagrachtaí an Choiste Luach Saothair luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a chinneadh, struchtúir pá an lucht ardbhainistíochta a chinneadh, scéimeanna scaoilíocaíochta deonaí agus cláir athstruchtúraithe a fhaomhadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ábharthacht leanúnach bheartais luach saothair agus scéimeanna pinsin an Ghrúpa agus aon mhórathruithe struchtúracha ar bheartais nó ar scéimeanna den sórt sin.

Tá sonraí maidir le táillí agus luach saothair na stiúrthóirí lena n-áirítear cinn an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach i Nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, de réir cheanglais an Chóid. Tá achoimre déanta ar luach saothair an phríomh-lucht bhainistíochta i Nóta 27 (b) leis na ráitis airgeadais.

### AN COISTE SÁBHÁILTEACHTA, SLÁNDÁLA AGUS INBHUANAITHEACHTA

Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste Sábháilteachta, Slándála agus Inbhuanaitheachta (ar a dtugtaí an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil roimhe seo) faoina dtarmligeann an Bord údarás chuige.

Ceapadh Alan Donohoe ar an gCoiste an 14 Márta 2024. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn na bliana agus tá tinreamh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach sa tábla thíos:

| Ball | Cruinnithe Coiste ar freastalaíodh orthu | An líon uasta cruinnithe |
|---|---|---|
| Stephen Rae | 4 | 4 |
| Ambrose Loughlin | 4 | 4 |
| Aisling Curtis | 2 | 4 |
| Alan Donohoe | 3 | 3 |

Ba iad príomhchúraimí an Choiste le linn na bliana maoirseacht a dhéanamh ar na cúrsaí sábháilteachta, slándála agus inbhuanaitheachta don Ghrúpa agus maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta agus slándála aeradróm ag Aerfort na Sionainne.

Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar aon saincheisteanna suntasacha um chomhlíonadh nó ar aon saincheisteanna ábhartha eile, faigheann sé tuairiscí teagmhais, athbhreithníonn sé tuairiscí ar shaincheisteanna sábháilteachta, slándála, sláinte, sábháilteachta agus inbhuanaitheacht ar thaobh an aeir, déanann sé monatóireacht ar na próisis atá i bhfeidhm maidir le hoiliúint agus déanann sé athbhreithniú ar chumarsáid a bhaineann leis an nGrúpa. Déanann sé monatóireacht agus athbhreithniú ar na cláir rioscaí a chlúdaítear lena shainchúram.

### RIALÚ INMHEÁNACH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Tá an córas deartha chun an baol go dteipfidh ar na cuspóirí gnó a bhaint amach a bhainistiú, seachas a dhíothú, agus ní sholáthraítear leis ach ráthaíocht réasúnta, ach ní ráthaíocht iomlán, i gcoinne míráiteas ábhartha nó caillteanais.

Tá struchtúr eagraíochtúil lena ngabhann nósanna imeachta oibriúcháin agus tuairiscithe soiléire bunaithe ag an mBord, tá seirbhísí pearsanra cáilithe go cuí faighte aige, tá línte oiriúnacha freagrachta deartha aige, tá teorainneacha údaraithe cuí curtha i bhfeidhm aige, tá socruithe déanta aige maidir le leithscaradh dualgas agus tharmlig sé an t-údarás riachtanach le haghaidh cinnteoireachta.

Tá próiseas leanúnach curtha i bhfeidhm ag an mBord chun na rioscaí suntasacha atá os comhair an Ghrúpa a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha gnó a shainaithint agus a mheasúnú agus chun rialuithe inmheánacha oiriúnacha a dhearadh agus a fheidhmiú. Tá Príomhoifigeach Riosca ceaptha ag an mBord. Faigheann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca, an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Inbhuanaitheachta agus an Bord tuarascálacha rialta ón bPríomhoifigeach Riosca agus ón lucht bainistíochta maidir le príomhrioscaí agus an dóigh a mbainistítear iad.

Áirítear an méid seo a leanas leis an gcóras rialaithe inmheánaigh:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir, lena ngabhann teorainneacha údaráis sainithe agus sásraí tuairiscithe chuig na leibhéil níos airde bainistíochta agus chuig an mBord;
- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe lena n-áirítear buiséad bliantúil atá faoi réir fhaomhadh an Bhoird. Déantar atuartha i rith na bliana chun torthaí ionchais in aghaidh an Bhuiséid a rianú agus cuirtear i láthair an Bhoird iad;
- Córas cuimsitheach tuairiscithe airgeadais lena n-áirítear tuairisciú ar thorthaí iarbhír carnacha míosúla in aghaidh an bhuiséid agus na hatuartha is déanaí, más infheidhme. Cuirtear na torthaí sin i láthair an Bhoird lena mbreithniú ag gach cruinniú Boird. Ceistíonn an Bord athruithe suntasacha nó difríochtaí díobhálacha agus glactar beart feabhais nuair is cuí;
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta, lena n-áirítear caiteachas caipitil;
- Cód eitice lena n-éilítear ar an lucht ardbhainistíochta agus ar fhostaithe na caighdeáin eitice is airde a choinneáil agus iad i mbun gnó;
- Freagracht an lucht bainistíochta as rialú inmheánach ar a bhfeidhmeanna gnó faoi seach; agus
- Déanann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí athbhreithniú córasach ar na rialuithe inmheánacha airgeadais agus neamhairgeadais. Forbraítear clár iniúchóireachta inmheánaí riosca-bhunaithe chun athbhreithnithe atá le déanamh a chinneadh.

# TUARASCÁIL RIOSCA AGUS RIALACHAIS (AR LEAN)

### RIALÚ INMHEÁNACH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA *(ar lean)*

Coinníonn an Grúpa cláir rioscaí ar a bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord agus ar a bhfuil athbhreithniú mionsonraithe déanta ag an gCoiste um Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an gCoiste Sábháilteachta, Slándála agus Inbhuanaitheachta, de réir mar is cuí. Leis na cláir rioscaí, déantar príomhrioscaí atá os comhair an Ghrúpa, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta, a shainaithint agus a mheasúnú agus tugtar aghaidh ar a maolú.

Tuairiscíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Riosca don Bhord maidir le hathruithe suntasacha ar an ngnólacht agus ar a thimpeallacht sheachtrach agus ar thionchar na n-athruithe sin ar phróifíl riosca an Ghrúpa.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais. Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú mionsonraithe, inar tuairiscíodh a thorthaí don Bhord. Rinneadh athbhreithniú ar na príomhréimsí rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus bainistíochta riosca. Áirítear ar an bpróiseas arna úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Athbhreithniú agus breithniú ar an gclár Iniúchóireachta Inmheánaí agus breithniú ar a thuarascálacha agus a thorthaí;
- Athbhreithniú ar stádas na n-ábhar a d'ardaigh an Iniúchóireacht Inmheánach roimhe seo;
- Athbhreithniú ar an ngníomhaíocht bainistíochta riosca lena n-áirítear na cláir rioscaí; agus
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir reachtúil ina gcuimsítear sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir leis an rialú airgeadais inmheánaigh a shainaithin siad ina gcuid oibre mar iniúchóir.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Bhoird don Aire maidir le comhlíonadh an Chóid i leith na tréimhse airgeadais atá á hathbhreithniú.

Tá an Bord sásta go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa deartha go cuí chun dearbhú réasúnach a sholáthar maidir le sócmhainní a chosaint ar úsáid nó diúscairt neamhúdaraithe agus maidir le cuntasaíocht chuí agus faisnéis airgeadais iontaofa a choinneáil.

### CEANGLAIS TUAIRISCITHE

Soláthraítear na nochtaí seo a leanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus a chomhaontaítear leis an Roinn Iompair.

B'ionann na costais taistil agus chothaithe a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais don bhliain agus €0.15 milliún (náisiúnta) agus €0.15 milliún (idirnáisiúnta). B'ionann na costais fáilteachais agus folláine foirne a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais agus €0.14 milliún (fostaithe) agus €0.05 milliún (custaiméirí).

B'ionann costais seirbhísí gairmiúla a tabhaíodh agus a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais in 2024 agus €0.52 milliún, inar cuimsíodh costais dlí de €0.15 milliún, costais chomhairleacha cánach agus airgeadais €0.06 milliún, agus costais saincomhairleoireachta eile de €0.31 milliún. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí chun cúrsaí dlí a shocrú in 2024.

Níor tháinig aon íocaíochtaí foirceanta chun cinn faoi chláir athstruchtúraithe fhaofa agus níor gearradh aon cheann ar an gcuntas brabúis agus caillteanais in 2024. Tá méideanna a bhaineann le costais foirne a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais leagtha amach i Nóta 6 leis na ráitis airgeadais.

Taispeántar sonraí faoi shochair na bhfostaithe do ghníomhaíochtaí an Ghrúpa thíos[2].

| | Líon na bhfostaithe laistigh den bhanda |
|---|---|
| **€** | **2024** |
| 50,000 – 74,999 | 101 |
| 75,000 – 99,999 | 38 |
| 100,000 – 124,999 | 23 |
| 125,000 – 149,999 | 1 |
| 150,000 – 174,999 | 1 |
| 175,000 – 199,999 | 3 |
| 200,000 – 224,999 | 3 |

### RÁITEAS UM CHOMHLÍONADH

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chomhlíon an Chuideachta, ar gach slí ábhartha, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

[2] Cuimsítear i sochair fostaithe gach tuilleamh rialta, tuarastal, ragobair, tuilleamh a bhaineann le hobair sheala, tuilleamh bunaithe ar fheidhmíocht agus sochair eile amhail árachas leighis, ach ní áirítear ranníocaíochtaí pinsin fostóra iontu.





# RÁITEAS FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ MAIDIR LEIS AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaítear le dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh siad ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus de réir an dlí is infheidhme.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a lua ar cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus, de réir mar is cuí, cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh; agus
- úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé beartaithe acu an Grúpa nó an Chuideachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil rogha réadúil acu ach é sin a dhéanamh.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus lena gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhófar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta de réir an IFRS is infheidhme, arna ghlacadh ag an Aontas Eorpach agus a chloíonn le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu as cibé bearta a dhéanamh atá ar fáil dóibh go réasúnta chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as Tuarascáil na Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as a chinntiú go léirítear leis na nochtaí Rialachais Chorparáidigh a chuimsítear i dTuarascáil na Stiúrthóirí agus sa tuarascáil Riosca agus Rialachais comhlíonadh an Ghrúpa maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh difríocht a bheith idir an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

| | |
|---|---|
| **Conal Henry**<br>*Stiúrthóir* | **Mary Considine**<br>*Stiúrthóir* |

20 Márta 2025

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH CHUIG COMHALTAÍ GHRÚPA AERFORT NA SIONAINNE CPT

## TUAIRIM

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Ghrúpa na Sionainne cpt ('an Chuideachta') agus a fhochuideachtaí ('an Grúpa') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, ina gcuimsítear an Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais, an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsithigh Eile, Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais, Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais, Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar an gCothromas, Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar an gCothromas, Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid, Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na Cuideachta agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha beartais cuntasaíochta atá leagtha amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú Dlí na hÉireann agus Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ('IFRS') arna nglacadh ag an Aontas Eorpach.

Is é seo a leanas ár dtuairim féin:

- tugtar léargas fíor agus cothrom i ráitis airgeadais an Ghrúpa ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a bhrabús don bhliain sin dar críoch;
- tugtar léargas fíor agus cothrom i ráitis airgeadais na Cuideachta ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2024;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa i gceart de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta i gceart de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus ráitis airgeadais na Cuideachta i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

## BUNÚS LEIS AN TUAIRIM

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (ISA (Éire)) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa roinn dár dtuarascáil maidir le Freagrachtaí an Iniúchóra as Iniúchóireacht na Ráiteas Airgeadais. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta de réir riachtanais eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchóireacht ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuaireamar chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

## CONCLÚIDÍ A BHAINEANN LE GNÓTHAS LEANTACH

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, thángamar ar an gconclúid go bhfuil úsáid na stiúrthóirí as gnóthas leantach na cuntasaíochta in ullmhú na ráiteas airgeadais cuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor shainaithnímid aon éiginnteachtaí ábhartha maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa nó na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a n-údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna ranna ábhartha den tuarascáil seo. Mar sin féin, toisc nach féidir gach imeacht nó dáil amach anseo a thuar, ní ráthaíocht é an ráiteas seo i ndáil le cumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

## FAISNÉIS EILE

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear san fhaisnéis eile an fhaisnéis atá sa Tuarascáil Bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra orthu. Ní chumhdaítear inár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Is í ár bhfreagracht an fhaisnéis eile a léamh agus, agus é sin á dhéanamh againn, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár n-eolas a fuaireamar san iniúchadh nó má cosúil go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar shlí eile. Má shainaithnímid neamhréireachtaí ábhartha den sórt sin nó míráiteas ábhartha dealraitheach, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile. Má chinnimid, bunaithe ar an obair a rinneamar, go bhfuil míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis sin.

## TUAIRIMÍ AR ÁBHAIR EILE A FHORORDAÍTEAR LE HACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe go hiomlán ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, tuairiscímid an méid seo a leanas:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus
- ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá riachtanach chun críocha ár n-iniúchta, a mhéid is fearr is eol dúinn agus a chreidimid.

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus tagann an ráiteas ar staid airgeadais na Cuideachta leis na taifid chuntasaíochta.

## ÁBHAIR A GCEANGLAÍTEAR ORAINN TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH ORTHU TRÍ EISCEACHT

Bunaithe ar eolas agus ar thuiscint na cuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, níor aimsíomar aon mhíráiteas ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Le hAcht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear orainn tuairisciú duit, más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta na nochtaí a cheanglaítear le hailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí. Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis sin.

## AN CÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (AN "CÓD")

Ceanglaítear orainn faoin gCód a thuairisciú duit mura léirítear leis an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód, arna chuimsiú i dTuarascáil na Stiúrthóirí go gcomhlíonadh an Ghrúpa mír 1.9(iv) den Chód nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus mura bhfuil sé, tuairiscímid é sin. Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis sin.

## FREAGRACHTAÍ FAOI SEACH

## FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ AS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 57, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais is infheidhme ina dtugtar léargas fíor agus cothrom, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfeadh siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus nochtann siad, de réir mar is infheidhme, ábhair a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus úsáid a bhaint as bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht mura bhfuil sé beartaithe ag lucht bainistíochta an Grúpa nó an Mháthairchuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réadúil aige ach é sin a dhéanamh.

## FREAGRACHTAÍ AN INIÚCHÓRA AS NA RÁITIS AIRGEADAIS A INIÚCHADH

Is iad ár gcuspóirí dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina gcuimseofar ár dtuairim. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míráiteas ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna (Éire). D'fhéadfadh míráitis teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár gcuid freagrachtaí maidir le hiniúchóireacht na ráiteas airgeadais ar fáil ar shuíomh gréasáin an IAASA ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf.

Tá an cur síos sin ina chuid dár dtuarascáil iniúchóra.

## CUSPÓIR ÁR GCUID OIBRE INIÚCHÓIREACHTA AGUS IAD SIÚD A BHFUIL ÁR GCUID FREAGRACHTAÍ FAOINA GCOMAOIN

Déantar ár dtuarascáil do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis an méid a gceanglaítear orainn a lua le comhaltaí na Cuideachta, a lua leo i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá tugtha againn.

**Cathal McDonagh**
*ar son agus thar ceann*
*Ernst & Young, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil*
Gaillimh

Dáta: 25 Márta 2025

# RÁITEAS COMHDHLÚITE BRABÚIS NÓ CAILLTEANAIS

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | Iomlán roimh na míreanna eisceachtúla 2024 €'000 | Míreanna eisceachtúla (Nóta 3) 2024 €'000 | Iomlán 2024 €'000 | Iomlán roimh na míreanna eisceachtúla 2023 €'000 | Míreanna eisceachtúla (Nóta 3) 2023 €'000 | Iomlán 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | *2* | **73,050** | **-** | **73,050** | 67,872 | - | 67,872 |
| Costas díolacháin | | **(10,069)** | **-** | **(10,069)** | (9,231) | - | (9,231) |
| **Ollbhrabús** | | **62,981** | **-** | **62,981** | 58,641 | - | 58,641 |
| Speansais riaracháin | | **(52,744)** | **-** | **(52,744)** | (41,293) | - | (41,293) |
| | | **10,237** | **-** | **10,237** | 17,348 | - | 17,348 |
| Ioncam eile | *4* | **14,544** | **22,748** | **37,292** | 14,466 | 1,736 | 16,202 |
| Speansas eile | *4* | **(43)** | **-** | **(43)** | (2,526) | - | (2,526) |
| **Brabús oibriúcháin** | *5* | **24,738** | **22,748** | **47,486** | 29,288 | 1,736 | 31,024 |
| Ioncam airgeadais | *7* | **1,888** | **-** | **1,888** | 189 | - | 189 |
| Costas airgeadais | *7* | **(940)** | **-** | **(940)** | (1,060) | - | (1,060) |
| **Brabús roimh cháin ó oibríochtaí leanúnacha** | | **25,686** | **22,748** | **48,434** | 28,417 | 1,736 | 30,153 |
| Speansas cánach ioncaim | *8* | **(4,110)** | **-** | **(4,110)** | (3,963) | - | (3,963) |
| **Brabús roimh cháin ó oibríochtaí leanúnacha** | | **21,576** | **22,748** | **44,324** | 24,454 | 1,736 | 26,190 |
| ***Oibríochtaí scortha*** | | | | | | | |
| Caillteanas iarchánach ó oibríochtaí scortha | *9* | **-** | **-** | **-** | (144) | - | (144) |
| **Brabús don bhliain** | | **21,576** | **22,748** | **44,324** | 24,310 | 1,736 | 26,046 |

Tá na nótaí ar leathanaigh 68 go 115 ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla | 2024

# RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM CHUIMSITHIGH EILE

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | Iomlán 2024 €'000 | Iomlán 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | **44,324** | 26,046 |
| *Míreanna nach ndéanfar a athaicmiú go brabús nó caillteanas* | | | |
| Gnóthachain/(caillteanais) atomhais ar shochar sainithe dliteanas pinsin | *24* | **117** | (48) |
| (muirear)/creidmheas cánach iarchurtha gaolmhar | *14* | **(15)** | 6 |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach eile, glan ar cháin** | | **102** | (42) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán atá inchurtha i leith sealbhóir cothromais** | | **44,426** | 26,004 |

Tá na nótaí ar leathanaigh 68 go 115 ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

# RÁITEAS COMHDHLÚITE STAIDE AIRGEADAIS
## amhail ar an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | *10* | **355** | 294 |
| Maoin, gléasra agus trealamh | *11* | **78,401** | 59,282 |
| Maoine infheistíochta | *12* | **145,441** | 133,010 |
| Léas airgeadais infhaighte | *13* | **219** | 233 |
| Sócmhainní airgeadais eile | *18* | **7,187** | - |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | *14* | **-** | 18 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | **231,603** | 192,837 |
| Léas airgeadais infhaighte | *13* | **32** | 32 |
| Fardail | *15* | **2,029** | 1,949 |
| Sócmhainní cánach reatha | | **199** | - |
| Fháltais Trádála agus fáltais eile | *16* | **5,455** | 5,445 |
| Sócmhainní airgeadais eile | *18* | **51,930** | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | *18* | **14,424** | 77,415 |
| **Sócmhainní reatha** | | **74,069** | 84,841 |
| Sócmhainní arna sealbhú lena ndíol | *9* | **2,943** | 850 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **77,012** | 85,691 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **308,615** | 278,528 |
| **Cothromas** | | | |
| Scairchaipiteal | *19* | **38** | 38 |
| Cúlchiste ranníocaíochta caipitil | *19* | **112,275** | 112,275 |
| Tuilleamh coimeádta | | **144,813** | 100,387 |
| **Cothromas iomlán** | | **257,126** | 212,700 |
| **Dliteanais** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíocht | *23* | **8,666** | 21,783 |
| Ioncam iarchurtha | *21* | **14,822** | 16,785 |
| Soláthairtí | *22* | **2,530** | 2,404 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | *14* | **3,511** | 1,838 |
| Sochair fostaithe | *24* | **3** | 148 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | **29,532** | 42,958 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | *20* | **16,957** | 16,767 |
| Iasachtaí agus iasachtaíocht | *23* | **1,832** | 2,465 |
| Ioncam iarchurtha | *21* | **2,194** | 2,173 |
| Soláthairtí | *22* | **974** | 802 |
| Dliteanais chánach reatha | | **-** | 663 |
| **Dliteanais reatha** | | **21,957** | 22,870 |
| Dliteanais a bhaineann go díreach leis na sócmhainní arna sealbhú le díol | *9* | **-** | - |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **21,957** | 22,870 |
| **Iomlán na ndliteanas** | | **51,489** | 65,828 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **308,615** | 278,528 |

Tá na nótaí ar leathanaigh 68 go 115 ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

**Conal Henry**
*Stiúrthóir*

**Mary Considine**
*Stiúrthóirr*

20 Márta 2025





# RÁITEAS CUIDEACHTA STAIDE AIRGEADAIS
## amhail ar an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Sócmhainní airgeadais | *17* | **112,275** | 78,618 |
| Sócmhainní doláimhsithe | *10* | **338** | 238 |
| Maoin, gléasra agus trealamh | *11* | **94** | 170 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | **112,707** | 79,026 |
| Sócmhainní cánach reatha | | **13** | 12 |
| Fháltais Trádála agus fáltais eile | *16* | **771** | 578 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | *18* | **275** | 366 |
| **Sócmhainní reatha** | | **1,059** | 956 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **113,766** | 79,982 |
| **Cothromas** | | | |
| Scairchaipiteal | *19* | **38** | 38 |
| Cúlchiste ranníocaíochta caipitil | *19* | **112,275** | 112,275 |
| Tuilleamh coimeádta | | **252** | (33,433) |
| **Cothromas iomlán** | | **112,565** | 78,880 |
| **Dliteanais** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | *20* | **1,187** | 1,059 |
| Soláthairtí | *22* | **14** | 43 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,201** | 1,102 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **113,766** | 79,982 |

Thuairiscigh an chuideachta brabús don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 de €33,685,000 *(2023: €39,000)*.

Tá na nótaí ar leathanaigh 68 go 115 ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

**Conal Henry**
*Stiúrthóir*

**Mary Considine**
*Stiúrthóir*

20 Márta 2025

# RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE SA CHOTHROMAS

| | Scairchaipiteal €'000 | Ranníocaíocht chaipitil cúlchiste €'000 | Tuilleamh coimeádta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 38 | 112,275 | 74,383 | 186,696 |
| Brabús don bhliain | - | - | 26,046 | 26,046 |
| Caillteanas cuimsitheach eile | - | - | (42) | (42) |
| *Iomlán an ioncaim chuimsithigh* | - | - | 26,004 | 26,004 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 38 | 112,275 | 100,387 | 212,700 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2024** | **38** | **112,275** | **100,387** | **212,700** |
| Brabús don bhliain | **-** | **-** | **44,324** | **44,324** |
| Ioncam cuimsitheach eile | **-** | **-** | **102** | **102** |
| *Iomlán an ioncaim chuimsithigh* | **-** | **-** | **44,426** | **44,426** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **38** | **112,275** | **144,813** | **257,126** |

Tá na suimeanna uile inchurtha i leith sealbhóir/úinéir cothromais na Cuideachta.

Tá na nótaí ar leathanaigh 68 go 115 ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.





# RÁITEAS CUIDEACHTA AR ATHRUITHE SA CHOTHROMAS

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Scairchaipiteal €'000 | Ranníocaíocht chaipitil cúlchiste €'000 | Tuilleamh coimeádta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 38 | 112,275 | (33,472) | 78,841 |
| Brabús don bhliain | - | - | 39 | 39 |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | - | - | - |
| *Iomlán an ioncaim chuimsithigh* | - | - | 39 | 39 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 38 | 112,275 | (33,433) | 78,880 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2024** | **38** | **112,275** | **(33,433)** | **78,880** |
| Brabús don bhliain | **-** | **-** | **33,685** | **33,685** |
| Ioncam cuimsitheach eile | **-** | **-** | **-** | **-** |
| *Iomlán an ioncaim chuimsithigh* | **-** | **-** | **33,685** | **33,685** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **38** | **112,275** | **252** | **112,565** |

Tá na suimeanna uile inchurtha i leith sealbhóir/úinéir cothromais na Cuideachta.

Tá na nótaí ar leathanaigh 68 go 115 ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

# RÁITEAS SREAFA AIRGID COMHDHLÚITE

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhartha oibriúcháin** | | | |
| Brabús ó oibríochtaí leanúnacha | | **44,324** | 26,190 |
| Caillteanas ó oibríochtaí scortha | *9* | **-** | (144) |
| Brabús don bhliain | | **44,324** | 26,046 |
| *Coigeartuithe maidir le:* | | | |
| Amúchadh deontas caipitil | *21* | **(2,094)** | (1,698) |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | *10* | **55** | 101 |
| Dímheas maoine, gléasra agus trealaimh | *11* | **10,091** | 5,349 |
| Dímheas sócmhainní lena ngabhann cearta úsáide | *26* | **-** | 198 |
| Athrú ar luach cóir réadmhaoine infheistíochta | *12* | **(14,509)** | 2,526 |
| Caillteanas/(gnóthachan) ar dhiúscairt maoine infheistíochta | *12* | **43** | (7,280) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | | **(35)** | (3) |
| Cealú caillteanais bearnaithe ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh | *3* | **(22,748)** | (1,736) |
| Caillteanas bearnaithe aitheanta tar éis na sócmhainní arna sealbhú le díol a atomhas | *9* | **-** | (119) |
| Ioncam airgeadais | *7* | **(1,888)** | (189) |
| Costas airgeadais | *7* | **940** | 1,060 |
| Muirear cánach | *8* | **4,110** | 3,976 |
| | | **18,289** | 28,231 |
| *Athruithe ar:* | | | |
| - Infháltais trádála agus infháltais eile | | **40** | 2,280 |
| - Fardail | | **(80)** | 97 |
| - Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | | **(275)** | (4,927) |
| - Soláthairtí | | **298** | (1,273) |
| - Sochair Fostaithe | *24* | **(33)** | (33) |
| - Léas airgeadais infhaighte | | **14** | 14 |
| **Airgead ginte ó ghníomhartha oibriúcháin** | | **18,253** | 24,389 |
| Ús faighte agus ioncam dá choibhéis | | **40** | 152 |
| Ús íoctha | | **(888)** | (943) |
| Cánachas íoctha (glan) | | **(3,295)** | (2,400) |
| **Airgead glan ó ghníomhartha oibriúcháin** | | **14,110** | 21,198 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhartha infheistíochta** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe | | **(5,559)** | (8,502) |
| Ceannach réadmhaoine infheistíochta | | **(1,866)** | (6,966) |
| Deontais Chaipitil a fuarthas (glan) | *21* | **152** | 5,423 |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine infheistíochta | | **1,249** | 11,818 |
| Ceannach sócmhainní airgeadais | | **(68,675)** | - |
| Diúscairt sócmhainní airgeadais | | **11,369** | - |
| **Airgead glan (a úsáideadh i) ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(63,330)** | 1,773 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Aisíocaíocht iasachtaí agus iasachtaíochta | | **(13,771)** | (2,731) |
| Íocaíocht dliteanas léasa | *26* | **-** | (184) |
| **Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí airgeadais** | | **(13,771)** | (2,915) |
| **(Laghdú) / Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | | **(62,991)** | 20,056 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | | **77,415** | 57,359 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | *18* | **14,424** | 77,415 |





# RÁITEAS SREAFA AIRGID NA CUIDEACHTA

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhartha oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | **33,685** | 39 |
| *Coigeartuithe maidir le:* | | | |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | *10* | **17** | 24 |
| Dímheas maoine, gléasra agus trealaimh | *11* | **76** | 43 |
| Caillteanas/(gnóthachan) ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | | **9** | (15) |
| Caillteanas bearnaithe ar shócmhainní airgeadais a chealú | | **(33,657)** | - |
| Muirear cánach | | **6** | 5 |
| | | **136** | 96 |
| *Athruithe ar:* | | | |
| - Infháltais trádála agus infháltais eile | | **(193)** | 624 |
| - Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | | **128** | (363) |
| - Soláthairtí | | **(29)** | (198) |
| **Airgead ginte ó ghníomhartha oibriúcháin** | | **42** | 159 |
| Cánachas íoctha | | **(7)** | (10) |
| **Airgead glan ó ghníomhartha oibriúcháin** | | **35** | 149 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhartha infheistíochta** | | | |
| Fáltais ó dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | | **-** | 19 |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe | *11* | **(126)** | (244) |
| **Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(126)** | (225) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **-** | - |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | | **(91)** | (76) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | | **366** | 442 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | *18* | **275** | 366 |

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS

## mar chuid de na ráitis airgeadais

### 1. FAISNÉIS ÁBHARTHA MAIDIR LE BEARTAS CUNTASAÍOCHTA

#### 1.1 Eintiteas tuairiscithe

Is cuideachta é Grúpa na Sionainne cpt (an "Cuideachta") atá lonnaithe in Éirinn. Cuimsítear i ráitis airgeadais chomhdhlúite na Cuideachta an Chuideachta agus a fochuideachtaí (dá ngairtear an "Grúpa" le chéile agus "Eintitis an Ghrúpa" ina n-aonar).

I ndiaidh achtú an Achta um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 ("An tAcht um Ghrúpa na Sionainne"), corpraíodh Grúpa na Sionainne cpt an 29 Lúnasa 2014. Tá scairchaipiteal eisithe iomlán na Cuideachta i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go tairbhiúil.

An 5 Meán Fómhair 2014, aistríodh úinéireacht na scaireanna go léir arna sealbhú go díreach ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in Údarás Aerfort na Sionainne cpt agus i bhFiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta (Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta roimhe seo) chuig Grúpa na Sionainne cpt ("Grúpa na Sionainne" ). Rinneadh foráil in Acht um Ghrúpa na Sionainne nach raibh aon chomaoin iníoctha ag Grúpa na Sionainne i leith na scaireanna atá dílsithe do Ghrúpa na Sionainne.

Faomhadh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta lena n-eisiúint an 20 Márta 2025.

Tugtar sonraí sa mhéid seo a leanas maidir leis na beartais chuntasaíochta ábhartha a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach agus maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus a chuireann eintitis uile an Ghrúpa i bhfeidhm go comhsheasmhach.

#### 1.2 Bunús leis an ullmhú

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais chomhdhlúite de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) agus d'eisigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) arna nglacadh ag an AE ("IFRS AE") a léirmhínithe.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais aonair na Cuideachta ("ráitis airgeadais na Cuideachta") de réir IFRS AE arna chur i bhfeidhm de réir Achtanna na gCuideachtaí 2014, lena gceadaítear do chuideachta a fhoilsíonn ráitis airgeadais na Cuideachta agus an Ghrúpa le chéile leas a bhaint as an díolúine in Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014 óna Ráiteas Cuideachta Brabúis nó Caillteanais agus nótaí gaolmhara atá ina gcuid de ráitis airgeadais fhaofa na Cuideachta a chur i láthair a cuid comhaltaí.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta, a chuirtear i láthair in Euro, airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus a cuid fochuideachtaí uile, ar bhonn an chostais stairiúil, seachas na míreanna ábhartha seo a leanas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais:

- tomhaistear an mhaoin infheistíochta ag luach cóir;
- sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag luach cóir; agus
- aithnítear dliteanas an phlean sochair shainithe mar luach cóir shócmhainní an phlean lúide luach reatha oibleagáidí an phlean sochair shainithe.

Déantar tuilleadh plé ar na modhanna a úsáideadh chun na luachanna córa a thomhas sna nótaí ábhartha.

#### 1.3 Gnóthas leantach

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ar fáil chun go mbeidh an Grúpa agus an Chuideachta ábalta a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh nuair a bheidh siad dlite, ag cumhdach tréimhse suas go dtí an 31 Márta 2026. Agus a dtuairim á chruthú acu tá athbhreithniú déanta ag na stiúrthóirí ar réamh-mheastacháin an Ghrúpa, agus déantar tagairt ar leith do leachtacht an Ghrúpa, sreafaí airgid oibriúcháin, an líon ionchasach paisinéirí agus saoráidí bainc atá ann cheana féin. Ar an gcúis sin, leanann na stiúrthóirí leis an ngnóthas leantach a ghlacadh agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú.

#### 1.4 Comhdhlúthú

Le ráitis airgeadais an Ghrúpa, comhdhlúthaítear ráitis airgeadais Ghrúpa na Sionainne agus a chuid fochuideachtaí go léir mar atá sonraithe i Nóta 17. Dá bhrí sin, is éard atá sna ráitis airgeadais sin ná torthaí comhdhlúite Ghrúpa na Sionainne cpt, CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("Aerfort na Sionainne") agus CGA Fhiontair Thráchtála na Sionainne ("Fiontair Thráchtála na Sionainne"),, agus chuig fochuideachtaí CGA Údarás Aerfort na Sionainne, CGA Iontaobhas Corparáideach Pinsean SAA agus CGA Sheirbhísí Airgeadais Údarás Aerfoirt SAA, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Áirítear torthaí na bhfochuideachta a fuarthas nó a dhiúscraíodh sa bhliain sa Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais ó dháta na fála nó suas go dtí dáta na diúscartha. Bíonn rialú ann nuair a nochtar an Chuideachta do thoradh athraitheach nó nuair a bhíonn cearta aici ina leith agus nuair is féidir léi tionchar a imirt ar na torthaí sin trína cumhacht thar institiúid infheistiúcháin.

Déantar iarmhéideanna laistigh den ghrúpa agus ioncam agus speansais a eascraíonn as idirbhearta laistigh den Ghrúpa a dhíothú agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú.





#### 1.5 Ioncam

Feidhmíonn an Grúpa roinnt sruthanna ioncaim agus dá réir sin cuireann sé modhanna i bhfeidhm chun ioncam a aithint, bunaithe ar na prionsabail atá leagtha amach in IFRS 15 – Ioncam ("IFRS 15").

Déantar achoimre sa chaighdeán ar na prionsabail nach mór d'eintitis a chur i bhfeidhm chun ioncam a thomhas agus a aithint agus is é an bunphrionsabal gur cheart do na heintitis ioncam a aithint ar mhéid a thagann leis an gcomaoin a bhfuil an t-eintiteas ag súil a bheith ina theideal mar mhalairt ar a oibleagáidí feidhmíochta i leith custaiméara a chomhlíonadh.

Ní mór na prionsabail in IFRS 15 a chur i bhfeidhm ag baint úsáid as an tsamhail cúig chéim seo a leanas:

1. An conradh/na conarthaí le custaiméir a shainaithint.
2. Na hoibleagáidí feidhmíochta sa chonradh a shainaithint.
3. Praghas an idirbhirt a chinneadh.
4. Praghas an idirbhirt a leithdháileadh ar na hoibleagáidí feidhmíochta sa chonradh.
5. Ioncam a aithint nuair a chomhlíonann an t-eintiteas a oibleagáidí feidhmíochta nó de réir mar a chomhlíonann sé iad.

Bunaítear t-ioncam agus na brabúis a aithnítear in aon tréimhse ar oibleagáidí feidhmíochta a bhaint amach agus ar mheasúnú ar an uair a aistrítear rialú chuig an gcustaiméir. Aithnítear ioncam nuair a bheidh an oibleagáid feidhmíochta sa chonradh comhlíonta, aitheantas 'pointe ama', nó 'thar am' de réir mar a aistrítear rialú na hoibleagáide feidhmíochta chuig an gcustaiméir.

Baineann na critéir aitheantais ioncaim seo a leanas le príomhshruthanna ioncaim an Ghrúpa.

*Ioncam aerloingseoireachta agus ioncam gaolmhar*

Aithnítear ioncam aerloingseoireachta glan ó lacáistí, ar sheachadadh seirbhíse don chustaiméir agus cuimsítear an méid seo a leanas leis:

- táillí paisinéirí a aithnítear ar a n-imeacht;
- táillí gluaiseachta rúidbhealaigh (tuirlingt agus éirí de thalamh) arna dtobhach de réir mheachán uasta éirí de thalamh an aerárthaigh, agus táillí gaolmhara ar pháirceáil ghearrthéarmach aerárthaí bunaithe ar mheascán d'am páirceáilte agus limistéar úsáide, agus aithnítear an dá rud ar imeacht;
- táillí ar pháirceáil fhadtéarmach aerárthaí bunaithe ar mheascán d'am páirceáilte agus limistéar úsáide, a aithnítear nuair a chuirtear seirbhísí ar fáil;
- táillí eile a aithnítear nuair a chuirtear seirbhísí ar fáil.

*Ioncam miondíola*

- Aithnítear ioncam miondíola ó ghnó Aerfoirt an Ghrúpa, nuair a aistrítear rialú earraí chuig an gcustaiméir.

*Ioncam ó mhaoin tráchtála*

- Aithnítear ioncam cíosa ó mhaoin infheistíochta ar de réir méid chothroim thar théarma an léasa. Is socruithe léasa fadtéarmacha iad na conarthaí a dhéantar.

*Táille lamháltais agus ioncam cíosa aerfoirt*

- Aithnítear ioncam ó tháillí lamháltais ó lamháltais tráchtála bunaithe ar phraghas an idirbhirt a bhfuil an t-eintiteas ag súil a bheith ina theideal bunaithe ar aistriú seirbhísí chuig an gcustaiméir agus ar ioncam gaolmhar agus aithnítear é thar an tréimhse a gcuirtear na seirbhísí sin ar fáil.
- Tugtar cuntas ar ioncam cíosa ó mhaoin ar champas an Aerfoirt de réir méid chothroim thar théarma an léasa.

*Ioncam ó ghníomhaíochtaí tráchtála eile*

Áirítear le hioncam ó ghníomhaíochtaí tráchtála eile:

- Táille tréchuir do sheachadadh breosla, a aithnítear ar sheachadadh breosla chuig an aerárthach; agus
- Meastar ioncam páirceála, a aithnítear mar sheirbhís a sholáthar don chustaiméir.

*Ioncam eile*

Aithnítear ioncam eile de réir na bhforálacha ginearálta thuas, is é sin nuair a sheachadtar an tseirbhís don chustaiméir (i.e. tá an oibleagáid feidhmíochta comhlíonta).

Déantar ioncam a dhí-chomhbhailiú ar leibhéal an tsrutha ioncaim. Gintear gach ioncam ó shruthanna ioncaim an Ghrúpa in Éirinn.

Ag tús conartha, meastar praghas iomlán an idirbhirt, arb é an méid a mbeidh an Grúpa ag súil a bheith ina theideal agus a bhfuil cearta aige ina leith faoin gconradh reatha. Áirítear leis sin measúnú ar aon chomaoin athraitheach i gcás ina bhféadfadh ioncam breise a bheith mar thoradh ar fheidhmíocht an Ghrúpa bunaithe ar bhearta feidhmíochta áirithe a bhaint amach.

Áirítear le conarthaí custaiméirí an Ghrúpa réimse de sceidil íocaíochta éagsúla ag brath ar chineál agus ar shaghas na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Comhaontaíonn an Grúpa sceidil íocaíochta ag tús na gconarthaí faoina bhfaigheann sé íocaíochtaí ar feadh théarma na gconarthaí. Féadfaidh íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht nó íocaíochtaí de réir dul chun cinn a bheidh sna sceidil íocaíochta sin chomh maith le híocaíochtaí rialta míosúla nó ráithiúla le haghaidh seachadadh leanúnach seirbhíse. D'fhéadfaí íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí idirbheartaíochta a dhéanamh ar an dáta seachadta, d'fhéadfadh siad a bheith i riaráiste nó d'fhéadfadh siad a bheith páirtíocaíocht roimh ré.

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
(AR LEAN)

## 1. FAISNÉIS ÁBHARTHA MAIDIR LE BEARTAS CUNTASAÍOCHTA *(ar lean)*

### 1.5 Ioncam *(ar lean)*
I gcás ina mbíonn na híocaíochtaí atá déanta níos mó ná an t-ioncam arna aithint ag dáta deiridh na tréimhse, aithníonn an Grúpa dliteanas conartha maidir leis an difríocht sin. I gcás ina ndearnadh táirge nó seirbhís a sheachadadh ach nach bhfuil íocaíochtaí taifeadta fós, aithníonn an Grúpa sócmhainn chonartha maidir leis an difríocht sin.

Seachas an áit a leagtar amach sna beartais thuas, tá na hoibleagáidí feidhmíochta go léir laistigh den bhliain airgeadais comhlíonta agus níl aon bhreithiúnais nó boinn tuisceana de dhíth chun praghas na n-idirbheart a mheas nó ioncam a leithdháileadh ar oibleagáidí feidhmíochta.

### 1.6 Airgeadraí eachtracha
Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha go Euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus gach fochuideachta é, ag an ráta malairte eachtraí a bhíonn i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a ath-aistriú ansin ag an ráta malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Déantar sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha arna sonrú ag luach cóir a ath-aistriú go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag na rátaí malairte eachtraí a bhíonn i bhfeidhm ar na dátaí a socraíodh an luach cóir. Ní dhéantar sócmhainní neamhairgeadaíochta a ath-aistriú.

Aithnítear difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn as aistriúchán sa Ráiteas Brabúis nó Caillteanais.

### 1.7 Comhcheangail ghnó
Úsáidtear an bunús éadála cuntasaíochta i gcuntasaíocht chun éadáil fochuideachtaí ag an nGrúpa. Úsáidtear an modh sin ar an dáta éadála, is é sin an dáta a aistrítear rialú chuig an nGrúpa.

Fuair Grúpa na Sionainne cpt scairchaipiteal eisithe iomlán Aerfort na Sionainne agus Fhiontair Tráchtála na Sionainne, trí ranníocaíocht chaipitil, le héifeacht ón 5 Meán Fómhair 2014. Tugadh cuntas air sin mar idirbheart faoi rialú comhchoiteann, agus tugadh cuntas ar na glansócmhainní ag an nglanluach de réir na leabhar. Dá bhrí sin, níor tháinig aon cháilmheas chun cinn maidir leis an éadáil chun críocha comhdhlúthaithe. Toisc go ndearnadh na scaireanna sa dá eintiteas, arna bhfáil ag Grúpa na Sionainne, a aistriú ag comaoin nialasach, láimhseáladh an t-aistriú scaireanna mar ranníocaíocht chaipitiúil.

### 1.8 Míreanna eisceachtúla
Tá formáid Ráitis Brabúis nó Caillteanais glactha ag an nGrúpa lena bhféachtar le haird a tharraingt ar mhíreanna suntasacha laistigh de thorthaí an Ghrúpa don bhliain. Ceapann an Grúpa gur anailís níos fiúntaí agus níos úsáidí é an cur i láthair sin toisc go dtugtar míreanna neamhthrádála chun suntais leis. D'fhéadfadh costais shuntasacha athstruchtúraithe nó éadála, brabús nó caillteanas suntasach ar dhiúscairtí sócmhainní nó oibríochtaí, mar aon le míreanna de chineál neamhthrádála a bheith i gceist leis na míreanna sin. Úsáideann an Grúpa breithiúnas agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe ar cheart, de bhua a méide nó a minicíochta, iad a nochtadh sa Ráiteas Brabúis nó Caillteanais agus sna nótaí gaolmhara mar mhíreanna eisceachtúla.

### 1.9 Maoin, gléasra agus trealamh
Sonraítear maoin, gléasra agus trealamh ag costas, lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais bhearnaithe.

I gcás ina bhfuil saolréanna úsáideacha éagsúla ag gabháil le codanna de mhír maoine, gléasra agus trealaimh, tugtar cuntas orthu mar mhíreanna ar leith maoine, gléasra agus trealaimh.

Sonraítear obair thógála atá ar siúl ag costas agus baineann sé le caiteachas caipitiúil ar thionscadail tógála nach bhfuil críochnaithe ag deireadh na bliana. Aistrítear sócmhainní atá á dtógáil go sócmhainní críochnaithe i gcás go mbeidh formhór na ngníomhaíochtaí uile is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid críochnaithe. Ní chuirtear dímheas i bhfeidhm ar shócmhainní atá á dtógáil. Áirítear le costas na talún tionsclaíche agus na bhfoirgneamh tionsclaíoch agus obair thógála atá ar siúl cionroinnt costas foirne a bhaineann go díreach le héadáil nó forbairt na sócmhainní.

Aithnítear gnóthachan nó caillteanas ar dhiúscairtí maoine, gléasra agus trealaimh, arna ríomh mar an difríocht idir na glanfháltais ó dhiúscairt agus suim ghlanluacha na míre, sa bhrabús oibriúcháin ar chríochnú an díola. I gcás ina meastar go bhfuil gnóthachan nó caillteanas suntasach nochtar é sin mar mhír Eisceachtúil de réir 1.8.

Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú ach más dóchúil go rachaidh na sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an gcaiteachas amach anseo chuig an nGrúpa.

Gearrtar dímheas ar an Ráiteas Brabúis nó Caillteanais de réir méid chothroim thar shaolréanna fiúntacha ionchais gach cuid de mhaoin, gléasra agus trealamh. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Is iad seo a leanas na saolréanna fiúntacha ionchais:

| | |
|---|---|
| Ionaid chríochfoirt, aerpháirceanna agus maoin aerfoirt eile | 10 – 50 bliain |
| Foirgnimh agus bonneagar tionscail agus turasóireachta | 5 – 30 bliain |
| Modhnuithe ar fhoirgnimh | 20 bliain |
| Gléasra, daingneáin agus feistis | 2 – 20 bliain |
| Mótarfheithiclí | 4 – 5 bliana |
| Trealamh TF | 3 – 5 bliana |

Déantar modhanna dímheasa, saolréanna fiúntacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe. Déantar soláthar freisin d'aon bhearnú ar mhíreanna maoine, gléasra agus trealaimh de réir 1.10.

Tuilleann an Grúpa ioncam cíosa ó roinnt sócmhainní Aerfoirt a choinnítear mar réadmhaoin, gléasra agus trealamh. Teastaíonn na sócmhainní sin le haghaidh oibriú an Aerfoirt a agus chun sruthanna ioncaim aerloingseoireachta agus eile a ghiniúint. Níl an cumas ag an nGrúpa sócmhainní den sórt sin a dhíol de dheasca chomh cóngarach agus atá siad don aerpháirc agus do limistéir rúidbhealaigh agus toisc nach ngintear leis na sócmhainní sin sreafaí airgid neamhspleách ar na sócmhainní eile atá i seilbh an Ghrúpa, ní chomhlíonann siad na ceanglais atá le haicmiú mar Mhaoin Infheistíochta de réir CIC 40.

### 1.10 Bearnú sócmhainní neamhairgeadais
Déantar suimeanna tugtha anonn shócmhainní neamhairgeadais an Ghrúpa, seachas fardail (a thugtar anonn ag costas níos ísle agus ag glanluach inréadaithe), maoin infheistíochta (a thomhaistear ag luach cóir) agus sócmhainní cánach iarchurtha (a aithnítear bunaithe ar in-aisghabhálacht), a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe lena chinneadh an bhfuil an léiriú ar bhearnú ann. Má bhíonn aon léiriú den sórt sin ann, déanfar tástáil bhearnaithe agus díscríobhtar an tsócmhainn go dtí a méid in-aisghabhála de réir mar is cuí.

Is é méid in-aisghabhála sócmhainne nó aonaid giniúna airgid ("AGA") a luach úsáide is mó agus a luach cóir lúide costais le díol. Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreafaí airgid measta amach anseo a lascainiú go dtí a luach reatha trí ráta lascaine roimh cháin a úsáid a thagann le measúnuithe margaidh reatha ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn. Chun críche tástála bearnaithe, cuirtear na sócmhainní nach féidir a thástáil ina n-aonar le chéile sa ghrúpa sócmhainní is lú a ghineann insreafaí airgid ó úsáid leanúnach atá neamhspleách den chuid is mó ar insreafaí airgid sócmhainní eile nó grúpaí sócmhainní (an "t-aonad giniúna airgid").

Aithnítear caillteanas bearnaithe má sháraíonn suim ghlanluacha sócmhainne nó a haonad giniúna airgid a méid in-aisghabhála measta. Aithnítear caillteanais bhearnaithe i mbrabús nó i gcaillteanas.

Déantar caillteanais bhearnaithe a aithnítear i dtréimhsí roimhe seo a mheasúnú ag gach dáta tuairiscithe i gcomhair léiriú ar bith gur laghdaigh an caillteanas nó nach bhfuil sé ann a thuilleadh. Déantar caillteanas bearnaithe a chealú má bhíonn athrú ar na meastacháin a úsáideadh chun an méid in-aisghabhála a chinneadh. Ní dhéantar caillteanas bearnaithe a chealú ach a mhéid nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha a bheadh socraithe, glan ar dhímheas nó ar amúchadh, murar aithníodh aon chaillteanas bearnaithe.

### 1.11 Réadmhaoine infheistíochta
Is éard is maoine infheistíochta ann ná maoin a shealbhaítear chun ioncam cíosa a thuilleamh nó le haghaidh luachmhéadú caipitil nó don dá cheann, agus nach bhfuil áitithe ag an nGrúpa. Tugtar cuntas ar an ioncam cíosa ó mhaoin infheistíochta mar a thuairiscítear sa bheartas cuntasaíochta ioncaim.

Tomhaistear maoine infheistíochta ag luach cóir. Is é an luach cóir an praghas a gheofaí dá ndíolfaí an mhaoin in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe sa mhargadh bunaithe ar an úsáid is airde agus is fearr as an tsócmhainn. Aithnítear aon ghnóthachain nó caillteanais a eascraíonn as athruithe ar an luach cóir i mbrabús nó i gcaillteanas sa tréimhse ina n-eascraíonn siad. Nuair a dhéantar maoin infheistíochta a dhiúscairt, meastar gurb é an tsuim ghlanluacha an luach cóir ar dháta an Ráitis Airgeadais a foilsíodh roimhe seo.

Déanann an lucht bainistíochta an phunann a luacháil gach bliain. Le luacháil maoine infheistíochta, éilítear ardleibhéal breithiúnais a bheith ann i ndáil leis an mbreithiúnas. Rinneadh na luachálacha sin, atá tacaithe le fianaise an mhargaidh, a dhéanamh amach trí thagarmharcáil a dhéanamh in aghaidh idirbhearta inchomparáide le maoin den chineál céanna sna suíomhanna céanna le cinn an Ghrúpa nó ar mhodhanna luachála a úsáid ar a n-áirítear toradh an mhargaidh ar mhaoin inchomparáide a úsáid. Tá faisnéis ar an mbonn ar a ndéantar na luachálacha sin le linn na bliana leagtha amach i Nóta 12.

### 1.12 - Fardail
Tomhaistear fardail ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Bunaítear an costas ar phraghas an tsonraisc ar bhonn meánach. Cuimsítear sa ghlanluach inréadaithe an praghas díola iarbhír nó measta (glan ar thrádáil ach roimh lascainí socraíochta), lúide gach costas breise a thabhófar i margaíocht agus díol.

Déantar soláthar d'earraí atá imithe i léig, earraí atá ag bogadh go mall nó earraí lochtacha, nuair is cuí.

Ní bhaineann stoc cothabhála ach le fardal a chuirfear leis an gcostas nuair a chaitear é,agus é sin amháin. Cuimsítear ann páirteanna spártha a úsáidtear chun críocha cothabhála agus soláthairtí oifige.

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
## (AR LEAN)

**1. FAISNÉIS ÁBHARTHA MAIDIR LE BEARTAS CUNTASAÍOCHTA *(ar lean)***

### 1.13 Léasanna
*Mar léasóir*
Nuair a thionscnaítear conradh a bhfuil comhpháirt léasa ann nó nuair a dhéantar é a mhodhnú, leithdháileann an Grúpa an chomaoin sa chonradh ar gach comhpháirt léasa ar bhonn a bpraghsanna neamhspleácha coibhneasta.

Nuair a ghníomhaíonn an Grúpa mar léasóir, cinneann sé ag tús an léasa cé acu léas airgeadais nó léas oibriúcháin é gach léas. Chun gach léas a aicmiú, déanann an Grúpa measúnú foriomlán an aistrítear leis an léas na rioscaí agus na tairbhí ar fad a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne foluití go substaintiúil. Más é sin an cás, beidh an léas ina léas airgeadais; mura bhfuil, beidh sé ina léas oibriúcháin. Mar chuid den mheasúnú sin, breithníonn an Grúpa táscairí áirithe amhail an mbaineann an léas leis an gcuid is mó de shaolré eacnamaíoch na sócmhainne.

Má tá comhpháirteanna léasa agus neamhléasa i socrú, cuireann an Grúpa *IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí* i bhfeidhm chun an chomaoin sa chonradh a leithdháileadh.

Cuireann an Grúpa na ceanglais dí-aitheantais agus bhearnaithe i bhfeidhm in Ionstraimí Airgeadais *IFRS 9 i bhfeidhm ar an nglaninfheistíocht* sa léas.

Aithníonn an Grúpa íocaíochtaí léasa a fhaightear faoi léasanna oibriúcháin mar ioncam de réir méid chothroim thar théarma an léasa mar chuid de 'Ioncam ó mhaoin tráchtála'.

### 1.14 Soláthairtí
Sainítear soláthar mar dhliteanas a bhfuil uainiú nó méid éiginnte ag baint leis. Aithnítear soláthairtí i gcás ina bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ar an nGrúpa mar thoradh ar imeacht san am a chuaigh thart, ar féidir é a thomhas go hiontaofa agus más dóigh go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ina gcuimsítear sochair eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach.

Tomhaistear soláthairtí ag an meastachán is fearr ar an gcaiteachas is gá chun an oibleagáid a réiteach ar an dáta tuairiscithe. Má tá an éifeacht ábhartha, déantar soláthairtí a thomhas trí na sreafaí airgid ionchais amach anseo a lascainiú ar ráta roimh cháin lena léirítear measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus, nuair is iomchuí, na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas.

Aithnítear soláthairtí do chonarthaí dochraideacha trína sáraíonn na costais dhosheachanta a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin socrú na sochair eacnamaíocha a bhfuiltear ag súil leo faoi. Léirítear leis na costais dhosheachanta faoi chonradh an t-íoschostas glan a bhaineann le scor de chonradh, i.e. an costas is íseal chun é a chomhlíonadh agus aon chúiteamh nó pionóis a eascróidh mura gcomhlíontar é.

### 1.15 Cánachas
Cuimsítear i gcáin ar bhrabús nó ar chaillteanas na bliana cáin reatha agus cáin iarchurtha. Ní aithnítear cáin sa Ráiteas Brabúis nó Caillteanais ach amháin sa mhéid go mbaineann sé le míreanna a aithnítear go díreach i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear í go díreach i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

*Cáin reatha*
Is éard is cáin reatha ann ná an cháin ionchais iníoctha nó infhaighte ar an ioncam nó caillteanas inchánach don bhliain, ag baint úsáid as rátaí cánach a achtaíodh don bhliain, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha nó infhaighte i leith blianta roimhe sin.

*Cáin iarchurtha*
Aithnítear cáin iarchurtha i leith difríochtaí sealadacha idir suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach.

Ní dhéantar soláthar do na difríochtaí sealadacha seo a leanas: aitheantas tosaigh cáilmheasa más ann dó; aitheantas tosaigh sócmhainní nó dliteanas nach dtéann i gcion ar chuntasaíocht ná ar bhrabús inchánach seachas i gcomhcheangal gnó, agus difríochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i gcomhshocruithe sa mhéid gur dócha nach gcealófar iad go ceann i bhfad.

Bunaítear an méid cánach iarchurtha a sholáthraítear ar an dóigh a bhfuiltear ag súil go ndéanfar luach tugtha anonn na sócmhainní agus na ndliteanas a réadú nó a shocrú, ag baint úsáid as rátaí cánach a achtaíodh nó a bhí achtaithe go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe. Maidir le maoin infheistíochta a thomhaistear ag luach cóir, soláthraítear cáin iarchurtha ag an ráta is infheidhme ar dhíol na maoine. Tomhaistear cáin iarchurtha ar bhonn neamhlascainithe. Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh ach amháin má chomhlíontar critéir áirithe.

Ní aithnítear sócmhainn cánach iarchurtha ach amháin sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis inchánach ar fáil amach anseo ar féidir an difríocht shealadach a úsáid ina leith. Déantar sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta a athmheasúnú ag gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis inchánach ar fáil ar féidir iad a úsáid ina leith.

Tá CGA Fhiontair Thráchtála na Sionainne faoi dhliteanas Cáin Ghnóthachan Caipitiúil de réir Alt 229A(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

Faoi Alt 229A(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil i gcás ina bhfabhraíonn gnóthachan don chuideachta sin ó dhiúscairt sócmhainne i ndiaidh an 31 Nollaig 2013, ní gnóchan inmhuirearaithe an cion sin den ghnóchan toisc go bhfuil an coibhneas céanna idir fad na tréimhse cháilithe agus fad na tréimhse úinéireachta. Tagraíonn an tréimhse cháilithe don tréimhse dar tosach dáta éadála na sócmhainne, nó má bhí an tsócmhainn á sealbhú an 6 Aibreán 1974, an dáta sin, agus dar críoch an 31 Nollaig 2013.

### 1.16 Ionstraimí Airgeadais
***Sócmhainní agus dliteanais airgeadais***
Áirítear ar shócmhainní airgeadais an Ghrúpa infháltais trádála agus infháltais eile, léasanna airgeadais infhaighte, infheistíochtaí i mbannaí rialtais agus cistí margaidh airgid agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

Áirítear ar dhliteanais airgeadais an Ghrúpa infhíltais trádála agus suimeanna iníoctha eile agus iasachtaí bainc urraithe.

*Aitheantas agus tomhas tosaigh*
Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais i dtosach nuair a thagann an Grúpa chun bheith ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime. Aithnítear infháltais trádála i dtosach nuair a thionscnaítear iad.

Déantar sócmhainn airgeadais (ach amháin más infháltas trádála gan comhpháirt shuntasach mhaoiniúcháin é) nó dliteanas airgeadais a thomhas i dtosach ag luach cóir móide, i gcás mír nach bhfuil ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas, costais idirbhirt atá inchurtha go díreach i leith a éadála nó eisiúna. Tomhaistear infháltas trádála gan comhpháirt shuntasach mhaoiniúcháin i dtosach ag praghas an idirbhirt.

***Sócmhainní airgeadais***
*Aicmiú agus tomhas ina dhiaidh sin*
Ar aitheantas tosaigh, déantar sócmhainn airgeadais a aicmiú mar a thomhaistear í ag: costas amúchta nó luach cóir trí bhrabús nó caillteanas.

Ní athaicmítear sócmhainní airgeadais i ndiaidh a n-aitheantais tosaigh mura n-athraíonn an Grúpa a mhúnla gnó chun sócmhainní airgeadais a bhainistiú, agus sa chás sin déantar na sócmhainní airgeadais go léir a athaicmiú ar an gcéad lá den chéad tréimhse tuairiscithe i ndiaidh an athraithe ar an múnla gnó.

Tomhaistear sócmhainn airgeadais ag costas amúchta má chomhlíonann sé an dá choinníoll seo a leanas agus mura sainítear í mar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas:
- tá sí á sealbhú laistigh de mhúnla gnó a bhfuil sé mar chuspóir leis sócmhainní a shealbhú chun sreafaí airgid conarthacha a bhailiú; agus
- mar gheall ar a théarmaí conarthacha, eascraítear, ar dhátaí sonraithe, sreafaí airgid nach bhfuil iontu ach íocaíochtaí caipitil agus úis ar an phríomh-mhéid atá gan íoc.

Ní dhéantar gach sócmhainn airgeadais nach bhfuil aicmithe mar a thomhaistear iad ag costas amúchta mar a mhínítear thuas a thomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain. Déantar an costas amúchta a laghdú le caillteanais bhearnaithe. Aithnítear aon ghnóthachan nó caillteanas ar shocraíocht sa bhrabús nó caillteanas.

Ríomhtar caillteanais bhearnaithe a thaifeadtar i gcoinne sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta ag baint úsáid as múnla caillteanais creidmheasa ionchasaigh.

Ag gach dáta tuairiscithe, déanann an Grúpa measúnú ar in-aisghabhálacht na suimeanna infhaighte trádála agus taifeadann sé lamháltais suimeanna infhaighte amhrasacha bunaithe ar thaithí. Úsáideann an Grúpa maitrís lamháltais chun an caillteanas creidmheasa ionchais ó infháltais trádála ó chustaiméirí aonair a thomhas. Ríomhtar rátaí caillteanais trí úsáid a bhaint as modh 'ráta rollta' bunaithe ar an dóchúlacht go rachaidh infháltas ar aghaidh trí chéimeanna leanúnacha neamh-aisghabhála díscríofa. Tá rátaí caillteanais bunaithe ar shonraí stairiúla ó chaillteanais creidmheasa ó thaithí. Cuirtear san áireamh ann freisin dearcadh an Ghrúpa ar dhálaí eacnamaíocha thar shaolré ionchais na n-infháltas. Díscríobhtar infháltais trádála nuair nach mbíonn aon ionchas réasúnta ag an nGrúpa chun an t-iarmhéid a aisghabháil.

Measann an Grúpa go bhfuil riosca creidmheasa íseal ag baint lena chuid airgid thirim agus lena choibhéisí airgid bunaithe ar rátálacha creidmheasa seachtracha na gcontrapháirtithe.

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
(AR LEAN)

## 1. FAISNÉIS ÁBHARTHA MAIDIR LE BEARTAS CUNTASAÍOCHTA *(ar lean)*

### 1.16 Ionstraimí Airgeadais *(ar lean)*

*Dí-aithint*
Dí-aithníonn an Grúpa sócmhainn airgeadais nuair a théann na cearta conarthacha ar shreabhadh airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag, nó aistríonn sé na cearta chun na sreafaí airgid conarthacha a fháil in idirbheart trína ndéantar na rioscaí agus na luaíochtaí go léir a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais a aistriú go substaintiúil nó i gcás nach n-aistríonn nó nach gcoimeádann an Grúpa go substaintiúil na rioscaí agus na luaíochtaí uile a bhaineann le húinéireacht agus nach gcoimeádann sé smacht ar an tsócmhainn airgeadais.

*Dliteanais airgeadais*
*Aicmiú agus tomhas ina dhiaidh sin*
Déantar dliteanais airgeadais a aicmiú mar a thomhaistear iad ag costas amúchta nó ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas. Aicmítear dliteanas airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas má aicmítear é mar a bheith á shealbhú le trádáil, más díorthach é nó má ainmnítear é amhlaidh i dtosach. Tomhaistear dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas ag luach cóir agus aithnítear gnóthachain agus caillteanais ghlana, lena n-áirítear aon chostas úis, i mbrabús nó i gcaillteanas. Tomhaistear dliteanais airgeadais ina eile dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain. Aithnítear speansais úis agus gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí i mbrabús nó i gcaillteanas. Dí-aithnítear aon ghnóthachan nó caillteanas i mbrabús nó i gcaillteanas freisin.

*Dí-aithint*
Dí-aithníonn an Grúpa dliteanas airgeadais nuair a dhéantar a oibleagáidí conartha a scaoileadh nó a chealú, nó nuair a théann siad in éag. Dí-aithníonn an Grúpa dliteanas airgeadais freisin nuair a mhodhnaítear a théarmaí agus nuair a bhíonn sreafaí airgid an dliteanais mhodhnaithe an-difriúil, agus sa chás sin aithnítear dliteanas airgeadais nua bunaithe ar na téarmaí modhnaithe ag luach cóir. Nuair a dhéantar dliteanas airgeadais a dhí-aithint, aithnítear i mbrabús nó i gcaillteanas an difríocht idir an tsuim ghlanluach scortha agus an chomaoin a íocadh (lena n-áirítear aon sócmhainní neamhairgid a aistríodh nó dliteanais arna nglacadh).

### 1.17 Sócmhainní arna sealbhú le díol agus oibríochtaí scortha
Déantar sócmhainní neamhreatha (lena n-áirítear maoine infheistíochta) nó grúpaí diúscartha ina gcuimsítear sócmhainní agus dliteanais, a aicmiú mar shócmhainní arna sealbhú le díol má bhíonn sé thar a bheith dóchúil go n-aisghabhfar iad go príomha trí dhíolachán seachas trí úsáid leanúnach.

Comhpháirt de ghnó an Ghrúpa is ea oibríocht scortha, ar féidir a oibríochtaí agus a sreafaí airgid a idirdhealú go soiléir ón gcuid eile den Ghrúpa agus:

- is réim mhór gnó ar leith nó limistéar geografach oibríochtaí é;
- is cuid de phlean comhordaithe aonair é chun réim mhór gnó ar leith nó limistéar geografach oibríochtaí a dhiúscairt; nó
- is fochuideachta é a fuarthas go heisiach d'fhonn í a athdhíol.

Déantar aicmiú mar oibríocht scortha tráth an diúscartha is luaithe nó nuair a chomhlíonann an oibríocht na critéir atá le haicmiú mar oibríocht arna sealbhú le díol.

Nuair a aicmítear oibríocht mar oibríocht scortha, cuirtear an ráiteas comparáideach brabúis nó caillteanais agus OCI i láthair arís amhail is gur scoireadh den oibríocht ó thús na bliana comparáidí.

### 1.18 Ioncam iarchurtha
Cuimsítear deontais chaipitil in ioncam iarchurtha.

*Deontais chaipitil*
Aithnítear deontais chaipitil i dtosach mar ioncam iarchurtha ag luach cóir má tá dearbhú réasúnta go bhfaighfear iad agus go gcloífidh an grúpa leis na coinníollacha a bhaineann leis an deontas. Láimhseáiltear deontais AE agus deontais eile a fhaightear maidir le ceannach maoine, gléasra agus trealaimh mar ioncam iarchurtha, agus amúchtar iad ar Ráiteas Brabúis nó Caillteanais thar shaolré fhóinteach eacnamaíoch na sócmhainne lena mbaineann siad.

### 1.19 Deontais Ioncaim
Aithnítear deontais ioncaim lena gcúitítear an Grúpa as speansais tabhaithe i mbrabús nó i gcaillteanas ar bhonn córasach sna tréimhsí ina n-aithnítear na speansais.

Aithnítear deontais ioncaim a bhaineann go díreach le hioncam mar chreidmheas ar ioncam ar bhonn córasach sna tréimhsí ina n-aithnítear an t-ioncam.

### 1.20 Infheistíocht i bhfochuideachtaí (an Chuideachta amháin)
Bunaíodh an infheistíocht i bhfochuideachtaí i dtosach nuair a aistríodh iad chuig an gCuideachta agus leantar lena dtabhairt anonn ag an méid sin lúide aon soláthar do bhearnú más gá.





### 1.21 Caighdeáin agus Léirmhínithe Nua
*Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeachtach*
Tá roinnt Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2024, agus níor cuireadh i bhfeidhm iad agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Leagtar amach thíos na cinn is suntasaí díobh sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh den Ghrúpa. Níl sé beartaithe ag an nGrúpa na caighdeáin sin a ghlacadh go luath; ina ionad sin cuirfidh sé i bhfeidhm iad óna ndátaí éifeachtúla arna gcinneadh ag a ndátaí um fhormhuiniú an Aontais.

| Caighdeán | Dáta éifeachtach IASB (tréimhsí a thosaíonn) | Dáta éifeachtach chuideachtaí AE (tréimhsí a thosaíonn) |
|---|---|---|
| Leasuithe ar CIC 21: Éifeachtaí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí: Easpa Inmhalartachta (eisithe an 15 Lúnasa 2023) | 1 Eanáir 2025 | Gan fhormhuiniú go fóill |
| Conarthaí a Thagraíonn don Leictreachas a bhraitheann ar an Dúlra (Leasuithe ar IFRS 9 agus IFRS 7) (arna n-eisiúint an 18 Nollaig 2024) | 1 Eanáir 2026 | Gan fhormhuiniú go fóill |
| Leasuithe ar Aicmiú agus ar Thomhas Ionstraimí Airgeadais (Leasuithe ar IFRS 9 agus IFRS 7) (arna n-eisiúint an 30 Bealtaine 2024) | 1 Eanáir 2026 | Gan fhormhuiniú go fóill |
| IFRS 18 Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais (arna n-eisiúint an 9 Aibreán 2024) | 1 Eanáir 2027 | Gan fhormhuiniú go fóill |

*Caighdeáin nua na nglacadh sa bhliain reatha*
Ghlac an Grúpa leis leasuithe nua seo a leanas den chéad uair sa tréimhse tuairiscithe airgeadais reatha.

| Caighdeán | Dáta éifeachtach IASB (tréimhsí a thosaíonn) | Dáta éifeachtach chuideachtaí AE (tréimhsí a thosaíonn) |
|---|---|---|
| Leasuithe ar CIC 1: Aicmiú Dliteanas mar Dhliteanais Reatha nó Neamhreatha (eisithe an 15 Iúil 2020) | 1 Eanáir 2024 | 1 Eanáir 2024 |
| Leasuithe ar CIC 1: Dliteanais Neamhreatha lena ngabhann Cúnaint (eisithe an 31 Deireadh Fómhair 2022) | 1 Eanáir 2024 | 1 Eanáir 2024 |

Maidir le gach athrú ar an gcaighdeán (caighdeáin) thuas, d'athraigh an Grúpa a bheartais chuntasaíochta dá réir, rud nach raibh tionchar ábhartha aige ar thorthaí airgeadais nó ar staid airgeadais an Ghrúpa.

### 1.22 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla
Chun ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le IFRS AE, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm bheartais chuntasaíochta an Ghrúpa agus ar mhéideanna tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus speansas. Féadfaidh na torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin seo.

*Meastacháin agus boinn tuisceana*
Baineann na réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin suntasach do ráitis airgeadais an Ghrúpa leis na míreanna seo a leanas den chuid is mó.

Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar na meastacháin a athbhreithniú agus in aon tréimhsí eile lena mbaineann. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhaineann leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca éagsúla eile a cheaptar a bheith réasúnta faoi na himthosca, a bhfuil a dtorthaí ina gcuid de bhreithiúnais a dhéanamh ar luachanna tugtha anonn sócmhainní agus dliteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile.

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
(AR LEAN)

## 1. FAISNÉIS ÁBHARTHA MAIDIR LE BEARTAS CUNTASAÍOCHTA *(ar lean)*

### 1.22 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla *(ar lean)*

#### Measúnú ar bhearnú (Nóta 11)

Déantar athbhreithniú ar luach tugtha anonn aonad giniúna airgid an Aerfoirt le haghaidh bearnú féideartha nó cealú ar bhearnú roimhe seo trí shraith táscairí seachtracha agus inmheánacha a bhaineann go sonrach leis na sócmhainní atá faoi bhreithniú a bhreithniú. Feidhm dhíreach de na breithiúnais agus na boinn tuisceana atá mar bhonn faoin bplean rollach is ea an leibhéal lamhála agus braitheann sé ar deireadh ar an ráta lascaine, ar ráta fáis na gcríochfort, ar chaiteachas caipitil agus ar fhás bliantúil na bpaisinéirí. Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreafaí airgid measta amach anseo a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáid as ráta lena léirítear amluach an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an aonad giniúna airgid. Is iad na príomhthoimhdí a théann i gcion ar an meastachán ar an luach úsáide gur ann d'fhás paisinéirí agus ráta an fháis sin, caiteachas caipitil réamh-mheasta agus an ráta lascaine. Glactar na sreafaí airgid ó phlean airgeadais rollach cúig bliana an Ghrúpa. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a úsáidtear bunaithe ar thaithí stairiúil, eolas faoin tionscal agus tosca eile a cheaptar a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

#### Luacháil na maoine infheistíochta (Nóta 12)

Rinne an lucht bainistíochta measúnú ar luach cóir phunann maoine infheistíochta iomlán an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2024. Tá luach cóir na maoine infheistíochta bunaithe ar luacháil ó speisialtóirí bainistíochta inmheánacha, a bhfuil taithí le déanaí acu ar shuíomh agus aicme na maoine infheistíochta atá á luacháil, agus éilítear leis sin sé ardleibhéal breithiúnais agus meastachán bainistíochta.

Cuireadh luachanna deiridh i bhfeidhm ar gach aonad réadmhaoine curtha san áireamh chomh maith leis na cúinsí ábhartha a bhain leis na haonaid réadmhaoine, mar shampla an láithreán, an cineál aonaid, méid an aonaid, an cineál úsáide, na tionóntachtaí reatha agus riocht an aonaid. Rinneadh na luachanna seo, atá tacaithe le fianaise an mhargaidh, a dhéanamh amach trí thagarmharcáil a dhéanamh in aghaidh idirbhearta inchomparáide le réadmhaoin den chineál céanna sna láithreacha céanna le cinn an Ghrúpa nó trí mhodhanna luachála a úsáid ar a n-áirítear toradh an mhargaidh ar réadmhaoin inchomparáide a úsáid. Rinneadh breithiúnais shuibiachtúla chun teacht ar an luacháil agus cé go measann an bhainistíocht go bhfuil siad sin loighciúil agus cuí, ní gá gurb ionann iad agus na cinn a dhéanfadh gach ceannaitheoir.

#### Cáin iarchurtha (Nóta 14)

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach amháin sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis inchánach ar fáil amach anseo ar féidir na difríochtaí sealadacha a úsáid ina leith. Tá breithiúnas bainistíochta ag teastáil chun méid na sócmhainní cánach iarchurtha is féidir a aithint a chinneadh, bunaithe ar an uainiú is dócha a bheidh i gceist ar leibhéal na mbrabús inchánach amach anseo. Déantar sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta a athmheasúnú ag gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis inchánach ar fáil ar féidir iad a úsáid ina leith.

Tá difríochtaí suntasacha sealadacha tugtha ar aghaidh ag an nGrúpa, ina gcuimsítear difríochtaí sealadacha ar luach cóir na maoine infheistíochta, sócmhainní airgeadais, lamháltais chaipitiúla neamhúsáidte agus difríochtaí sealadacha eile. Ní féidir na difríochtaí sealadacha sin a úsáid chun ioncam inchánach a fhritháireamh in áit éigin eile sa Ghrúpa ná níl aon deiseanna pleanála cánach ar fáil a d'fhéadfadh tacú go páirteach chun iad sin a aithint mar shócmhainní cánach iarchurtha. Ar an mbonn sin, chinn an Grúpa nach féidir leis sócmhainní cánach iarchurtha a aithint ar na difríochtaí sealadacha a tugadh ar aghaidh.

#### Soláthar do dhliteanais (Nóta 22)

Aithnítear soláthar nuair a bhíonn oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ar an nGrúpa mar thoradh ar imeacht san am atá thart, gur dócha go mbeidh gá le sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a réiteach agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an méid na hoibleagáide. Tugann an Grúpa soláthairtí ar aghaidh maidir le héilimh thuairiscithe agus éilimh ionchasacha faoina chlár árachais agus le haghaidh dliteanais eile, lena n-áirítear éilimh dhlíthiúla. Tá na soláthairtí sin bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, a choigeartaítear de réir na dtreochtaí le déanaí nuair is cuí. Tá forálacha ina meastacháin ar chostais airgeadais imeachtaí nach dtarlóidh go ceann roinnt blianta, áfach. Déantar bunús na meastachán sin a athbhreithniú agus a nuashonrú go bliantúil ar a laghad agus nuair a bhíonn faisnéis ar fáil a d'fhéadfadh athrú ábhartha a bheith mar thoradh uirthi.





## 2. IONCAM

Eascraíonn ioncam uile an ghrúpa i bPoblacht na hÉireann ó ghníomhaíochtaí leanúnacha. Níl níos mó ná 10% d'ioncam an Ghrúpa i gceist le haon cheann amháin de na cuntais custaiméirí. Sa tábla seo a leanas, déantar ioncam a dhí-chomhbhailiú de réir réimsí móra táirge/seirbhíse agus de réir uainiú aitheantais san ioncam.

| | **2024 €'000** | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| ***Mórlínte táirge/seirbhíse*** | | |
Áirítear leis an soláthar de €430,000 a taifeadadh ar 31 Nollaig 2024 suim de €205,000 arb é sin an meastachán is fearr ón lucht bainistíochta ar an gcaiteachas is gá chun oibleagáidí an Ghrúpa i leith a fhostaithe faoi na scéimeanna sin a chomhlíonadh. Rinneadh íocaíochtaí dar luach €180,000 ar an iomlán in 2024 faoin dá scéim a bhí ann *(2023: €550,000)*. Taifeadadh soláthar breise de €225,000 amhail an 31 Nollaig 2024 maidir le scéim scaoilíocaíochta, léirítear leis sin an meastachán is fearr ón lucht bainistíochta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí an Ghrúpa faoin scéim seo a chomhlíonadh. Táthar ag súil go ndéanfar oibleagáidí dar luach €337,000 ar an iomlán a réiteach in 2025.

#### Soláthar d'oibreacha feabhsúcháin
Amhail an 31 Nollaig 2024, tá soláthar taifeadta ag an nGrúpa maidir lena ghealltanas ranníocaíocht aonuaire a íoc le Comhairle Contae an Chláir agus le hOifig na nOibreacha Poiblí i leith costais deartha agus phleanála a bhaineann leis na Claífoirt timpeall ar champas Aerfort na Sionainne. Léirítear leis an tsuim an meastachán is fearr ón bainistíochta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun an gealltanas sin a réiteach, níl an t-uainiú maidir leis cinnte ach níltear ag súil go n-íocfar é laistigh den 12 mhí atá romhainn.

#### Foráil eile
Amhail an 31 Nollaig 2024 tá foráil taifeadta ag an nGrúpa maidir le cúrsaí áirithe dlí. Léirítear leis an tsuim sin an meastachán is fearr ón lucht bainistíochta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun na hoibleagáidí a réiteach. D'fhéadfadh difríocht a bheith idir an t-eis-sreabhadh deiridh chun na hoibleagáidí a réiteach agus an tsuim a tugadh.

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
## (AR LEAN)

### 22. SOLÁTHAIRTÍ *(ar lean)*

| | Eile soláthar €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Cuideachta** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 241 | 241 |
| Soláthairtí a úsáideadh le linn na bliana | (259) | (259) |
| Soláthairtí a rinneadh le linn na bliana | 61 | 61 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | 43 | 43 |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | **43** | **43** |
| Soláthairtí a úsáideadh le linn na bliana | **(143)** | **(143)** |
| Soláthairtí a rinneadh le linn na bliana | **114** | **114** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **14** | **14** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | |
| Soláthairtí reatha | 43 | 43 |
| Soláthairtí neamhreatha | - | - |
| Iomlán na soláthairtí | 43 | 43 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | |
| Soláthairtí reatha | **14** | **14** |
| Soláthairtí neamhreatha | **-** | **-** |
| Iomlán na soláthairtí | **14** | **14** |

**Foráil eile**

Amhail an 31 Nollaig 2024 tá foráil taifeadta ag an gCuideachta maidir le cúrsaí áirithe dlí. Léirítear leis na méideanna a thaifeadtar meastachán is fearr an lucht bainistíochta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun na hoibleagáidí ábhartha a réiteach.

### 23. IASACHTAÍ AGUS IASACHTAÍOCHT

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Iasachtaí bainc urraithe | **10,498** | 24,248 |
| **Iomlán na n-iasachtaí agus na hiasachtaíochta** | **10,498** | 24,248 |

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Iasachtaí bainc urraithe | **1,832** | 2,465 |
| **Iasachtaí agus iasachtaíocht reatha** | **1,832** | 2,465 |
| Iasachtaí bainc urraithe | **8,666** | 21,783 |
| **Iasachtaí agus iasachtaíocht neamhreatha** | **8,666** | 21,783 |
| **Iomlán na n-iasachtaí agus na hiasachtaíochta** | **10,498** | 24,248 |





| | Airgeadra | 2024 Téarma Blianta | 2024 Aghaidhluach €'000 | 2024 Luach tugtha anonn €'000 | 2023 Aghaidhluach €'000 | 2023 Luach tugtha anonn €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasacht bhainc urraithe (a) | EUR | - | - | - | 11,917 | 11,901 |
| Iasacht bhainc urraithe (b) | EUR | **< 5** | **2,930** | **2,922** | 3,893 | 3,864 |
| Iasacht bhainc urraithe (c) | EUR | **5-10** | **7,588** | **7,576** | 8,515 | 8,483 |
| **Iomlán na ndliteanas úsmhara (Nóta 25)** | | | **10,518** | **10,498** | 24,325 | 24,248 |

Cuimsítear le hiasachtaí bainc an Ghrúpa na suimeanna atá ar iasacht ag a fhochuideachtaí, Fiontair Thráchtála na Sionainne agus Aerfort na Sionainne.

(a) In 2017, fuair Aerfort na Sionainne iasacht bainc fhadtéarmach chun an costas as athshlánú an rúidbhealaigh a mhaoiniú. Aisíocadh an iasacht sin go hiomlán in 2024.

(b) In 2018, fuair Fiontair Thráchtála na Sionainne iasacht forbartha agus iasacht fhadtéarmach chun a clár infheistíochta caipitil a mhaoiniú i bpáirt. I rith 2019, aisíocadh an iasacht forbartha le hiasacht fhadtéarmach breise. Mar urrús dá hiasachtaí thug an chuideachta sannachán agus muirear dá hiasachtóir ar thrí réadmhaoin infheistíochta agus sannachán ioncaim cíosa ó na réadmhaoine urraithe. Tá rátaí úis seasta ag baint leis na hiasachtaí gan íoc. Saoráidí amúchta is ea na hiasachtaí eile lena mbaineann aisíocaíochtaí tréimhsiúla den chaipiteal agus den ús araon. Tá an chuideachta faoi réir cúnaint airgeadais: an cóimheas le haghaidh cumhdach maidir le fónamh a dhéanamh ar fhiacha, clúdach úis agus cóimheas iasachta/luacha. Coinneofar iad sin i bhfeidhm go dtí go n-aisíocfar na hiasachtaí go hiomlán.

(c) Le linn 2019, fuair Aerfort na Sionainne iasacht bainc fhadtéarmach chun an costas as hangar nua aerárthaí a fhorbairt a mhaoiniú i bpáirt. Mar urrús dá hiasachtaí thug an chuideachta sannachán agus muirear dá hiasachtóir ar an hangar, sannachán ioncaim cíosa ón hangar agus sannachán agus muirear ar chuntas bainc, lenar bhain iarmhéid €1,254,446 ag deireadh na bliana *(2023: €1,247,300)* (Nóta 18). Saoráid amúchta is ea an iasacht lena mbaineann aisíocaíochtaí tréimhsiúla den chaipiteal agus den ús araon. Bíonn an ráta úis seasta le méadú a aontaítear roimh ré i ndiaidh bhliain 10 má bhíonn an iasacht fós gan íoc. Tá an chuideachta faoi réir cúnant airgeadais cóimheasa le haghaidh cumhdach maidir le fónamh a dhéanamh ar fhiacha, a choinneofar i bhfeidhm go dtí go n-aisíocfar an iasacht go hiomlán.

Tá na cuideachtaí go léir ag comhlíonadh an chúnaint airgeadais infheidhmithe ag dáta dheireadh na bliana.

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
## (AR LEAN)

### 24. SOCHAIR FOSTAITHE

Feidhmíonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin, lena n-áirítear scéimeanna le ranníocaíocht shainithe agus scéimeanna le sochar sainithe. Tá eolas faoi na scéimeanna atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa leagtha amach thíos. Thug an Grúpa cuntas i leith sochair scoir faoi scéimeanna le sochar sainithe de réir CIC 19 "Sochair Fostaithe".

*a) Scéim pinsin le sochar sainithe – Scéim um Aoisliúntas Forlíontach Aer Rianta*

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Glandliteanas sochair shainithe | **(3)** | (148) |

Tá fostaithe áirithe de chuid an Ghrúpa ina mbaill de Scéim um Aoisliúntas Forlíontach Aer Rianta ("ARSSS") ar scéim le sochar sainithe í atá á feidhmiú ag daa plc ("daa") agus a bhfuil cuntas tugtha ina leith ag fochuideachta an Ghrúpa, CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("an Chuideachta"), mar scéim le sochar sainithe.

An 31 Nollaig 2012, rinne an Chuideachta agus daa comhaontú um aistriú (an "Comhaontú um Aistriú Gnó") trínar aistríodh sócmhainní agus dliteanais ghnó Aerfort na Sionainne a ghabh daa orthu féin chuig an gCuideachta de réir fhorálacha an Chomhaontaithe um Aistriú Gnó. an tAcht um Aerfoirt Stáit 2004.

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe um Aistriú Gnó tá glandliteanas ag an gCuideachta don ARSSS i leith na bhfostaithe buana sin de chuid Aerfort na Sionainne, agus iad siúd amháin, a bhí ina mbaill de ARSSS an 31 Nollaig 2012 agus a d'aistrigh chuig an gCuideachta agus a bhí ina bhfostaithe sa Chuideachta ar an dáta sin.

Reodh ARSSS amhail an 31 Nollaig 2015. Scoir an Chuideachta de bheith ina fostóir rannpháirteach in ARSSS, ach d'aontaigh sí leanúint ar aghaidh ag íoc ranníocaíochtaí leis an ARSSS maidir le fostaithe buana Aerfort na Sionainne a bhí ina mbaill de ARSSS an 31 Nollaig 2012 má éilíonn agus nuair a éilíonn iontaobhaithe na scéime sin.

Socraíonn achtúire cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachála gach trí bliana.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí a mheastar a íocfar leis an bplean le linn na tréimhse bliantúla dar tosach i ndiaidh an dáta tuairiscithe (i) | **33** | 33 |

(i) Ba é €33,000 na ranníocaíochtaí iarbhír a íocadh in 2024. Táthar ag súil go n-íocfar ranníocaíocht €33,000 in 2025.

Rinne Mercer, an gnólacht neamhspleách achtúirí cáilithe gairmiúla, measúnú achtúireach ar an scéim an 31 Nollaig 2023 agus 2024, chun nochtaí CIC 19 ag deireadh na bliana a ullmhú. Sannadh an t-achtúire sócmhainní agus dliteanais na scéime agus gluaiseachtaí gaolmhara a bhaineann lena fostaithe don Chuideachta.





Gluaiseacht i nglandliteanas sochair shainithe

Léiríonn an tábla seo a leanas réiteach ar an iarmhéid tosaigh de réir an t-iarmhéid deiridh don ghlandliteanas sochair shainithe agus a chomhpháirteanna.

| | Oibleagáid sochair shainithe | | Luach cóir shócmhainní an phlean | | Glandliteanas sochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2024 €'000** | 2023 €'000 | **2024 €'000** | 2023 €'000 | **2024 €'000** | 2023 €'000 |
| Iarmhéid ag tús na bliana | **1,195** | 1,069 | **(1,047)** | (941) | **148** | 128 |
| ***Áirithe sa Bhrabús nó sa Chaillteanas*** | | | | | | |
| Toradh beartaithe ar shócmhainní an phlean | **-** | - | **(38)** | (39) | **(38)** | (39) |
| Costas úis | **43** | 44 | **-** | - | **43** | 44 |
| | **43** | 44 | **(38)** | (39) | **5** | 5 |
| ***Áirithe le hIoncam Cuimsitheach Eile*** | | | | | | |
| Caillteanas atomhais: | | | | | | |
| - Toradh ar shócmhainní an phlean | **-** | - | **(74)** | (95) | **(74)** | (95) |
| Achtúireach (gnóthachan)/caillteanas a eascraíonn as an éifeacht seo a leanas: | | | | | | |
| - athruithe ar bhoinn tuisceana dhéimeagrafacha | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| - athruithe ar bhonn tuisceana airgeadais | **(33)** | 121 | **-** | - | **(33)** | 121 |
| - coigeartuithe ó thaithí | **(10)** | 22 | **-** | - | **(10)** | 22 |
| | **(43)** | 143 | **(74)** | (95) | **(117)** | 48 |
| ***Eile*** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí an Fhostóra | **-** | - | **(33)** | (33) | **(33)** | (33) |
| Ranníocaíochtaí na mball | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| Sochair íoctha | **(5)** | (61) | **5** | 61 | **-** | - |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | **1,190** | 1,195 | **(1,187)** | (1,047) | **3** | 148 |

Sócmhainní an phlean

Cuimsítear na nithe seo a leanas le sócmhainní an Phlean:

| | **2024** | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Sócmhainní an phlean €'000** | **Céatadán shócmhainní an phlean - %** | Sócmhainní an phlean €'000 | Céatadán shócmhainní an phlean - % |
| Gnáthscaireanna | **249** | **21.0** | 231 | 22.1 |
| Bannaí | **811** | **68.3** | 695 | 66.4 |
| Airgead Tirim | **3** | **0.3** | 4 | 0.3 |
| Eile | **124** | **10.4** | 117 | 11.2 |
| | **1,187** | **100.0** | 1,047 | 100.0 |

Le forbairt a dhéanamh ar ráta brabúis fhadtéarmach ar shócmhainní an phlean d'fhéach an chuideachta ar leibhéal reatha an bhrabúis a bhfuiltear ag súil leis ar infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil an bhisigh riosca a shamhlaítear le haicmí eile sócmhainne mar a ndearna an phunann infheistíocht agus í ag tnúth le brabús sa todhchaí as gach aicme sócmhainne. Déanadh ualú ansin ar an mbrabús a bhfuiltear ag súil leis ar gach aicme sócmhainne bunaithe ar leithdháileadh sócmhainne na scéime, le forbairt a dhéanamh ar an ráta brabúis a bhfuiltear ag súil leis sa bhfadtéarma ar bhonn tuisceana sócmhainne don phunann.

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
## (AR LEAN)

### 24. SOCHAIR FOSTAITHE *(ar lean)*

Oibleagáid sochair shainithe

*Boinn tuisceana achtúireacha*

Déantar achoimre sa tábla seo a leanas ar na príomhthoimhdí a glacadh i leith na scéime le sochar sainithe. Socraíodh na boinn tuisceana, lena n-áirítear an ráta toraidh fadtéarmach ionchais ar shócmhainní, ar chomhairle ó achtúire na cuideachta.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **3.6%** | 3.6% |
| Ráta an bhoilscithe ar phraghsanna | **2.0%** | 2.3% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | **-** | - |

Tá an ráta lascaine 3.6% bunaithe ar Bhannaí Rátála Corparáideacha AA a mheastar a bheith cuí ar feadh ré dhliteanais na scéimeanna.

Tá na boinn tuisceana maidir le básmhaireacht amach anseo bunaithe ar staidreamh foilsithe agus ar tháblaí básmhaireachta. Ba iad seo a leanas an fad saoil reatha is bun le luachanna na hoibleagáide sochair shainithe ar an dáta tuairiscithe:

| | 2024<br>Blianta | 2023<br>Blianta |
|---|---|---|
| *Fad saoil 65 bliain d'aois do phinsinéirí reatha* | | |
| Fir | **22.6** | 22.6 |
| Mná | **24.4** | 24.3 |
| *Fad saoil 65 bliain d'aois do phinsinéirí reatha atá 45 bliain d'aois* | | |
| Fir | **24.4** | 24.3 |
| Mná | **26.2** | 26.1 |

*Anailís íogaireachta*

Bheadh tionchar ag athruithe féideartha ar an dáta tuairiscithe ar cheann de na boinn tuisceana achtúireacha ábhartha, agus boinn tuisceana eile á gcoinneáil seasta leo, ar an oibleagáid sochair shainithe de réir na méideanna a thaispeántar thíos.

| | 2024<br>€'000<br>Méadú/(laghdú) | 2023<br>€'000<br>Méadú/(laghdú) |
|---|---|---|
| Ráta lascaine – laghdú 0.25% *(2023: 0.25%)* | **63** | 66 |
| Boilsciú – méadú 0.25% *(2023: 0.25%)* | **28** | 31 |

*b) Scéimeanna le ranníocaíocht shainithe*

Tá roinnt scéimeanna inmheánacha pinsin le ranníocaíocht shainithe á bhfeidhmiú ag Grúpa na Sionainne cpt.

Rinne fochuideachta an Ghrúpa, Fiontair Thráchtála na Sionainne ("an Chuideachta") scéim pinsin le sochar sainithe neamhchistithe a fheidhmiú suas go dtí an dáta aistrithe chuig Grúpa na Sionainne cpt ar an 5 Meán Fómhair 2014. Suas go dtí an dáta sin, faoi shocrú leis an Státchiste, íocadh ranníocaíochtaí fostóra agus fostaithe leis an Státchiste agus d'aithin an Chuideachta sócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha arbh í an tsócmhainn atá le haisghabháil ón Státchiste i dtréimhsí amach anseo. D'aithin an Chuideachta dliteanas arbh é an t-easnamh maoiniúcháin d'arduithe pinsin iar-scoir freisin. De réir an Achta um Ghrúpa na Sionainne, rinneadh gach dliteanas, dualgas, oibleagáid agus maoiniú (lena n-áirítear méaduithe pinsin agus íocaíochtaí pinsin fhorlíontaigh) a tháinig chun cinn de bhua fheidhmiú na scéime a aistriú chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar dháta an aistrithe. Mar sin, do na blianta dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus 2023, tá cuntas tugtha ag an nGrúpa ar an scéim mar scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe.

Gearrtar íocaíochtaí a dhéantar leis na scéimeanna pinsin sin ar bhonn bliantúil sna ráitis airgeadais agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, ba é €1,364,000 *(2023: €1,258,000)* an costas iomlán aitheanta, agus bhí €121,000 de iníoctha ag deireadh na bliana *(2023: €117,000)*.

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
(AR LEAN)

## 25. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

**Tosca riosca airgeadais**
Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord Stiúrtha na Cuideachta as bunú agus maoirsiú pholasaí bainistíochta riosca an Ghrúpa. Tá an Bord Stiúrtha tar éis Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca a bhunú a bhfuil fhreagracht air maidir le forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chórais bhainistíochta riosca an Ghrúpa.

Tá córas bainistíochta riosca bunaithe ag an nGrúpa ar fud an ghrúpa lena chinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a thaifead agus a thuairisciú go rialta thar gach Aonad Gnó agus feidhm agus a dhéanann iarracht tionchar na rioscaí seo ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa a theorannú. Is é polasaí an Ghrúpa na rioscaí seo a bhainistiú ar bhealach neamh-amhantrach.

Fágann oibríochtaí an Ghrúpa neamhchosanta é ar rioscaí airgeadais éagsúla, a dtugtar cur síos thíos orthu. Cuireann an nóta seo faisnéis i láthair maidir le neamhchosaint an Ghrúpa ar na rioscaí seo agus a chuspóirí, a pholasaithe agus a nósanna imeachtaí le riosca a thomhas agus a bhainistiú. Áirítear tuilleadh nochtaí cainníochtúla ar fud an nóta seo.

**(a) Riosca creidmheasa**
Bíonn an Grúpa i mbun idirbheartaíochta airgeadais i ngnáthchúrsaí gnó le roinnt contrapháirtithe agus d'fhéadfadh cailliúint airgeadais a bheith i gceist dá dteipfeadh ar aon cheann de na contrapháirtithe seo nó go mbeadh loiceadh feidhmíochta ar a n-oibleagáidí faoi seach i gceist. Éiríonn riosca creidmheasa as creidmheas do chustaiméirí ag éirí as infhála gan íoc agus idirbhearta gan íoc chomh maith le hairgead tirim agus coibhéis airgid thirim, infheistíocht i mbannaí rialtais, cistí margaidh airgid agus taiscí le bainc agus institiúidí airgeadais. Tá taiscí an Ghrúpa á gcoimeád ag institiúid chreidmheasa amháin. D'infheistigh an Grúpa i roinnt bannaí rialtais de chuid na Gearmáine agus na hÉireann agus i gciste margaidh airgid. Déanann an bhainistíocht monatóireacht rialta ar neamhchosaint chontrapháirtithe agus tugtar tuairisc don Bhord de réir mar a bhíonn gá leis.

Léirítear le suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais, glan ar sholáthairtí bearnaithe, neamhchosaint uasta ar riosca chreidmheas an Ghrúpa. Tá an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa ag deireadh na bliana leagtha amach sa tábla thíos.

| | Suim ghlanluacha | |
|---|---|---|
| | **2024 €'000** | 2023 €'000 |
| **Grúpa** | | |
| Infháltais trádála (Nóta 16) | **2,345** | 2,676 |
| Suimeanna infhaighte eile agus sócmhainní conartha (Nóta 16) | **3,110** | 2,769 |
| Léas airgeadais infhaighte (Nóta 13) | **251** | 265 |
| Sócmhainní airgeadais eile (Nóta 18) | **59,117** | - |
| Airgead Tirim nó a choibhéis (Nóta 18) | **14,424** | 77,415 |
| **Iomlán** | **79,247** | 83,125 |
| **Cuideachta** | | |
| Infháltais trádála (Nóta 16) | **-** | 42 |
| Infháltais eile (Nóta 16) | **307** | 191 |
| Suimeanna atá dlite ó fhochuideachtaí (Nóta 16) | **383** | 297 |
| Airgead Tirim nó a choibhéis (Nóta 18) | **275** | 366 |
| **Iomlán** | **965** | 896 |

*Infháltais trádála*
Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa a bhaineann lena infháltais trádála bunaithe ar thaithí, cuntas teiste custaiméirí agus rátaí mainneachtana stairiúla. Is gnách go socraíonn custaiméirí teorainneacha riosca aonair agus ní ghlactar le riosca os cionn na dteorainneacha sin ach i gcúinsí sainithe amháin. Maolaítear neamhchosaintí ar riosca creidmheasa i ndáil le custaiméirí ad hoc, nuair is gá, trí úsáid a bhaint as réamhíocaíochtaí nó trí iarratas ar thaiscí.

Tá infháltais trádála an Ghrúpa ar fad ainmnithe in Euro. Ba é seo a leanas an neamhchosaint ar riosca creidmheasa maidir le trádáil agus infháltais de réir réigiún geografach na gcustaiméirí:

| | **2024 €'000** | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Oll-infháltais trádála** | | |
| Poblacht na hÉireann | **2,158** | 2,758 |
| An Ríocht Aontaithe | **396** | 396 |
| An chuid eile den domhan | **442** | 468 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **2,996** | 3,622 |

Ar an 31 Nollaig 2024, ba é seo a leanas an neamhchosaint ar riosca creidmheasa le haghaidh hinfháltais trádála de réir an

| | **2024 €'000** | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Custaiméirí aerloingseoireachta | **1,780** | 1,509 |
| Custaiméirí maoine tráchtála | **589** | 499 |
| Custaiméirí lamháltais agus cíosa an aerfoirt | **446** | 1,234 |
| Custaiméirí tráchtála eile | **181** | 380 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **2,996** | 3,622 |

Ní iompraítear ús ar infháltais trádála agus sonraítear iad glan maidir le lamháltais le haghaidh infháltais amhrasacha, ar a ndéantar anailís mar a leanas:

| | **2024 €'000** | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Caillteanas creidmheasa ionchais** | | |
| Ag tús na bliana | **946** | 1,298 |
| Suimeanna a cuireadh chun sochair do na costais oibriúcháin | **(280)** | (314) |
| Infháltais trádála díscríofa | **(15)** | (38) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **651** | 946 |
| **Glan-infháltais trádála (Nóta 16)** | **2,345** | 2,676 |

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
(AR LEAN)

## 25. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS *(ar lean)*

### (a) Riosca creidmheasa *(ar lean)*

Soláthraítear sa tábla seo a leanas anailís aosaithe ar infháltais trádála an Ghrúpa:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Laistigh de théarmaí creidmheasa | **1,021** | 731 |
| 0-30 lá thar téarma | **593** | 1,376 |
| 31-60 lá thar téarma | **458** | 278 |
| 61-90 lá thar téarma | **204** | 48 |
| Níos mó ná 90 lá thar téarma | **720** | 1,189 |
| **Iomlán** | **2,996** | 3,622 |

*Measúnú ar chaillteanas creidmheasa ionchais do chustaiméirí aonair amhail an 31 Nollaig 2024*

Ag gach dáta tuairiscithe, déanann an Grúpa measúnú ar in-aisghabhálacht na suimeanna infhaighte trádála agus taifeadann sé lamháltais suimeanna infhaighte amhrasacha bunaithe ar thaithí.

Úsáideann an Grúpa maitrís lamháltais chun an caillteanas creidmheasa ionchais ó infháltais trádála ó chustaiméirí aonair a thomhas. Ríomhtar rátaí caillteanais trí úsáid a bhaint as modh 'ráta rollta' bunaithe ar an dóchúlacht go rachaidh infháltas ar aghaidh trí chéimeanna leanúnacha neamh-aisghabhála díscríofa.

| | Meán-ráta ualaithe caillteanais | Ollmhéid glanluacha €'000 | Lamháltas caillteanais €'000 | Caillteanais- bearnaithe €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Laistigh de théarmaí creidmheasa | **2.4%** | **1,021** | **(25)** | **996** |
| 0-30 lá thar téarma | **5.6%** | **593** | **(33)** | **560** |
| 31-60 lá thar téarma | **18.8%** | **458** | **(86)** | **372** |
| 61-90 lá thar téarma | **19.6%** | **204** | **(40)** | **164** |
| Níos mó ná 90 lá thar téarma | **64.9%** | **720** | **(467)** | **253** |
| **Iomlán** | | **2,996** | **(651)** | **2,345** |

Tá rátaí caillteanais bunaithe ar shonraí stairiúla ó chaillteanais creidmheasa ó thaithí. Cuirtear san áireamh ann freisin dearcadh an Ghrúpa ar dhálaí eacnamaíocha thar shaolré ionchais na n-infháltas.

*Measúnú ar chaillteanas creidmheasa ionchais do chustaiméirí aonair amhail an 31 Nollaig 2023*

| | Meán-ráta ualaithe caillteanais | Ollmhéid glanluacha €'000 | Lamháltas caillteanais €'000 | Caillteanais- bearnaithe €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Laistigh de théarmaí creidmheasa | 4.0% | 731 | (29) | 702 |
| 0-30 lá thar téarma | 6.5% | 1,376 | (89) | 1,287 |
| 31-60 lá thar téarma | 19.8% | 278 | (55) | 223 |
| 61-90 lá thar téarma | 14.6% | 48 | (7) | 41 |
| Níos mó ná 90 lá thar téarma | 64.4% | 1,189 | (766) | 423 |
| **Iomlán** | | 3,622 | (946) | 2,676 |



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla | 2024

*Léas airgeadais infhaighte*

Eascraíonn an riosca creidmheasa maidir leis an léas airgeadais infhaighte le contrapháirtí amháin. Níl an t-iarmhéid thar téarma nó níl sé bearnaithe. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa sin bunaithe ar thaithí agus ar chuntas teiste íocaíochta an chustaiméara.

*Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*

Infheistítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ("taiscí airgid") le hinstitiúidí, ar bhreithnigh an lucht bainistíochta a rátáil chreidmheasa ina leith.

Maidir le taiscí airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta, ba é Baa3 nó os cionn sin rátáil creidmheasa na hinstitiúide inar cuireadh airgead i dtaisce ag deireadh na bliana bunaithe ar rátálacha Moodys (2023: Baa3 nó os a chionn). Measann an Grúpa go bhfuil riosca creidmheasa íseal ag baint lena chuid airgid thirim agus lena choibhéisí airgid bunaithe ar rátálacha creidmheasa seachtracha na gcontrapháirtithe. Tá an caillteanas creidmheasa ionchais níos lú ná €1,000.

*Sócmhainní airgeadais*

Bhí rátáil chreidmheasa AA nó níos airde ag na bannaí rialtais arna sealbhú ag an nGrúpa ag deireadh na bliana, bunaithe ar rátálacha Fitch. Coinnítear infheistíocht an Ghrúpa i gciste margaidh airgid i gciste le rátáil AA, bunaithe ar rátálacha Fitch.

Measann an Grúpa go bhfuil riosca creidmheasa íseal ag baint lena chuid sócmhainní airgeadais bunaithe ar rátálacha creidmheasa seachtracha na gcontrapháirtithe.

### (b) Riosca leachtachta

Is éard is riosca leachtachta ann ná an riosca go mbeidh deacracht ag an nGrúpa a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir lena dhliteanais airgeadais a shocraítear trí airgead tirim nó sócmhainn airgeadais eile a sheachadadh. Is é cur chuige an Ghrúpa maidir le leachtacht a bhainistiú a chinntiú, a mhéid is féidir, go mbeidh dóthain leachtachta aige i gcónaí lena dhliteanais a chomhlíonadh nuair a bheidh siad dlite, faoi ghnáthdhálaí agus faoi dhálaí struis, gan caillteanais neamh-inghlactha a thabhú nó dochar a dhéanamh do chlú an Ghrúpa.

Is é airgead tirim a ghineann an gnó an phríomhfhoinse mhaoiniúcháin atá ar fáil don Ghrúpa. Tá iasachtaí bainc fadtéarmacha faighte ag fochuideachtaí an Ghrúpa, Aerfort na Sionainne agus Fiontair Thráchtála na Sionainne lena gcláir caiteachais chaipitiúil a mhaoiniú i bpáirt (Nóta 23). Glactar cur chuige stuama maidir le leachtacht a bhainistiú lena n-áirítear riachtanais infheistíochta shuntasacha a mhaoiniú. Tá a inghlacthacht riosca maidir le hinfheistíochtaí tráchtála socraithe ag an nGrúpa agus tá leibhéil lamháltais airgeadais socraithe dá réir sin.

Tá airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile an Ghrúpa ríthábhachtach chun Plean Straitéiseach an Ghrúpa a bhaint amach. Tá straitéis cistíochta i bhfeidhm chun an toradh gearrthéarmach ar chúlchistí airgid an Ghrúpa a uasmhéadú. D'infheistigh an Grúpa i gciste margaidh airgid agus cheannaigh sé roinnt bannaí rialtais lena mbaineann aibíochtaí céimnithe (Nóta 18).

Feidhmíonn an Grúpa córais láidre rialaithe gnó agus airgeadais le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid oibriúcháin agus ar staid an airgid ar láimh, comharthaíocht luath maidir le himeacht ábhartha ón bplean agus déanann sé athbhreithnithe lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht ar bun sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.

Tá a dhóthain acmhainní maoiniúcháin ar fáil ag an nGrúpa chun freastal ar na riachtanais ghearrthéarmacha um maoiniú a thuartar dá oibríochtaí agus dá chlár infheistíochta caipitil. Tá áis rótharraingte dar luach €5 mhilliún ar fáil chun freastal ar riachtanais caipitil oibre ghearrthéarmacha. Ag eascairt as é sin, tá urrús ag an mbanc ar shócmhainní áirithe an Ghrúpa (Nóta 11). Úsáideadh an tsaoráid rótharraingthe le linn 2024. Níor úsáideadh an rótharraingt in 2023.

Tá plean rollach cúig bliana ullmhaithe ag an nGrúpa. Beidh iasachtaí seachtracha breise de dhíth chun clár caipitil an Ghrúpa a chur chun feidhme.

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
## (AR LEAN)

### 25. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS *(ar lean)*

**(b) Riosca leachtachta *(ar lean)***

Is iad seo a leanas na haibíochtaí conarthacha atá fágtha de na dliteanais airgeadais ar an dáta tuairiscithe. Tá na méideanna comhlán agus neamhlascainithe.

| | | | Sreafaí airgid conarthacha | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Suim ghlanluacha €'000 | Iomlán na sreafaí airgid conarthacha €'000 | 3 mhí nó níos lú €'000 | 3-12 mhí €'000 | 1-2 bhliain €'000 | Níos mó ná 2 bhliain €'000 |
| **31 Nollaig 2024** | | | | | | |
| *Dliteanais airgeadais neamh-dhíorthaigh* | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **16,104** | **16,104** | **16,104** | **-** | **-** | **-** |
| Iasachtaí bainc urraithe | **10,498** | **11,806** | **459** | **1,766** | **2,696** | **6,885** |
| **Iomlán** | **26,602** | **27,910** | **16,563** | **1,766** | **2,696** | **6,885** |

| | | | Sreafaí airgid conarthacha | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Suim ghlanluacha €'000 | Iomlán na sreafaí airgid conarthacha €'000 | 3 mhí nó níos lú €'000 | 3-12 mhí €'000 | 1-2 bhliain €'000 | Níos mó ná 2 bhliain €'000 |
| **31 Nollaig 2023** | | | | | | |
| *Dliteanais airgeadais neamh-dhíorthaigh* | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 15,562 | 15,562 | 15,562 | - | - | - |
| Iasachtaí bainc urraithe | 24,248 | 29,282 | 523 | 2,942 | 3,001 | 22,816 |
| **Iomlán** | 39,810 | 44,844 | 16,085 | 2,942 | 3,001 | 22,816 |

*Athruithe ar dhliteanais a eascraíonn as gníomhaíochtaí maoiniúcháin*

| | 1 Eanáir 2024 €'000 | Sreafaí airgid €'000 | Eile €'000 | 31 Nollaig 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí bainc urraithe | 24,248 | (13,771) | 21 | 10,498 |
| **Iomlán** | **24,248** | **(13,771)** | **21** | **10,498** |

| | 1 Eanáir 2023 €'000 | Sreafaí airgid €'000 | Eile €'000 | 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí bainc urraithe | 26,905 | (2,731) | 74 | 24,248 |
| Dliteanas léasa | 202 | (184) | (18) | - |
| **Iomlán** | 27,107 | (2,915) | 56 | 24,248 |





**(c) Riosca margaidh**

Is éard is riosca margaidh ann ná an riosca go mbeidh tionchar ag athruithe ar phraghsanna an mhargaidh, amhail rátaí malairte eachtraí agus rátaí úis ar ioncam an Ghrúpa.

*(i) Riosca ráta úis*

Níl an Grúpa neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a iasachtaí bainc urraithe nó ar infheistíochtaí i mbannaí rialtais, mar gheall go bhfuil an ráta úis socraithe do théarma na n-iasachtaí agus na n-infheistíochtaí sin. Tarraingítear ús ar rátaí ar infheistíochtaí airgid agus margaidh airgid an Ghrúpa (Nóta 18). Bheadh méadú/(laghdú) de €0.2 milliún ar bhrabús/caillteanas *(2023: €0.8 milliún)* mar thoradh ar mhéadú nó laghdú 1% ar rátaí úis.

*(ii) Riosca malairte eachtraí*

Níl an Grúpa neamhchosanta go hábhartha ar riosca malairte eachtraí toisc go bhfuil gach idirbheart agus ionstraim airgeadais ábhartha in Euro (airgeadra feidhmiúil an Ghrúpa). Ní bheadh tionchar suntasach ag aon neartú nó lagú ar an Euro in aghaidh airgeadraí eile ar bhrabús/caillteanas nó ar ioncam cuimsitheach eile.

*(iii) Riosca praghais eile*

Níl an Grúpa neamhchosanta ar riosca praghais urrúis cothromais nó tráchtearraí mar níl infheistíochtaí cothromais ar bith aige.

Bainistíocht caipitil

Chun críche bhainistíocht chaipitil an Ghrúpa, áirítear le caipiteal scairchaipiteal eisithe, an cúlchiste ranníocaíochta caipitil agus gach cúlchiste cothromais eile atá inchurtha i leith shealbhóirí cothromais na máthairchuideachta. Is iad cuspóirí an Ghrúpa agus caipiteal á bhainistiú acu cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a chosaint chun torthaí a sholáthar do scairshealbhóirí agus chun struchtúr caipitil optamach a choinneáil ar bun.

Tomhas, catagóiriú agus meastachán ar luach cóir maidir le hionstraimí airgeadais

Léirítear sa tábla seo a leanas aicmiú shócmhainní agus dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

| | Costas Amúchta €'000 | Luach Cóir de réir Brabúis nó Caillteanais €'000 | Dliteanais ar chostas amúchta €'000 | Luach tugtha anonn €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | |
| **31 Nollaig 2024** | | | | |
| Léas airgeadais infhaighte | **251** | **-** | **-** | **251** |
| Fháltais Trádála agus fáltais eile | **5,455** | **-** | **-** | **5,455** |
| Sócmhainní airgeadais eile | **49,127** | **9,990** | **-** | **59,117** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **14,425** | **-** | **-** | **14,425** |
| **Iomlán** | **69,258** | **9,990** | **-** | **79,248** |
| | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **-** | **-** | **16,104** | **16,104** |
| Iasachtaí bainc urraithe | **-** | **-** | **10,498** | **10,498** |
| **Iomlán** | **-** | **-** | **26,602** | **26,602** |

| | Costas Amúchta €'000 | Luach Cóir de réir Brabúis nó Caillteanais €'000 | Dliteanais ar chostas amúchta €'000 | Luach tugtha anonn €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2023** | | | | |
| Léas airgeadais infhaighte | 265 | - | - | 265 |
| Fháltais Trádála agus fáltais eile | 5,445 | - | - | 5,445 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 77,415 | - | - | 77,415 |
| **Iomlán** | 83,125 | - | - | 83,125 |
| | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | - | - | 15,562 | 15,562 |
| Iasacht bhainc urraithe | - | - | 24,248 | 24,248 |
| **Iomlán** | - | - | 39,810 | 39,810 |

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
(AR LEAN)

## 25. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS *(ar lean)*

### (c) Riosca margaidh *(ar lean)*

| | Costas Amúchta €'000 | Luach Cóir de réir Brabúis nó Caillteanais €'000 | Dliteanais ar chostas amúchta €'000 | Luach tugtha anonn €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Cuideachta** | | | | |
| **31 Nollaig 2024** | | | | |
| Fháltais Trádála agus fáltais eile | **690** | **-** | **-** | **690** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **275** | **-** | **-** | **275** |
| **Iomlán** | **965** | **-** | **-** | **965** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **-** | **-** | **(1,060)** | **(1,060)** |
| **Iomlán** | **-** | **-** | **(1,060)** | **(1,060)** |

| | Costas Amúchta €'000 | Luach Cóir de réir Brabúis nó Caillteanais €'000 | Dliteanais ar chostas amúchta €'000 | Luach tugtha anonn €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2023** | | | | |
| Fháltais Trádála agus fáltais eile | 530 | - | - | 530 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 366 | - | - | 366 |
| **Iomlán** | 896 | - | - | 896 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | - | - | (935) | (935) |
| **Iomlán** | - | - | (935) | (935) |

Bhain an Grúpa leas as an díolúine faoi IFRS 7 "Ionstraimí Airgeadais: Nochtadh" ar nochtuithe breise a sholáthar sa chás go bhfuil luach tugtha anonn an chostais amúchta gar don luach cóir.

Cé is moite de léasanna airgeadais infhaighte, is ionann suim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais thuas agus neasluach cóir.

### Tomhas ar luach cóir

Ordlathas maidir le Luach Cóir

Úsáideann an Grúpa an t-ordlathas seo a leanas le luach cóir na n-ionstraimí airgeadais a shocrú agus a nochtadh trí mhodh luachála.

- Leibhéal 1: praghsanna luaite (coigeartaithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní nó dliteanais chomhionann.
- Leibhéal 2: ionchur seachas praghsanna luaite áirithe i Leibhéal 1 atá inbhraite don sócmhainn nó don dliteanas, go díreach (mar phraghsanna) nó go hindíreach (díorthaithe ó phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchur don sócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite an mhargaidh (ionchur neamh-inbhraite).

Leagtha amach thíos tá na mórmhodhanna agus na toimhdí a úsáideadh agus luach cóir á mheas do na sócmhainní airgeadais agus do na dliteanais atá nochta sa tábla ina dhiaidh seo.

*Sócmhainní airgeadais – cistí margaidh airgid*

Tomhaistear cistí margaidh airgid ag luach cóir bunaithe ar phraghsanna luaite na sócmhainní comhionanna i margadh gníomhach (Leibhéal 1).

*Léasanna airgeadais infhaighte – níl tomhaiste ag luach cóir sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais*

Tá luach cóir bunaithe ar luach reatha shreabhadh airgid sa todhchaí lascainithe ag rátaí an mhargaidh.



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla | 2024

## 26. LÉASANNA

### (a) Léasanna mar léasóir

Ghlac an Grúpa roinnt aonaid mhiondíola ar léas ag láithreáin Oidhreachta agus trealamh TF áirithe. Cuirtear faisnéis faoi léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasaí ina leith i láthair thíos.

*(i) Sócmhainní lena ngabhann an ceart úsáide sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais*

Cuireadh sócmhainní lena ngabhann an ceart úsáide a bhaineann le maoin léasa nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar mhaoin infheistíochta i láthair mar mhír líne ar leith sa ráiteas ar an staid airgeadais:

| | Foirgnimh Thurasóireachta €'000 | Gléasra, Daingneáin agus Feistis €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir 2023 | - | 217 | 217 |
| Breiseanna | - | - | - |
| Táille dímheasa don bhliain | - | (198) | (198) |
| Dí-aithint sócmhainne lena ngabhann cearta úsáide | - | (19) | (19) |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2023** | - | - | - |

*(ii) Suimeanna atá tuairiscithe sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach*

Aithníodh an méid seo a leanas sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach a raibh an Grúpa ina léasaí ina leith don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023:

| | 2023 €'000 |
|---|---|
| Costas úis ar dhliteanais léasa | - |

*(iii) Suimeanna atá tuairiscithe sa ráiteas comhdhlúite sreabhadh airgid*

| | 2023 €'000 |
|---|---|
| Eis-sreabhadh airgid iomlán le haghaidh léasanna | 184 |

### (b) Léasanna mar léasóirí

Ligean an Grúpa a gcuid réadmhaoine infheistíochta amach ar cíos (féach Nóta 12). Le linn na bliana, d'aithin an Grúpa €12,770,000 *(2023: €12,228,000)* mar ioncam cíosa. Sa tábla ag seo a leanas tá anailís aibíochta ar íocaíochtaí léasa atá le fáil leagtha amach, agus na híocaíochtaí léasa neamh-lascainithe atá le fáil tar éis an dáta tuairiscithe léirithe ann:

| | **2024 €'000** | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Léasanna oibriúcháin** | | |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | **12,013** | 11,382 |
| Idir aon bhliain amháin agus dhá bhliain | **9,036** | 8,680 |
| Idir dhá bhliain agus trí bliana | **8,171** | 6,773 |
| Idir trí bliana agus ceithre bliana | **6,637** | 5,744 |
| Idir cheithre bliana agus cúig bliana | **2,870** | 4,287 |
| Breis is cúig bliana | **17,057** | 7,435 |
| **Iomlán** | **55,784** | 44,301 |

# NÓTAÍ DON RÁITEAS AIRGEADAIS
## (AR LEAN)

### 27. FAISNÉIS A NOCHTADH MAIDIR LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

**(a) idirbhearta ó pháirtithe gaolmhara**

**Grúpa**
Is é an Rialtas úinéir tairbhiúil agus páirtí rialaithe an Ghrúpa i ndeireadh thiar. Mar aon le mórán aonán eile, déanann an Grúpa déileáil leis an Rialtas i ngnáthchúrsaí gnó agus le comhlachtaí stáit agus aonáin eile atá faoi úinéireacht, rialú nó tionchar suntasach an Rialtais. Baineann an déileáil sin le réimse leathan aonán ar a n-áirítear an rialtas láir, údaráis áitiúla, cuideachtaí stáit tráchtála agus neamhthráchtála agus institiúidí airgeadais. Tá roinnt sócmhainní atá faoi sheilbh fhochuideachta de chuid an Ghrúpa, CGA Údarás Aerfort na Sionainne, atá ligthe ar léas le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh de réir prionsabail an fheidhmithe neamhspleách. Tá Grúpa na Sionainne cpt agus Ollscoil na Gaillimhe araon faoi chomhrialú an Stáit.

Tá idirbhearta idir fhochuideachtaí an Ghrúpa, ar pháirtithe gaolmhara iad, curtha as an áireamh sa chomhdhlúthú agus ní thugtar faisnéis sa nóta seo orthu.

Ní raibh aon idirbhearta ó pháirtithe gaolmhara le linn 2023 nó 2024.

**Cuideachta**
Baineann na hidirbhearta go léir idir an Chuideachta agus a cuid fochuideachtaí a tharla le linn na tréimhse airgeadais go príomha le hathmhuirearú na gcostas oibriúcháin.

**(b) Cúiteamh an lucht bainistíochta lárnaí**
Áirítear ar an bpríomhlucht bainistíochta baill de Choiste Feidhmiúcháin an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó atá le híoc leis an bpríomhlucht bainistíochta as seirbhísí mar fhostaí:

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Tuarastail agus sochair fostaí eile atá gearrthéarmach (an leas sóisialach san áireamh) | **902** | 887 |
| Sochair iarfhostaíochta | **111** | 110 |
| | **1,013** | 997 |

**Cuideachta**
Tá roinnt de na comhaltaí de chuid fhoireann Feidhmiúcháin an Ghrúpa atá fostaithe ag an gCuideachta. Is iad fochuideachtaí de chuid an Ghrúpa a íocann as cuid den chúiteamh do na fostaithe siúd agus as cuid de luach saothair stiúrthóirí na Cuideachta.





### 28. GEALLTANAIS AGUS TEAGMHAIS

**Gealltanais chaipitil agus gealltanais eile**
Meastar gurb é €8,311,367 *(2023: €3,287,000)* luach na hoibre caipitil nár críochnaíodh an 31 Nollaig 2024 faoi chonarthaí arna ndéanamh ag an nGrúpa.

Bhí cúnamh deontais de €1,782,564 ann a fuarthas ón Roinn Iompair faoi Chlár Inbhuanaitheachta na nAerfort Stáit Réigiúnach chun na gealltanais chaipitil sin a mhaoiniú i bpáirt *(2023: Nialas).* Tá cumas an Ghrúpa chun tráthchodanna den chúnamh deontais tiomanta a fháil amach anseo go gcomhlíonfaidh Aerfort na Sionainne na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme ag gach dáta íocaíochta amach anseo.

### 29. IMEACHTAÍ INA DHIAIDH SIN

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha a raibh tionchar acu ar an nGrúpa i ndiaidh dheireadh na bliana.

### 30. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 20 Márta 2025.

# EOLAS GINEARÁLTA GNÓ

| | |
|---|---|
| **STIÚRTHÓIRÍ** | Conal Henry (Cathaoirleach)<br>Mary Considine (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)<br>Audrey Costelloe<br>Aisling Curtis<br>Alan Donohue<br>Tom Kelly<br>Ambrose Loughlin<br>Stephen Rae |
| **RÚNAÍ NA CUIDEACHTA** | Rachael Leahy |
| **OIFIG CHLÁRAITHE** | Aerfort na Sionainne<br>An tSionainn<br>Co. an Chláir |
| **INIÚCHÓIR** | Ernst & Young<br>Cuntasóirí Cairte<br>Teach Hibernian<br>45 An Fhaiche Mhór<br>Gaillimh |
| **BAINCÉIRÍ** | Banc na hÉireann<br>Eastát Tionscail na Sionainne<br>An tSionainn<br>Co. an Chláir |
| **UIMHIR CHLÁRAITHE** | 548847 |



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla | 2024



AN GRÚPA AERFORT NA
**Sionainne**

THE
**Shannon**
AIRPORT GROUP

## BLIAIN INAR BUADH DUAISEANNA



# BLIAIN INAR BUADH DUAISEANNA

Ba bhliain eile í 2024 inar bhuaigh an Grúpa duaiseanna, go háirithe i réimse na seirbhíse do chustaiméirí agus sármhaitheas. Léirítear leis na duaiseanna a bhuamar le linn na bliana an fáth gurb é Aerfort na Sionainne an t-aerfort is fearr in Éirinn.

**Thánagamar sa chéad áit sa chatagóir taistil agus sa cheathrú háit ar an iomlán maidir le sármhaitheas maidir le heispéireas an chustaiméara i dTuarascáil um Léargas ar Eispéireas Custaiméirí na hÉireann (CXi). Choinníomar ár stádas mar an branda aerfoirt is fearr sa tír de réir Innéacs Freagartha Branda RED C (BRII) Éire 2024.**



## AN FHOIREANN CX IS FEARR

**Bhain an t-aerfort barr feabhais amach ag na Gradaim náisiúnta um Eispéireas an Chustaiméara, agus bhuaigh sé an gradam don Fhoireann CX is Fearr sa chatagóir iompair don dara bliain as a chéile.**

Sa phictiúr (C-D) tá Trevor Curran, Pamela Brooks agus Pat O'Brien ó Ghrúpa Aerfort na Sionainne.







## GNÓTHACHTÁIL UM FHÓCAS AR CHUSTAIMÉIRÍ

**Tharraing an t-aerfort cáil air féin freisin nuair a bhuaigh sé an Gradam Gnóthachtála um Fhócas ar Chustaiméirí Eitlíochta ag Gradaim iomráiteacha an Tionscail Eitlíochta.**

Sa phictiúr tá foireann Ghrúpa Aerfort na Sionainne (C-D) Ian McGill, Paul Hennessy Pat O'Brien, Clare Corry, Mark Browne, Pamela Brooks, Trevor Curran, Pat Foley, Emily Brown agus Niall Kearns.




## TIONSCNAMH COMHFHORBARTHA ÁITE NA

**Bhuaigh an Grúpa gradam do Thionscnamh um Chomhfhorbairt Áite na Bliana ag na Gradaim Náisiúnta Maoine do thionscnaimh ar fud Champas na Sionainne.**

Sa phictiúr leis an ngradam tá baill foirne (C-D) Paul Whelan, Grainne McInerney, Gerry Dillon, Vanessa McTigue agus Deirdre Whitney.

# AERFORT NA Samhradh 2025




Discover More

AN GRÚPA AERFORT NA
Sionainne

THE
Shannon
AIRPORT GROUP

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS BHLIANTÚLA 2024

www.snnairportgroup.ie